www.gaelsceal.ie

Ag cónaí ar imeall na hEorpa, ar imeall na tíre, agus in 'outpost' beag i nDún na nGall

L. 16

Fáilte don éan: An Snag Darach fillte ar Éirinn

L. 14

28>
ISSN 2009-3055
9 772009 305004

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

15.07.2011

€1.65 (£1.50)
Uimh.28

Éire caite sa bhosca bruscair?

Treasa Bhreathnach

TAR éis don chomhlacht grádaithe 'Moody's' stádas na hÉireann a ísliú go dtí stádas dramhaíola nó 'junk status' an tseachtain seo, foilsíodh inné go bhfuil Éire tar éis a gcuid spriocanna i leith an phacáiste tarrthála eacnamaíochta a chomhlíonadh. Deir an tAire Airgeadais, Michael Noonan, "Tá muid tar éis ar spriocanna fioscacha a chomhlíonadh, ár spriocanna baincéireachta, agus ár spriocanna leasuithe struchtúrtha."

D'fhógair 'Moody's' inné go bhfuil siad tar éis an grádú d'fhiacha le geallúintí an rialtais a ísliú chomh maith. Is iad, AIB, BOI, Anglo Irish, Irish Life Permanent, agus EBS Building Society, na cúig eagraíocht anois a deir siad a bhfuil, 'dearcadh diúltach' acu.

Rinne Uachtarán Choimisiún na hEorpa, José Manuel Barroso, cáineadh ar an gcinneadh chun stádas na hÉireann a ísliú go dtí stádas dramhaíola agus é ag rá go raibh an cinneadh, 'dothuigthe'. Ní hé seo an chéad uair atá an tUachtarán tar éis cáineadh a dhéanamh ar chinntí an chomhlachta 'Moody's'; nuair a rinne siad ísliú ar ghrádú na Portaingéile go stádas dramhaíola, dúirt sé nach raibh an cinneadh, 'cabhrach ná ag teastáil'. Tá ceisteanna á gcur aige faoin gcomhlacht féin agus na hamanna a fhoilsíonn siad a gcuid cinntí grádaithe.

Tháinig an grádú seo lá amháin sular fhoilsigh iasachtóirí na hÉireann a dtuarascáil ráithiúil inné agus iad ag déanamh measúnachta ar cé acu atá Éire ag cloí le téarmaí an phacáiste tarrthála eacnamaíocht nó nach bhfuil. Is iad na hiasachtóirí sin ná, an tAontas Eorpach, an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF), agus an Banc Ceannais Eorpach (ECB). Aontaíodh an pacáiste tarrthála ar fiú €67.5 billiún é i mí na Samhna seo caite. Tá tuilleadh brú á chur anois do chomhlacht grádaithe creidmheasa san Eoraip.

Dar leis an Taoiseach Enda Kenny, caithfidh na baill uile i limistéar an euro comhoibriú lena chéile chun dul i ngleic leis an ngéarchéim. Dar le 'Moody's' go mbeidh tionchar diúltach ag na céimeanna atá beartaithe ag an Aontas Eorpach don Ghréig ar Éirinn. Ciallaíonn an stádas dramhaíola seo go gcreideann 'Moody's' go bhfuil seans ann go mbeidh ar Éirinn loiceadh a dhéanamh ar roinnt dá gcuid fiacha agus b'fhéidir go mbeidh orainn pacáiste tarrthála sa bhreis a fháil ón Eoraip. Fógraíodh an tseachtain seo chomh maith go raibh fiacha de €1.8 trilliún ar an Iodáil agus tá imní leanúnach faoi eacnamaíocht na Spáinne.

Dlíthe nua chun deireadh a chur le cosaint na mboscaí faoistine do mhí-úsáideoirí gnéis

An Tánaiste Eamon Gilmore ag caint leis na meáin i ndiaidh gur bhuail sé le Nuinteas an Phápa Giuseppe Leanza i mBaile Átha Cliath inné. Bhí cruinniú acu faoin fhianaise i Tuarascáil Chluana faoin eaglais agus mí-úsáid ghéis sa Deoise ó 1996. GRIANGHRAF: SAM BOAL/PHOTOCALL IRELAND

Treasa Bhreathnach

NÍ bheidh na boscaí faoistine ina gcosaint a thuilleadh do shagairt a chloiseann faoi mhí-úsáid ghnéis i bhfaoistin agus a dhéanann cinneadh gan an fhaisnéis sin a thabhairt do na Gardaí. Tagann na dlíthe nua seo mar thoradh ar 'Thuarascáil Chluana' a foilsíodh Dé Céadaoin. Tuarascáil 421 leathanach ar fhad atá i gceist a fhiosraíonn mí-úsáid ghnéis de chuid na cléire i gcás 19 sagart idir 1996 agus 2008 i nDeoise Chluana.

D'fhógair an tAire Dlí agus Cirt, Alan Shatter, an tseachtain seo go mbeidh sé ina chion coiriúil amach anseo, má choinníonn aon duine eolas faoi cheilt faoi choireanna tromchúiseacha i gcoinne páistí.

Beidh an baol ann do shagairt go ngearrfar pionós de chúig bliana sa phríosún orthu mura dtugann siad faisnéis do na Gardaí má insítear dóibh faoi chásanna mí-úsáid ghnéis. Tá baol eile ann do shagairt faoi rialacha na heaglaise, go gcaithfear amach as an eaglais iad má scaoileann siad le haon eolas a insítear dóibh sa bhosca faoistine.

D'fhéadfadh na dlíthe úra seo fadhbanna a chruthú do dhochtúirí agus do dhlíodóirí chomh maith mar go mbíonn orthu comhráití a bhíonn acu le hothar nó le cliant a choinneáil faoi rún. Tá súil go bhfoilseofar an reachtaíocht nua san fhómhar.

Tháinig sé chun solais i dTuarascáil Chluana nár cuireadh na Gardaí ar an eolas faoi líomhaintí mí-úsáid ghnéis i gcoinne na cléire.

Dúirt an tEaspag Magee ag an am le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) go raibh na Gardaí á gcur ar an eolas faoi aon líomhaintí mí-úsáid ghnéis, ach ní raibh i roinnt mhaith cásanna.

Ar lean ar leathanach 2

IDIRNÁISIÚNTA

"Tabhair aitheantas do mhuintir an Choirn" – páirtithe polaitiúla

BA cheart aitheantas oifigiúil mar mhionlach a thabhairt do phobal Chorn na Breataine, de réir tuarascála nua a cuireadh chuig Comhairle na hEorpa. Tugann na páirtithe polaitiúla ar fad sa dúiche tacaíocht don tuarascáil, an Páirtí Coimeádach san áireamh.

Tá seasamh rialtas na Breataine i leith Chorn na Breataine neamhréireach. Sa daonáireamh, aithnítear féiniúlacht ach ní aithníonn an Ríocht Aontaithe an pobal mar mhionlach.

Ba í 2001 an bhliain dheireanach mar a raibh figiúirí ar fáil. Dúirt 34,000 i gCorn na Breataine gur Cornaigh a bhí iontu, agus 3,500 taobh amuigh. Luaitear dhá shuirbhé eile sa tuarascáil. Dheimhnigh siad go bhfuil idir 129,000 agus 200,000 a thugann Cornaigh orthu féin.

Tá teanga ann, agus athbheochan ar siúl. Dar leis an tuarascáil go bhfuil ar a laghad 300 cainteoir líofa ann. Tá idir 4,000 agus 5,000 go bhfuil Coirnis de chineál éigin acu. Tagann 80% de logainmneacha sa dúiche ón gCoirnis.

Cuid den fhéiniúlacht is ea traidisiúin. Déantear Lá Fhéile Piran a cheiliúradh an 5 Márta. Tá spóirt dhúchasacha ann - iomrascáil Chornach, agus Hyrlîan (cluiche atá cosúil leis an iománaíocht). Tá 40% de scoileanna páirteach i gclár le heolas ar an bhféiniúlacht a mhéadú. Luann an tuarascáil imreoir rugbaí ar fhoireann Fhidsí, Josh Matavesi, a rugadh i gCorn na Breataine: "Ní mhothaím gur Sasanach mé. Mothaím gur Cornach mé."

NUACHT NÁISIÚNTA

Dlíthe nua chun deireadh a chur le cosaint na mboscaí faoistine do mhí-úsáideoirí gnéis

Ar lean ó leathanach a haon

Níor tugadh faisnéis do na Gardaí i gcás dhá thrian de na líomhaintí a rinneadh idir 1996 agus 2008. Bhí 15 cás idir 1996 agus 2005 'a raibh sé soiléir' gur cheart faisnéis a bheith tugtha do na Gardaí fúthu agus, i naoi gcinn de na cásanna sin, níor tharla sé sin.

Leagadh síos treoirlínte d'eaglais na tíre chun déileáil le cásanna mí-úsáid ghnéis ag Comhdháil Easpag Caitliceach Éireann in 1996. Deirtear sa tuarascáil nach raibh treoirlínte na heaglaise i leith cásanna mí-úsáid ghnéis á gcur i bhfeidhm ag an Easpag John Magee, easpag Dheoise Chluana. Dar le Tuarascáil Chluana is leis an iar-Easpag John Magee a luíonn an fhreagracht nár cuireadh na treoirlínte a bhí leagtha síos i bhfeidhm.

Ní raibh aon suim ag an Easpag Magee i mbainistíocht na gcásanna mí-úsáid ghnéis go dtí 2008, ba é sin 12 bliain tar éis go raibh cur chuige ar líomhaintí mí-úsáid ghnéis aontaithe.

Taispeánann an tuarascáil chomh maith go raibh tacaíocht á tabhairt do Dheoise Chluana ón Vatacáin agus iad ag déanamh neamhairde ar na treoirlínte. Deir Eaglais Chaitliceach na hÉireann gur 'doiciméid stáidéir' a bhí sna treoirlínte. Scríobh Nuinteas an Phápa (Papal Nuncio) ag an am, in 1997, litir rúnda go dtí easpaig na tíre uile agus dúirt sé, "In particular, the situation of 'mandatory reporting' gives rise to serious reservations of both a moral and a canonical nature."

An tAire Dlí, Alan Shatter agus an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óga, Frances Fitzgerald ag freagairt ceisteanna i Lárionad Preasa an Rialtais agus Tuairisc an Choimisiún Imscrúdúcháin ar Dheoise Chluana á foilsiú. PIC: SASKO LAZAROV / PHOTOCALL IRELAND

Chas an tAire Gnóthaí Eachtracha Eamon Gilmore le Nuinteas an Phápa inné, Giuseppe Leanza, chun torthaí na tuarascála a phlé leis. Deir an tAire Gilmore le Nuinteas an Phápa ag an gcruinniú go raibh an rialtas ag iarraidh freagra ón Vatacáin faoi thórthaí Thuarascáil Chluana. Is é Nuinteas an Phápa ambasadóir an Phápa in Éirinn.

Níl sé iomlán cinnte cá bhfuil an tEaspag Magee ag an bpointe seo ach ceaptar go bhfuil sé ina chónaí i Meiriceá. D'fhoilsigh sé leithscéal agus é ag rá go raibh brón air gur loic sé, "orthu siúd ar fad ar thug sagart ar bith i nDeoise Chluana drochúsáid ghnéasach dóibh." D'fhoilsigh an Moinsíneoir Denis O'Callaghan leithscéal chomh maith.

"Tá brón orm gur chabhraigh mo chur chuige i roinnt cásanna le gortú na ndaoine a raibh an tacaíocht agus an chabhair ba mhó ag teastáil uathu." Níor thug an Moinsíneoir O'Callaghan faisnéis do na Gardaí faoi chásanna áirithe mí-úsáid ghnéis.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Treasa Bhreathnach
Iriseoir
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

Seosamh Ó Riain
Iriseoir
seosamh.oriain@gaelsceal.ie

Katie McGreal
Iriseoir
katie.mcgreal@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Comhordaitheoir Oideachais
caroline.nichualain@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Suirbhé ón nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí

Katie McGreal

AN tseachtain seo, d'fhógair an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (NCA) torthaí ar an suirbhé is déanaí ar phraghsanna grósaeireachta sna hollmhargaí móra in Éirinn - SuperValu, Superquinn, Dunnes Stores agus Tesco. Léiríonn na torthaí go bhfuil boilsciú ar ais sa mhargadh.

Rinneadh comparáid idir praghsanna i mí Iúil 2010 agus praghsanna i mí an Mheithimh 2011 agus léiríonn sé meánardú 5.5% ar tháirgí sna hollmhargaí sin.

Níor thug gach duine na harduithe faoi deara. Dúirt an bainisteoir in Dunnes i gCathair na Mart, "Ní fhaca mé aon ardú sna praghsanna." Níor thug sé faoi deara go raibh ardú i bpraghas na soláthraithe ach an oiread.

Ach, thart ar shé mí ó shin, "Chuaigh roinnt de na praghsanna in airde," a dúirt bainisteoir i Superquinn i bPort Láirge, "Níl aon ardú ó na soláthraithe áitiúla agus níor ardaigh na praghsanna sin." De réir an tsuirbhé, tá ardú 5.7% ar na praghsanna i Superquinn.

Cé nár thug gach duine sna hollmhargaí na harduithe faoi deara, tá sé soiléir gur thug na custaiméirí faoi deara iad. Níl caiteachas custaiméirí i ndiaidh ardú ach 0.9% de réir eolais ó Kantar, comhlacht a dhéanann taighde ar chustaiméirí trí phainéil chustaiméirí. Is figiúr fíor-íseal é sin agus léiríonn sé go bhfuil custaiméirí ag athrú a nósanna de bharr na n-arduithe seo.

Tá sé ráite ag roinnt bialann go bhfuil ardú i bpraghsanna bia dóibh sin freisin.

Dúirt Aisling O'Doherty ó Supermacs i nGaillimh, "Thugamar faoi deara go raibh ardú i bpraghas an bhia seacht seachtaine ó shin." Bhí an tardú is mó i bplúr, siúcra agus arán. Ach dúirt Aisling, "Tá ardú sna táirgí ar fad."

Dúirt Bácús Uí Ghríofa, "Cúpla bliain ó shin, d'ardaigh siad praghas an phlúir, ach ar feadh cúpla bliain tá na praghsanna ar fad i ndiaidh ardú."

Thosaigh ardú diaidh ar ndiaidh i gcaitheamh na bliana seo caite, dar le teach tábhairne i mBaile Átha Cliath. "Íocaimid níos mó anois ar ghlasraí agus táirgí reoite ná mar a d'íocaimis in 2010."

Deir urlabhraí thar ceann an Aire Fiontar, Post agus Nuálaíochta, Richard Bruton, "Ceann de na rudaí is tábhachtaí don Aire ná costais a laghdú do ghnólachtaí. Ní bhaineann an-chuid de na costais leis an rialtas ach caithfidh siad sár-iarracht a dhéanamh chun na costais a ísliú."

Dar le Martin Kiernaghan ó na soláthraithe Dublin Food Sales Ltd, tá an locht ar ghanntanas táirgí sa domhan. Dúirt sé, "Tá easpa cruithneachta, ola, bainne cnónna cócó agus roinnt táirgí eile sa domhan." Ciallaíonn an ganntanas seo go rachaidh praghsanna na táirgí in airde agus caithfidh na hollmhargaí, bialanna agus custaiméirí dul i ngleic leis sin.

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**

Faisteachas faisin sa Dáil

Tá Mick Wallace, Luke Ming Flanagan agus eile buartha faoi na póilíní faisin atá ag iarraidh iachall a chur orthu culaith choiméadach a chaitheamh sa Dáil.

Tá gach cosúlacht go gcuirfear moltaí an Choiste um Nós Imeachta agus Pribhléidí i bhfeidhm tar éis shos an tsamhraidh, rud a chiallaíonn go mbeidh ar gach Teachta fir culaith a chaitheamh.

Mary Mitchell O'Connor agus Mick Wallace a bhí i mbéal an phobail an tseachtain seo tar éis gur thug an TD as Loch Garman 'Miss Piggy' ar bhean Fhine Gael.

Le bheith carthanach le Wallace, tá seans ann go raibh an faisteachas faisin seo ag cur as dó agus é ag déanamh cur síos maslach ar Mary Mitchell O'Connor mar 'Miss Piggy'.

Chuir a leathbhádóir stuacánach, Ming, ceist an mbeadh cosc ar O'Connor éadaí bán-dearga a chaitheamh tar éis an athraithe atá beartaithe.

Tacaíonn Fine Gael, an Lucht Oibre agus Fianna Fáil leis an réimeas nua seo, agus labhair beirt de na póilíní faisin ar an gcoiste úd, John Lyons agus Emmet Stagg, le Gaelscéal faoi.

Tá na Teachtaí atá ag gearán faoin bpolasaí nua ar nós páistí scoile atá ag léimt suas agus síos, de réir Lyons. Is "neamhaontaigh" iad nach gcaitheann culaith le bheith difriúil ar mhaithe le difríocht.

Dar le Emmet Stagg níl na Teachtaí Dála neamhspleácha, na "transgressors", ag léiriú measa ar an Dáil leis na héadaí a chaitheann siad.

"Dá mbeidís ag obair i mbanc, i gComhairle Contae nó in oifig eile bheadh orthu cloí le gnás feistis agus an chúis atá leis sin ná nach mbeidh cuma mhosach orthu.

"Tá tromlach na dTeachtaí i bhfabhar an chóid agus is é an tromlach a dhéanann na cinntí," arsa an Teachta Stagg. "Ní chiallaíonn sé sin nár cheart meas a bheith againn ar mhionlaigh," ar seisean go sciobtha ina dhiaidh sin.

"Nuair atá tú sa Róimh déan mar na Rómhánaigh," ar sé. "Bhuel, is 'When in Rome do as the Romans' atá i gceist agam," a dúirt sé, "ach dá scríobhfainn an Ghaeilge a thugann Foclóir Uí Dhónaill ar an seanfhocal, seachas an t-aistriúchán focal ar fhocal, bheadh sé níos deacra a shéanadh go raibh faisteachas ag fás sa Dáil. An leagan a thugann Ó Dónaill ná...'Fág an tír nó bí san fhaisean!'"

Ciorruithe is cáineadh ar an gcomhrialtas ag treisiú

Tá an cáineadh ar an rialtas faoi chiorruithe ag treisiú - tá an chonspóid faoi ospidéal Ros Comáin fós i mbéal an phobail agus bhí breis ábhar ionsaithe ag an bhfreasúra an tseachtain seo.

Ní amháin go bhfuil Fine Gael agus an Lucht Oibre faoi léigear faoi na hospidéil agus cúntóirí riachtanas speisialta - anois tá €65m le baint ó liúntais bhreosla agus ghutháin.

Ceacht polaitíochta atá anseo don chomhrialtas, óir tá an chuid is mó den chonspóid faoi na ciorruithe seo tarraingte anuas orthu fhéin acu gan aon chabhair ón bhfreasúra.

Seachas a bheith ag plé na gciorruithe iad féin, tá Fine Gael agus an Lucht Oibre ag iarraidh ionsaithe faoi gheallúintí a thug siad i dtaobh ciorruithe a chosaint.

Mura raibh geallúintí tughta acu roimh an olltoghchán faoi na ciorruithe ní bheadh siad sa tsáinn chéanna is atá anois, agus is beag difríocht a dhéanfadh sé do thoradh an toghcháin murar thug siad na geallúintí seo.

Mar aon le 'Labour's way or Frankfurt's way', beidh údar ciaptha sioraí ag an bhfreasúra de bharr na ngeallúintí nach bhféadfaí a chomhlíonadh.

Seans go bhfuil botúin eile déanta ag Enda Kenny i dtaobh na ngeallúintí seo. I dtosach báire shéan sé go raibh ceann tugtha aige faoi sheirbhísí in Ospidéal Ros Comáin, ach ansin tháinig sé chun solais an deireadh seachtaine seo caite nach raibh sé sin go hiomlán fíor.

Dúirt sé roimh an olltoghcháin: "We will protect and defend that (na seirbhísí)...We are committed to maintaining the services at Roscommon General Hospital."

Gan amhras má deir polaiteoir 'we are committed', 'determined', 'will do everything in our power' srl is féidir leo a rá níos déanaí go ndearna siad a ndícheall ach nach raibh an dara rogha acu.

Ach is cleasaíocht atá ann agus aithníonn an pobal é sin.

Ansin agus é ag cosaint líomhaintí ó Mhícheál Martin gur chuir sé an Dáil amú, dúirt an Taoiseach gur athrá ar pholasaithe Fhine Gael a bhí sa mhéid a nochtadh Dé Domhnaigh agus nach raibh sé ag tabhairt geallúint nach mbainfí seirbhísí ón ospidéal.

Tá cófra Pandóra oscailte ag an Taoiseach leis an maíomh seo áfach; má ghlacann muid leis an argóint, ciallaíonn sé sin nach féidir glacadh le geallúint ar bith a thug sé nó a thabharfaidh sé.

Tá mí na meala an rialtais thart ach ní dhéanfaidh an chonspóid seo mórán dochair do Kenny ann fhéin. Má chuireann muid meas an phobail air ar scála 0-100, le Kenny ag 100 agus Brian Cowen ag 0, tá cáil Kenny tite go 99. Méadóidh líon na gconspóidí faoi chiorruithe amach anseo agus ar nós Obama, ní ghlacfaidh an pobal leis an argóint "tá an locht ar ár réamhtheachtaithe" go deo.

Dúradh i ndiaidh an olltoghcháin nach raibh aon athrú tagtha ar pholaitíocht sa tír, go raibh páirtí den eite lár-dheis i réim agus go mbeadh na polasaithe céanna acu is a bhí ag Fianna Fáil.

Níl sé fíor nár athraigh aon rud áfach. Ní raibh an pobal ag lorg athrú ar structhúr geilleagrach na tíre, ná páirtí den eite chlé a chur i gcumhacht - bhí siad ag lorg páirtí den eite dheis a bhí, murab ionann is Fianna Fáil, cumasach ó thaobh na heacnamaíochta de, glan ó chaimiléireacht, agus bhí siad ag lorg polaiteoirí a bhí ionraic. Sin an fáth gur thacaigh siad le Fine Gael. Má theipeann ar an bpáirtí sna réimsí sin imeoidh an tacaíocht ar ais go Fianna Fáil nó go páirtí nua de chuid na heite deise.

Finian McGrath i mbaol lámhach sa ghlúin i gCúba?

Tá coimhlint ghéar ag borradh idir bheirt ionadaithe den eite chlé i mBaile Átha Cliath Lár-Thuaidh, Aodhán Ó Ríordáin ón Lucht Oibre agus an Teachta neamhspleách Finian McGrath.

Tá an méid sin nimhe san fheoil eatarthu go ndearnadh tagairtí do 'lámhach sa ghlúin' agus 'scaoileadh sa cheann' le linn díospóireachta Dé Máirt, agus tugadh rabhadh don Teachta McGrath nach dtiocadh sé slán as turas go Cúba.

Tar éis don Ríordánach gearán a dhéanamh an mhí seo caite faoi bhileoga de chuid McGrath sa toghcheantar a cháin ciorruithe caiteachais, dúirt an ball den ghrúpa teicniúil nach raibh sé sásta léachtaí a ghlacadh ó 'bhuachaill' a d'fhreastail ar scoil phríobháideach. Dealraíonn sé nár fhreastail Ó Ríordáin ar scoil phríobháideach, rud a d'admhaigh McGrath níos déanaí, ach is cosúil go raibh fonn air an tseachtain seo sonc eile a thabhairt dá iomaitheoir óg.

Le linn díospóireachta faoi chúntóirí riachtanas speisialta, luaigh McGrath Ó Ríordáin trí huaire, cé nach raibh TD an Lucht Oibre sa seomra fiú. Cháin sé Ó Ríordáin as "callaireacht" a rinne sé sa toghcheantar faoi chiorruithe caiteachais de chuid an rialtais dheireanaigh. Dúirt sé go raibh sé "náireach" gur bhain an boc óg leas as seo chun suíochán a bhuachan as siocair go raibh sé ag tacú le ciorruithe anois.

Tá Teachtaí ar thaobh na ndaltaí le riachtanais speisialta nó níl siad, arsa McGrath.

"Tá an dara rogha pioctha ag an Teachta Ó Ríordáin agus a pháirtí," ar seisean.

Ní raibh comhghleacaí Uí Riordáin, Eamonn Maloney ó Bhaile Átha Cliath Thiar Theas, chun glacadh leis an ionsaí seo áfach, agus is ansin a thosaigh an díospóireacht ag éirí thar a bheith aisteach. Vótáil McGrath ar son na tarrthála bainc ar 30 Meán Fomhair 2008, arsa Maloney, cinneadh a scrios an geilleagar.

Luaigh Maloney gur chuala sé McGrath ag caint le déanaí faoi cheiliúradh ar theip ionradh Bhá na Muc i gCúba agus gur shíl sé ón méid sin gur sóisialach nó cumannach a bhí ann.

Beidh ar McGrath a bheith cúramach má théann sé ar saoire chuig Cúba áfach. Dá gcloisfeadh Fidel Castro gur vótáil sé ar son na mbaincéiri "bheadh gach seans ann go dtógfadh sé an Teachta i leataobh chun é a lámhach sa ghlúin nó é a scaoileadh sa cheann. Is cinnte nach dtiocfadh an Teachta McGrath ar ais ó Havana," arsa Maloney.

Ní fios go fóill an bhagairt a bhí anseo don Teachta McGrath gan leanúint leis na hionsaithe pearsanta ar Ó Ríordáin.

Foras na Gaeilge

GLAOCH AR IARRATAIS

SCÉIM DO SHOLÁTHRÓIRÍ SAINCHÚRSAÍ OILIÚNA GAEILGE DON EARNÁIL PHOIBLÍ 2011–2014

Fáiltíonn Foras na Gaeilge roimh iarratais faoi Scéim do Sholáthróirí Sainchúrsaí Oiliúna Gaeilge don Earnáil Phoiblí 2011 – 2014. Tuilleadh eolais (Foirmeacha Iarratais, Critéir na Scéime agus eile) ón seoladh thíosluaite.

Spriocdháta: Dé hAoine, 19 Lúnasa 2011 (roimh 17.00).

TUILLEADH EOLAIS & FOIRMEACHA IARRATAIS
Gearóid Mag Uibhrín, Rannóg na hEarnála Poiblí, Foras na Gaeilge,
An Chrannóg, Na Doirí Beaga, Gaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall.
T: +353 (0)74 9558130 R: gmaguibhrin@forasnagaeilge.ie

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 15 Iúil, 2011

Measúnú á dhéanamh tar éis na trioblóide ó thuaidh

Anton Mac Cába

BHUAIL Céad-Aire agus LeasChéad-Aire an tuaiscirt le chéile inné chun plé a dhéanamh ar na círéibeacha a bhris amach in áiteanna éagsúla sna sé chontae ar 12 Iúil agus an oíche roimhe.

Bhí iarracht á déanamh ag Peter Robinson agus Martin McGuinness seasamh aontaithe a léiriú ina gcoinne siúd a ghríosaigh an trioblóid a tharla i gceantair náisiúnacha agus aontachtacha araon.

Tá cúrsaí á suaimhniú anois ach ba in Ard Eoin i dtuaisceart Bhéal Feirste a tharla an t-eachtra ab fhíochmhaire i ndiaidh do pharáid den Ord Buí dul thar imeall an cheantair phoblachtaigh. Gortaíodh péas le linn na círéibe ach tá ceisteanna á gcur fosta faoin úsáid a bhain an PSNI as philéir phlaisteacha ar an láthair mar tuairiscítear gur scaoileadh beirt pháiste agus grianghrafadóir nach raibh páirteach san eachtra.

Ar an iomlán, áfach, ní raibh an trioblóid chomh fíochmhar agus a bhí anuraidh ná baol air. An rud ba spéisiúla ná an chosúlacht idir seasamh an DUP agus Sinn Féin. Mhol an Feisire Nigel Dodds náisiúnaithe a rinne léirsiú síochánta in éadán na paráide. Ar an BBC, dúirt sé: "Ar an taobh náisiúnach, ba léir gur chuir daoine dua orthu féin le hagóid bheith acu, ach agóid shíochánta." Cháin Gerry Kelly ó Shinn Féin iad siúd a ghlac páirt sna círéibeacha: "Go fiú nuair a bhí an pharáid imithe chun siúil, bhí foréigean ann."

Tá easaontóirí poblachtacha ag bailiú nirt in Ard Eoin. Mar sin féin, is ag Sinn Féin atá an tacaíocht is mó ar fad. Tá anois dhá ghrúpa áitritheoirí ag cur in éadan na mórshiúlta Buí.

Grianghraif le hIan Mac Murchaidh

Feictear go dtugann CARA (Crumlin Ardoyne Residents Association) tacaíocht do sheasamh Shinn Féin. Is é barúil na coitiantachta go bhfuil GARC (Greater Ardoyne Residents Collective) níos báúla le heasaontóirí.

Bhí Ard Eoin ar an aon áit mar a raibh trioblóid ag paráid. Bhí mórshiúl Buí i mBaile an Chaistil, Co Aontroma, ar baile Caitliceach é. Dosaen bliain ó shin, nuair a bhí mórshiúl Buí ann, tharla an chíréib ba mheasa dá raibh riamh ar an bhaile. I mbliana, bhí sé iomlán síochánta.

Tharla, chomh maith, círéib shúntasach ar an Bhealach Leathan i mBéal Feirste oíche Luain. Deirtear gur daoine óga as iarthar Bhéal Feirste a bhí freagrach as sin.

Bhí círéibeacha i mBealach Cláir agus Carraig Fhearghusa i gCo. Aontroma. B'é ba shuntasaí fúthu siúd ná gur paraimhíleataigh dhílseacha a bhí páirteach iontu. Ní raibh mórán den aos óg feargach ar na sráideanna. Dar leis na paraimhíleataigh, bhí siad ag agóidíocht mar gur thóg na péas bratacha dílseacha anuas.

Tá, cinnte, clár seicteach ag an UVF agus UDA. Leis, tá fadhbanna acu, go háirithe an UVF. Thit an Páirtí Aontachtach Forásach (PUP) as a chéile, páirtí a thugadh treoir áirithe pholaitiúil don UVF. Mar sin, tá folús anois ann. Chomh maith, tá an Fhoireann Fiosrucháin Stairiúil ag fiosrú an UVF agus tá cuid den eagraíocht den bharúil gur ar a leas atá sé bheith trioblóideach.

Tá seicteachas ó thuaidh anois ag an ghnáthléibhéal. Is léir go bhfuil fadhbanna ann nár réitíodh ach ní bheidh sé ina ghéarchéim mar gheall orthu.

Cead vótála ag aois 16 bliain molta

Anton Mac Cába

TÁ Sinn Féin chun bille a mholadh sa Tionól ó thuaidh le go mbeadh an vóta ag daoine in aois 16. Tá an moladh céanna á dhéanamh acu sa Dáil chomh maith.

Dúirt urlabhraí go mbíonn daoine freagrach as a ngníomhartha agus iad 16 bliain d'aois.

"Bíonn daoine ag dréim leis go nglacfadh siad páirt sa saol ar bhonn lánfhásta," ar sé. "Má bhítear ag dúil leis go ndéanfaidh siad amhlaidh, ba cheart go mbeadh cead acu lámh bheith acu i ndéanamh na ndlithe.

"Leis, in aois 16 nó 17, bíonn daoine níos mó ar an eolas faoin pholaitíocht. Má bhíonn eolas acu ar an chóras daonlathach, tarraingeoidh sin isteach iad. Bíonn achan saghas smaoinimh acu."

Tá an SDLP chun tacaíocht a thabhairt don mholadh.

"Roimhe seo, d'éiligh muid go n-ísleófaí go 16 bliain é," arsa urlabhraí an pháirtí. "Tá cearta suntasacha ag daoine ag an aois sin - cánacha a dhíol, pósadh, agus, go bhfóire Dia orainn, clárú san arm."

Dúirt urlabhraí thar cheann an Pháirtí Aontachtaigh Daonlathaigh (DUP) go ndéanfadh an páirtí cinneadh nuair a d'fheicfeadh siad an reachtaíocht.

"Riamh anall, bhí muid i bhfabhar an aois vótála a choinneáil ag ocht mbliain déag," ar sé.

Dílseoir i bhfabhar aontú na hÉireann le comhaontú

Seán Ó Loingsigh

DÚIRT an dílseoir Frankie Gallagher ó Oirthear Bhéal Feirste nach mbeadh sé in aghaidh aontú na hÉireann dá mbeadh tromlach i bhfabhar a leithéide, agus é ag labhairt ag Scoil Samhraidh na Saoirse i mBaile Bhúirne, Contae Chorcaí, ag an deireadh seachtaine.

Bhí an polaiteoir dílseora ag labhairt ag seisiún mar a pléadh todhchaí an dílseachais 13 bliain i ndiaidh Chomhaontú Aoine an Chéasta.

Chuaigh caint Gallagher i bhfeidhm go mór ar an 140 duine a bhí sa seomra i dtigh ósta an Mhuilinn, baill agus ionadaithe poiblí de chuid Shinn Féin sa chuid ba mhó, na Teachtaí Dála Martin Ferris, Jonathan O'Brien, Piaras Ó Dochartaigh agus Mary Lou McDonald ina measc, chomh maith leis an gceannaire Gerry Adams.



Frankie Gallagher

Mheas an príomhurlabhraí atá ag an nGrúpa Taighde Polatíochta Uladh, a bhfuil ceangal acu leis an UDA, gur "gealtacht" a bheadh ann Éire Aontaithe a chur i bhfeidhm dá mba rud é nach mbeadh ach 51% ar a son.

Agus é ag tagairt do rud a bhí ráite tráth ag Gerry Adams a bhí ina shuí os a chomhair, dúirt sé gur macsamhail díchoimisiúnú aigne a bhí i gceist lena leithéid de thairiscint, agus gur chóir comhaontú forleathan a bheith ann sar a dtiocfadh Éire Nua chun cinn.

Mar fhreagra ar cheist faoi áit na Gaeilge in Éirinn ó bhall den bpobal áitiúil a bhí i measc an tslua, Peadar Ó Ceallaigh, d'aontaigh Frankie Gallagher leis gur cainteoirí Gaeilge ab ea an pobal as a dtáinig sé féin tráth, agus bhain sé preab as an lucht éisteachta, muintir an tuaiscirt san áireamh, nuair a thug sé le fios go bhfuil dílseoirí ag freastail ar ranganna Gaeilge atá ar bun le 18 mí anuas i gceantar ar leith sa tSeanchill Íochtar, áit a mbíodh an dílseoir Johnny Adair i réim tráth.

Stailc ag Ionad Cuairteoirí Aillte an Mhothair

Seosamh Ó Riain

CHUAIGH oibrithe de chuid SIPTU ag Ionad Cuairteoirí Aillte an Mhothair ar stailc éiginnte ag 8rn maidin inné. Theip ar na cainteanna Dé Céadaoin idir SIPTU agus lucht bainistíochta an ionaid teacht ar réiteach tar éis gur dhiúltaigh na hoibrithe do na tairiscintí pá is déanaí.

Is é croílár na faidhbe san ionad ná go bhfuil oibrithe de chuid an ionaid ag éilimh gur chóir go mbeadh cothromaíocht phá, pá breoiteachta agus pá ardráta idir iad agus oibrithe de chuid Chomhairle Contae an Chláir. Is fochomhlacht de chuid na Comhairle é an t-ionad.

Tuigtear go bhfuil na hoibrithe ar thuarastal de luach €20,000 faoi láthair agus go bhfuil oibrithe de chuid an údaráis áitiúil, thart ar bhun an scála iad, ar thuairim is €26,000 sa bhliain.

Tá 16 ball de chuid SIPTU páirteach sa stailc agus tá trí líne phicéid ar bun acu. Dúirt Tony Kenny, eagraí de chuid SIPTU, le Gaelscéal inné, go ndéanfaí athbhreithniú ar líon na ndaoine atá ar an bpicéad ach de bharr cúinsí sláinte agus sábháilteachta, níor mhaith leo níos mó ná sin a bheith ar stailc. Tá 18 duine den 50 duine ar an bhfoireann ina mbaill de SIPTU. Dar leis an Uasal Carey, níl ach thart ar 25-28 den 50 duine sin ag obair go lánaimseartha san ionad, oibrithe séasúracha iad na duine eile a bhíonn ann amháin do thart ar thrí mhí an tSamhraidh.

Ionad na gCuairteoirí, Aillte an Mhothair, Co. an Chláir.
PIC: EAMONN FARRELL / PHOTOCALL IRELAND

Thug Tony Kenny "easnamhach go mór" ar thairiscintí de chuid lucht bainistíochta an ionaid agus dúirt gur dhiúltaigh foireann ann scun scan dóibh i mballóid Dé Céadaoin.

"Bhí na tairiscintí ón lucht bainistíochta easnamhach go mór agus níor thug siad ar chor ar bith faoin teip ar chomhlacht Aillte an Mhothair, ar leis go hiomlán Comhairle Contae an Chláir é, cothromaíocht phá, pá breoiteachta agus pá ardráta, atá ag oibrithe de chuid an údaráis áitiúla, a thabhairt dár mbaill mar atá molta ag an gCúirt Oibreachais," a dúirt an tUasal Kenny.

"Dúramar le seachtainí gur féidir leis an gcomhlacht (thar Aillte an Mhothair) gníomhaíocht thionsclaíoch a sheachaint má fhillfidh sé ar an gCúirt Oibreachais chun déileáil leis na buncheisteanna san aighneas," a dúirt sé.

Thug an tUasal Kenny le fios, ina theannta sin, gur rud thar a bheith aisteach é go bhfuil dhá institiúid de chuid an Stáit - an Chúirt Oibreachais agus Comhairle Contae an Chláir - ag diúltú obair as lámha a chéile .

I ráiteas do Gaelscéal ón Aire Stáit, Micheál Ó Rinn, le freagracht speisialta air maidir le Turasóireacht agus Spórt, dúirt sé "Is iad Aillte an Mhothair ceann de na príomhnithe is díol spéise do thurasóirí agus is bliain taifid don ionad. Bíonn, ámh, séasúr turasóireachta gearr ag Éirinn. Dá bharr sin, tá sé ríthábhachtach go rachaidh an dá thaobh ar ais i mbun idirbheartaíochta chomh luath agus is féidir, fiú ag an staid dhéanach seo."

Ag labhairt dó ar son chomhlacht Aillte an Mhothair, dúirt Gerard Dollard, "Rinne an comhlacht tairiscint ardú de 5% ar an bpá, tuilleadh saoire bhreoiteachta agus pá ardráta ar an Domhnach agus ar laethanta saoire bainc.

D'fheabhsaigh muid ar ár dtairiscint bhunaidh, agus dhiúltaigh an comharchumann SIPTU dó, ní amháin ar ócáid amháin ach ar dhá ócáid. Tá airgead á chailleadh ag an ionad le blianta beaga anuas, agus tá sé deacair dúinn a thuiscint conas a dhiúlaítear dá leithéid de thairiscintí flaithiúla sa staid eacnamaíoch reatha."

Anuas air sin, dúirt an tUasal Dollard go bhfuil 17 duine den fhoireann ina mbaill de SIPTU agus go bhfuil líon iomlán foirne ag obair inniu agus gur gnó mar is gnách atá ann.

Lean sé air go bhfuil an tIonad suas 16% ar líon na dturasóirí i gcomparáid le anuraidh - drochbhliain amach is amach a bhí ann ó thaobh líon turasóirí de - ach go raibh titim de 23% ar líon na dturasóirí idir 2007-2010.

"Páirtí nua den eite chlé de dhíth sa tuaisceart" - ceannaire ceardchumainn

Anton Mac Cába

BA cheart páirtí nua den eite chlé a bhunú ó thuaidh, dar le Eugene McGlone Uachtarán nua Chomhdháil na gCeardchumann.

"Níl bearna ar bith idir an dá pháirtí mhóra," ar seisean le Gaelscéal. "Tá siad chomh fite fuaite sin ina chéile gur ar éigean go bhfuil bearna ar bith eatarthu."

Agus gan pháirtí, dar leis go bhfágfar na ceardchumainn ag troid agus lámh amháin ceangailte taobh thiar dá ndroim. "Tá sé ceart go leor comhghairdeas a dhéanamh le Sinn Féin agus an DUP - thóg siad sinn chomh fada leis an áit mar a bhfuilimid," ar seisean. "Caithfear deis a thabhairt anois don chéad ghlúin eile."

Cinnte, tá Comhaltaí den Tionól Reachtach thar ceann na bpáirtithe ar fad "ar aon intinn linn maidir leis na rudaí atá mar thosaíochtaí againn." Ach tá fadhb ann: "Daoine atá i bpáirtithe, is daoine de chuid an pháirtí iad."

Níl a fhios aige cad é mar a d'éireodh le páirtí nua. Sa toghchán deireanach don Tionól i mí na Bealtaine, chaill beirt a bhí báúil leis an cheardchumannachas a suíocháin. B'iad Fred Cobain, Aontachtach Ultach (UUP) agus Dawn Purvis, Neamhspleách. "Ba bhuille don lucht oibre sin - ní don lucht oibre Protastúnach amháin. Bhí tuiscint mhaith acu ar ghnáthoibrithe," arsa Eugene.

Ní faoi a rá leis an pháirtí ar cheart dó bheith Sóisialach nó Daonlathach Sóisialach. "Dá mbeadh sé daonlathach sóisialach ag an tús, bheadh sin ina chéim chun tosaigh," ar seisean. Tugann ceardchumann McGlone, UNITE, tacaíocht do Pháirtí an Lucht Oibre ó dheas. Ba thuar dóchais dó an cúig shuíochán a bhuaigh Comhghuallíocht na hEite Clé. Ó thuaidh fuair sé spreagadh ón vóta a fuair People Before Profit san fhthoghchán do Westminster i mBéal Feirste Thiar. "Leaid óg, bhí sé cúpla céad vóta ar chúl an SDLP. Taispeánann sé sin go bhfuil féidearthachtaí ann," ar seisean.

Níl a fhios aige go díreach cad é mar a bhunófar an páirtí. "Tá poitéinseal ann má thosnaíonn an plé anois," ar seisean. "Tá ceithre bliana againn roimh an chéad toghchán eile don Tionól agus do na comhairlí. Tá spás ann do chomhghuaillíocht a bheadh ar an taobh clé den lár."

Chuir an sóisialach aitheanta, Éamonn McCann, fáilte roimh ráiteas McGlone. "Tá sé anois in am é a chur i gcrích," ar seisean. "Tá súil agam, thar cheann People Before Profit, bheith i dteagmháil le Eugene go luath. Tá súil agam go suífimid síos agus go bpléifimid na dóigheanna praiticiúla lena leithéid de pháirtí a chur ar bun."

AN SCRÍOBHLANN
THE WRITING HOUSE
MÓINÍN

Dianchúrsa i Scríobh an Ghearrscéil agus an Úrscéil

Tá iarratais á nglacadh ag MÓINÍN don Dianchúrsa thuasluaite.

- Tá áit do ochtar (8) ar an gcúrsa seo.
- Is é an scríbhneoir Ré Ó Laighléis a bheas mar stiúrthóir/theagascóir air.
- In *An Scríobhlann*, áras nua traenála MhÓINÍN i mBaile Uí Bheacháin, a thabharfar an cúrsa.
- 6 deireadh seachtaine atá i gceist, ag tosú ar dheireadh seachtaine an 24/25 Meán Fómhair agus ag críochnú ar dheireadh seachtaine an 3/4Nollaig.
- Sprioc ar iarratais is ea Aoine 2ú Meán Fómhair 2011 (roghnófar ochtar agus cuirfear amach tairiscintí ar áiteanna ansin).
- Tá an cúrsa seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge.

An Scríobhlann

Foirm Iarratais agus gach eolas ar fáil ó Ailsa:

MÓINÍN
Loch Reasca,
Baile Uí Bheacháin,
Co. an Chláir.

Fón: 065 7077256
e-phost: moinin@eircom.net
www.moinin.ie

Foras na Gaeilge
Aithníonn MÓINÍN tacaíocht Fhoras na Gaeilge

An t-iarrthóir neamhspleách sa toghchán uachtaránachta, Seán Gallagher, agus a bhean chéile, Trish O'Connor, ag seoladh a shuíomh gréasáin oifigiúil ar an Déardaoin. PIC: SASKO LAZAROV / PHOTOCALL IRELAND

Ealaíon agus ceol ag Fleadh na Mumhan

Seán Ó Loingsigh

SEOLFAR taispeántas ealaíne leis an ealaíontóir agus an ceoltóir Liam Ó Fuartháin ó Bhaile Bhúirne ag Fleadh Cheoil na Mumhan a bheidh ar bun i mBaile an Chollaigh an deireadh seachtaine seo.

Ócáid ar leith a bheidh ann mar go bhfuil sé i gceist ag an ealaíontóir an taispeántas a sheoladh ag ceolchoirm i gcaifé Nosh 'n Coffee san ionad siopadóireachta lámh le príomh-shráid Bhaile an Chollaigh.

Tá ard-aithne ar an seinnteoir bainseo Liam Ó Fuartháin de bharr na dtéamaí ceoil a bhíonn le feiscint ina chuid ealaíne. Tá 40 pictiúr sa taispeántas a bheidh le feiscint ag an bpobal le linn na gceolchoirmeacha sa chaifé anocht Dé hAoine, agus oíche amárach, Dé Sathairn.

Tá athair Liam, an seinnteoir cardín Dáithí Ó Fuartháin i gceann de na pictiúir, chomh maith leis an veidhleadóir John Connell ó Bhaile Bhúirne, agus tá an ceoltóir Séamus Creagh ó Chontae na hIarmhí ó dhúchas i gceann eile, triúr atá imithe ar shlí na fírinne.

Tá sé i gceist go mbeidh seó sleamhnáin des na pictiúir ar bun le linn na gceolchoirmeacha sa chaifé. Chomh maith leis an ealaíontóir féin, beidh buaiteoir ghradam an chumadóra TG4 2004 Richard Dwyer ar stáitse i dteannta an fhliúiteadóra Kevin Ryan as Inis, agus an amhránaí Con Ó Ríordáin as Lios an Chraosaigh i Múscraí.

Bíonn ceol Gaelach ar siúl ar an raidió ag an bhFuarthánach le linn a ranganna ealaíne a bhíonn ar bun aige ar an bhFearann in oirthear Mhúscraí mar a bhfuil cónaí anois air agus mar a bhfuil sé ag múineadh ealaíne do 20 foghlaimeoir de gach aois faoi láthair.

Beidh na ceolchoirmeacha agus taispeántas an Fhuarthánaigh ar bun i gcaifé Nosh 'n Coffee i mBaile an Chollaigh óna 8.00 go dtína 10.00 anocht agus oíche amárach. Leanfaidh an taispeántas ar aghaidh go dtí an 25 Iúil.

Idir an dá linn beidh ceolchoirmeacha eile ar bun ag Fleadh Cheoil na Mumhan i mBaile an Chollaigh an deireadh seachtaine seo. Beidh an Four Star Trio ar stáitse oscailte san ionad siopadóireachta ar a 7.30 anocht (Aoine) agus ag am gcéanna oíche amárach is é an grúpa eile Corcaíoch North Cregg a bheidh i mbun an cheoil.

Tá céilithe leis an bhfear cairdín ó Charraig a'Phúca Jerry McCarthy agus an Abbey Céilí Band ar an gclár chomh maith i dteannta na gcomórtas go léir a bheidh ar bun in Óstán Oriel agus i gColáiste Choilm i mBaile an Chollaigh.

Scannán Faisnéise Coirnise ag City Arts

Áine Ní Chuaig

TAispeánfar an scannán faisnéise 'Skath' mar chuid den tsraith scannán BLAS ar an Máirt ag 7.30in in City Arts, an t-ionad ealaíne atá lonnaithe ar Shiúlán Bhaitsiléir ar an taobh ó thuaidh de Chathair Bhaile Átha Cliath.

Leanann an scannán faisnéise seo scéal aoibheallach Phol Hodge, file agus cainteoir dúchasach Coirnise as Corn na Breataine atá ag fáil faoi réir do Rás na mBád Cornach, gan aon taithí aige ar an spórt roimh ré. Má dhéanann an fear leisciúil seo dóthain traenáil fhisiceach, an féidir leis áit a fháil sa Chorn Domhanda taobh istigh de shé mhí?

Is spórt uisce atá i gceist ina n-úsáidtear 'skath', an leagan Cornach den churrach atá againne anseo in Éirinn.

Is thart ar oileánrach Scilly a bhíonn an rása seo ar siúl, grúpa de chúig oileán bheaga amach ó bhior thiar theas leithinis Chorn na Breataine. Is spórt faoi leith é rásaíocht na mbád Cornach atá go forleathan ar fud chósta Chorn na Breataine agus i roinnt tíortha eile ar nós Shasana, na Fraince, na Breataine Bige agus na hÍsiltíre. Cuirtear an-suim go deo sa spórt seo agus glacann os cionn dhá mhíle duine páirt sa Chorn Domhanda chuile bhliain.

Is sa Choirnis atá an scannán seo agus tá fotheidil Bhéarla curtha leis. Teanga mhionlaigh atá inti, atá faoi chraobh na dteangacha Ceilteacha. Tá iarracht láidir déanta athbheochan a dhéanamh ar an teanga agus tá ardú tagtha de réir a chéile ar líon na gcainteoirí.

Is é Paul Farmer a léirigh agus a stiúir 'Skath'. D'éirigh leis an scannán duais Govyn Kernewek a bhaint amach ag Féile Scannán Chorn na Breataine in 2009. Deir Paul Farmer go raibh sé deacair Skath a dhéanamh agus gur thóg sé ocht mí é a thaifeadadh, ach go bhfuil sé ar an scannán is fearr riamh ina raibh sé páirteach, fiú nuair a bhí sé báite go craiceann!'

Ar an Máirt, beidh táille €5 le dul isteach ag breathnú ar an scannán a mhaireann 42 nóiméad agus beidh gloine fíona/sú le fáil saor in aisce ag an ócáid. Is féidir do shuíochán a chur in áirithe ag City Arts ach glaoch ar (01) 9022414 nó ríomhphost a sheoladh chuig blas@cityarts.ie

Cuireadh tús le BLAS i mí Feabhra na bliana seo, club scannánaíochta míosúil arb é a aidhm ná scoth na scannán sna teangacha Ceilteacha a thaispeáint. Tá City Arts dírithe ar oibriú le healaíontóirí agus pobail áitiúla i mBaile Átha Cliath chun ardchaighdeán na n-ealaíon a chruthú. Tá tuilleadh eolais faoi imeachtaí Gaeilge City Arts le fáil ag an nasc www.cityarts.ie/gaeilge

Béim ar an tSínis agus Rúisis inár scoileanna amach anseo

Seosamh Ó Riain

BEIDH béim sa bhreis ar theangacha na Síne agus ar an Rúisis i gcóras oideachais na tíre amach anseo. Meastar na teangacha seo a bheith ríthábhachtach d'fhás an gheilleagair, agus tabharfar ísliú céime dá réir do theagasc teangacha na hEorpa ar nós na Fraincise, na Gearmáinise, na Spáinnise agus na hIodáilise.

B'shin an méid a thug an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn, le fios agus é ag labhairt ar ríthábhacht na Rúisise agus teangacha na Sínise maidir le fás gheilleagar na hÉireann sa tréimhse amach romhainn.

Múintear i láthair na huaire teangacha Eorpacha in thart ar 15% de bhunscoileanna na tíre, ach sa chúigiú agus sa séú rang amháin. Sin i gcomparáid leis an gcuid eile den ilchríoch, ina dtéann páistí de ghnáth i mbun foghlaim teanga eachtrannaí ag 8 nó 9 mbliana d'aois.

Ní hamháin sin ach chuir an tAire as an áireamh tabhairt isteach teangacha eachtrannacha éigeantacha ag an mbunleibhéal de bharr na gcostas breise a mbaineann leo agus de bharr an curaclam bunscoile a bheith plódaithe pulctha cheana.

Tá leid láidir tugtha ag an Aire chomh maith go gcuirfear deireadh le riachtanas teanga eachtrannaí chun áit a bhaint amach ar chúrsa tríú leibhéal. Dúirt sé gur féidir go mbeidh athmhachnamh ar an riachtanas teanga ag teastáil "i bhfianaise an riachtanais eacnamaíochta le tuilleadh daltaí a spreagadh chun staidéar a dhéanamh ar na heolaíochtaí fisiceacha sa tsraith shinsireach."

Léirigh roinnt léachtóirí ó Scoil na dTeangacha agus na Litríochta, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD), a míshástacht leis an méid seo uilig an tseachtain seo nuair a sheol siad litir oscailte chuig an 'Irish Times'.

Scríobh siad sa litir sin "Ní haon réiteach é ar ár gcuid fadhbanna díriú ar an tSínis, mar a mholann an tAire, seachas an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Iodáilis agus an Phortaingéilis. Ní dhéanfaidh sé eolaithe, oibrithe leighis ná lucht gnó níos fearr dínn. Ní bheidh muid chomh hidirnáisiúnta céanna agus atá, agus is creideamh saonta na heacnamaíochta a thiománfaidh sinn."

Ag labhairt di le Gaelscéal an tseachtain seo, dúirt an Dr Siobhán Donovan, Ceannasaí Eatramhach Teagaisc agus Léinn, COBÁC, agus duine de shínitheoirí na litreach sin, "Bheadh faitíos orm dá mba rud é nach mbeadh teanga eachtrannach riachtanach chun áit a bhaint amach in institiúid tríú leibhéal de chuid Ollscoil na hÉireann gur dócha gur níos lú daltaí a dhéanfadh staidéar ar theanga eachtrannach sa tsraith shinsireach."

Lean sí uirthi: "Mar gheall ar chóras na bpointí atá ina rás agus fheachtas an rialtais tuilleadh daoine ag meánleibhéal a sheoladh go dtí an ollscoil, b'fhéidir go dtabharfadh daltaí droim láimhe do theangacha eachtrannacha.

"Tá comhfhios teangeolaíochta níos géire againne de thoradh na Gaeilge. D'fhéadfaí é sin a chothú chun úsáid teangacha eachtrannacha a chur chun cinn sa tír seo."

Sa Bhreatain tháinig titim mhór mhillteach i bhfoghlaim teangacha eachtrannacha tar éis go ndearna iarrialtas Pháirtí an Lucht Oibre roghnach iad do dhaltaí ag 14 bliana d'aois. Tá athrú meoin ann na laethanta seo, áfach, agus iarradh i dtuairisc a tháinig amach le deireanas thall - All-Party Parliamentary Group Report on Modern Languages (UK 2011) - "teangacha éigeantacha " a thabhairt isteach arís.

Fiacha, imirce agus fuinneamh na tosaíochtaí ag uachtaránacht na Polainne ar an Aontas Eorpach

Diarmuid Johnson

Ar 1ú Iúil, ghlac an Pholainn uachtaránacht an Aontais Eorpaigh uirthi féin go ceann sé mhí. Seo í an chéad uair atá an cúram sin ar Vársá ó ceapadh an Pholainn ina ball den Aontas in 2004. Cé na gaid is gaire don scornach ar Donald Tusk agus páirtí rialtais an PO más ea?

Fiacha na Gréige agus na Portaingéile agus an ghéarchéim airgeadais i limistéar an Euro an chéad rud. Rud is íorónach, ní bhaineann an Pholainn féin le limistéar an Euro. Agus níl an trua chéanna aici do na tíortha atá i bponc agus atá ag an nGearmáin nó ag an bhFrainc. Is í an Pholainn an tír is mó a ndéanann an tAontas infheistíocht inti ar mhaithe le forbairt, agus ní mian leo go dtriomódh an tobar sin orthu. Féachfaidh Tusk le fainic a chur ar an Aontas faoi róchaiteachas i dtíortha na meánmhara más ea.

Tá dhá ní eile ann a bhfuil práinn leo. Limistéar Schengen an chéad cheann acu. An tseachtain seo caite, dhún an Danmhairg an teorainn. Dúirt siad gurb é an fuílleach daoine atá ag teitheadh chun na hEorpa ó thuaisceart na hAfraice ba chúis leis an mbeart sin. Ach ar an taobh eile den scéal, tá doicheall sa Danmhairg leis an trácht a bhíonn ann ón nGearmáin, agus tá tithe go leor ceannaithe sa Danmhairg ag daoine ó cheantar Hamburg le tamall anuas. Pé scéal é féin, is cinnte áfach go bhfuil tacaíocht sa Pholainn do limistéar Schengen: níl cathair Bheirlin ach leathchéad míle ón teorainn, tá mótarbhealach á thógáil idir Beirlin agus Vársá, agus baineann lucht gnó na Polainne airgead go leor as an tionscal iompar earraí soir siar go dtí na tíortha Baltacha agus ar ais.



José Manuel Barroso, Uachtarán Choimisiún na hEorpa, agus Príomhaire na Polainne, Donald Tusk, i Vársá ag tús na míosa.

Cúrsaí fuinnimh an dara ní atá i mbéal an phobail faoi láthair. Is í an Pholainn an tír is mó atá i dtuilleamaí an ghuail lena cuid aibhléise a thionsclú. Caithfear laghdú a chur ar an truailliú. Ach laetha beaga roimh thús a tréimhse uachtaránachta, vótáil feisirí na Polainne in aghaidh athbhreithniú atá molta ag an Aontas maidir le spriocanna laghdaithe gáis charbóin. B'í an Pholainn an taon tír a rinne amhlaidh. Cúis díomá agus déistin do lucht polasaí fuinnimh ó na tíortha eile a bhí ansin.

Tá ceist mhór ann faoi chineál eile gáis faoi láthair. Gás scealla a thugtar air. Is gás é seo a bhíonn go domhain sa talamh faoin leic. Ní rud míchoitianta an gás scealla. Tá sé fairsing in áiteacha sa Rómáin, sa Fhrainc, sa Bhreatain Bheag, cuir i gcás. Ach tá conspóid mhór ann maidir leis na modhanna oibre atá ann leis an ngás a bhrú aníos tríd an talamh. Déanann an tionscal seo scrios. Tá cosc air sa Fhrainc ó bhí anuraidh ann ar mhaithe leis an timpeallacht agus le sláinte na ndaoine. Ach tá beirtreacha móra den ghás seo faoi thalamh na Polainne. Is dóigh go bhféachfaidh Tusk leis an gceist seo a chur ar an méar fhada le súil nach le linn a chuid uachtaránachta féin a phléifear an scéal go mion.

Le linn óráide i bPairlimint na hEorpa coicís ó shin, dúirt Donald Tusk leis na feisirí gur mian leis béim a chur ar mhéadú an aontais agus ar chomhoibriú leis na comharsana. Luaigh sé trí bhealach ar mhian leis an tAontas a neartú de bharr comhar na gcomharsan: ó thaobh cúrsaí fuinnimh de, ó thaobh cúrsaí bia agus cothabhála de, agus ó thaobh cúrsaí míleata de. Is cinnte go raibh súil aige ar an mBéalarúis agus an méid sin á rá aige. Tá stát na Béalarúise fós faoi dheachtóireacht an Uachtaráin Loukachenko, agus tá 900,000 duine de bhunadh na Polainne lonnaithe sa tír sin.

Más maith olc a chruthós an Pholainn i mbun na huachtaránachta di, is cinnte go mbeidh breis léargais ar chúrsaí na hEorpa i measc aos polaitíochta na tíre faoin am a mbeidh an tréimhse sé mhí seo curtha díobh acu.

Ag ceannach toitíní san Íoslainn? Téigh go dtí an poitigéir...

Scott De Buitléir

TÁ moladh curtha os comhair rialtas na hÍoslainne chun bac a chur ar dhíol tobaic, ach amháin i gcógaslanna.

Is é moladh naonúr polaiteoirí san Íoslainn ná paicéid toitíní a bhaint ó sheilfeanna i siopaí na tíre agus á gcur ar díol tríd an dochtúir nó an bpoitigéir amháin. Dá n-éireofaí leis, bheadh tobac agus nicitín cláraithe mar dhrugaí den dara aicme. Is cosúil go laghdófaí ráta cánach na dtoitíní, mar thuigfí gurb andúiligh iad daoine a bhfuil orthu dul chun an dochtúra le toitíní a cheannach.

Is é Þórarinn Guðnason, cairdeolaí (cardiologist) ag Ospidéal Landspítali i Réicivíc agus uachtarán Chumann Cairdeolaithe na hÍoslainne, an saineolaí a chabhraigh leis an rialtas chun an moladh a chur le chéile. "Ceapaim gur féidir leis an Íoslainn a bheith ina saotharlann chun triail a bhaint as rudaí nua toisc gur tír bheag muid agus nach bhfuil éileamh mór ar an tobac anseo." D'ainneoin tuairim Guðnason, cé go bhfuil líon na gcaiteoirí tobaic ar an méid is lú san Eoraip, caitheann fiche faoin gcéad de pháistí agus dhéagóirí tobac. Is é 31% an meánfhigiúr ar Mhór-Roinn na hEorpa. Gach bliain, faigheann 300 duine as gach míle go leith bás san Íoslainn mar gheall ar chúiseanna a bhaineann leis an tobac.

Ní chuireann an moladh bac ar áiteanna díol tobac amháin, ach ar áiteanna arbh fhéidir tobac a chaitheamh chomh maith. Bheadh caitheamh tobac teoranta i gceantair phoiblí, ar an mbóthar agus i bpáirceanna. Ní bheadh sé ceadaithe i ngluaisteáin agus páistí faoi 18 iontu, ar bhalcóin árasán ná i gcóngar do mhná atá ag iompar.

Dóibh siúd atá gafa le toitíní agus a raibh sé ar intinn acu taisteal chun na hÍoslainne, ní gá a bheith róbhuartha. Is moladh de chuid na parlaiminte - nó þingsályktun - é seo, ní bille é. Is í an difríocht ná go rachfadh bille tríd an rialtas go dtí go gcuirfí i bhfeidhm mar dhlí é.

Míníonn þingsályktun aidhm ghinearálta an rialtais maidir le hábhar faoi leith a bheadh ar siúl thar théarma fada, deich mbliana sa chás áirithe seo. Dúirt Anna Baldursdóttir, urlabhraí ón Roinn Leasa go raibh an rialtas "an-dáiríre go deo" faoin moladh seo, ach go raibh sí amhrasach an éireodh leis. Tá an moladh curtha os comhair an rialtais ag naonúr polaiteoirí thar ceann na bpáirtithe Íoslannacha go léir, chomh maith le hiar-Aire Sláinte na tíre, Siv Friðleifsdóttir

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 15 Iúil, 2011

Aitheantas ar leith ón Roinn Oideachais do chainteoirí dúchais

Seosamh Ó Riain

TÁ straitéis seolta ag an Aire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn, chun dul i ngleic le fadhbanna tromchúiseacha sa tír seo i dtaobh litearthachta agus uimhearthachta.

Mar gheall ar thorthaí de chuid Chlár Idirnáisiúnta an OECD um Measúnú Daltaí (PISA) in 2009, ba léir go raibh Éire tar éis sleamhnú siar go dona i litearthacht agus uimhearthacht ar thábla rangaithe an OECD. D'fhéadfadh sé sin damáiste nach beag a dhéanamh do sheasamh idirnáisiúnta an chórais oideachais Éireannaigh mar aon le laincisí a chur ar an rialtas ina gcuid iarrachtaí comhlachtaí a mhealladh ó thar lear isteach chun feidhmiú sa tír seo.

Den chéad uair riamh aithnítear sa straitéis go bhfuil riachtanas teangeolaíoch faoi leith ag scoileanna Gaeltachta, agus go bhfuil riachtanais shainiúla teanga atá an-éagsúil ag cainteoirí dúchais Gaeilge agus ag na foghlaimeoirí Gaeilge a dhéanann freastal ar na scoileanna sin agus ar Ghaelscoileanna.

Admhaítear fosta, "Tá riachtanais litearthachta ar leith ag scoláirí i nGaelscoileanna a fhoghlaimíonn trí Ghaeilge, scoláirí a bhfuil an Ghaeilge mar an teanga bhaile acu ina measc, nach dtugtar fúthu go hiomlán sa churaclam bunscoile reatha. Ní mór dúinn tabhairt faoi na riachtanais ar leith seo trína chinntiú go ndéanann curaclaim Ghaeilge T1 (do Ghaelscoileanna) foráil d'fhorbairt na scileanna litearthachta ar bhealach cosúil leo siúd a ndéantar foráil dóibh i gcuraclam an Bhéarla, forbairt a scileanna cognaíocha agus scileanna ard-oird smaointeoireachta leanaí san áireamh."

An tAire Oideachais, Ruairí Quinn, ag seoladh na straitéise litearthachta a thugann aitheantas do riachtanais an chainteora dhúchais den chéad uair. Grianghraf le Sam Boal/Photocall Ireland

Moltar go leasófar "curaclam na Gaeilge (T1) do bhunscoileanna lán-Ghaelacha chun na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo ó fhoghlaimeoirí a shoiléiriú" agus tosaíocht a thabhairt "do leasú na siollabas Gaeilge sa tsraith shóisearach agus scrúdú Gaeilge an Teastais Shóisearaigh."

Is iad na príomhphointí eile sa straitéis ó thaobh na Gaeilge de ná éileamh ar gach Gaelscoil trialacha caighdeánaithe ar léitheoireacht na Gaeilge, léitheoireacht an Bhéarla agus ar an matamaitic a riar do gach scoláire incháilithe ag deireadh rang a dó, rang a ceathair agus rang a sé agus cúrsa iarchéime creidiúnaithe a chur ar fáil chun múinteoirí a ullmhú le teagasc i suíomhanna trí Ghaeilge.

BLÚIRÍNÍ GAEILGE

Le Ciarán Ó Braonáin agus Seosamh Ó Riain

'Trainspotters' agus Damhsóirí de dhíth!
Ba mhaith le Waddell Media labhairt le héinne a bhfuil scéalta acu faoi shean-iarnród Uladh, mar pháirt de shraith úr fhaisnéise do TG4. Tá siad sa tóir ar chuimhní cinn, scéalta, iarsmaí, grianghraif nó seanfhíseáin Super 8, agus más spéis leat cuidiú leis an togra is féidir dul i dteagmháil le hÓrfhlaith ag Waddell Media ar (048) 9042 7646 nó orfhlaith@waddell-media.com.

Más fearr leat d'am a chaitheamh sa halla damhsa in áit an stáisiúin traenach, tá deiseanna teilifíse ann duit fosta agus TG4 ag lorg damhsóirí don tsraith is déanaí de chuid 'An Jig Gig'.

Tá fáilte roimh lucht rince de gach aon aois, gach cineál rince Ghaelaigh, agus níl teorainn ar bith ar líon na ndaoine sa ghrúpa. Is é 28 Iúil sprioclá na n-iarratas agus tá na foirmeacha iontrála ar fáil ag www.tg4.ie/jiggig.

Lagú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla?
Tá bille ina bhfuil leasú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla san áireamh ann faoi chaibidil sa Seanad faoi láthair. D'fhéadfadh an leasú ceadúnas dlí a thabhairt don rialtas acht a fhoilsiú ar an idirlíon in aon teanga oifigiúil amháin sula gcuirfear i gcló sa dá theanga oifigiúil é.

Tá imní ar Chonradh na Gaeilge go bhfuil an rialtas ag iarraidh an tAcht a dhéanamh níos laige, agus tá siad ag lorg tacaíochta ó pholaiteoirí ionas nach ndéanfar athruithe ar an Acht sula mbeidh athbhreithniú déanta air, mar atá geallta i gclár an rialtais.

Scoil Samhraidh Ghàidhlig na hAlban
Beidh deis ag daoine feabhas a chur ar a gcuid Gàidhlig le cainteoirí dúchais agus foghlaim faoi stair agus cultúr áitiúil Ghaeltacht na hAlban nuair a bheas scoil samhraidh ag an Pháirc, Leòdhas, an mhí seo chugainn.

Ag teacht sna sála ar rath á gcuid cúrsaí Gàidhlig ina mbrú, a bhfuil moladh mór faighte acu, tá 'Co-chomunn na Pàirc' anois ag tairiscint scoil samhraidh ar feadh seachtaine ina bhféadfaidh duine fanacht thar oíche le teaghlaigh Ghàidhlig, mar aon le clár iomlán de theagasc de réir chur chuige Gàidhlig ÙLPAN agus cuairteanna ar chomhphobail.

Áirítear leis seo seirbhís eaglasta le canadh salm Gàidhlig, cuairteanna ar an músaem staire agus ar an gcartlann staire áitiúil, cruinnithe le grúpaí comhphobail, céilí agus cuairteanna ar áiteanna a léiríonn stair bhánú na ndaoine, coimhlint talún, athlonnú talún agus eisimirce.

Dé Sathairn 13 go dtí Dé Sathairn 20 Lúnasa ná dátaí agus tá tuilleadh eolais le fáil ó +44 (0) 18518 80236 agus ón suíomh idirlín feisnangael.com/pairc.

Iarratas athzónála Ghaelscoil an Ghoirt Álainn diúlaithe

Seosamh Ó Riain

VÓTÁIL tromlach beag comhairleoirí de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí in aghaidh athzónála ar an talamh ar a dtugtar an "Tank Field", in oirthuaisceart Chathair Chorcaí, oíche Luain seo caite.

Bhí súil ag Gaelscoil an Ghoirt Álainn an talamh a úsáid chun foirgneamh nua a fhorbairt don scoil ach caitheadh 15 vóta in aghaidh na hathzónála agus 13 ceann ar a son. I measc na 31 comhairleoir a bhfuil sé de cheart acu vóta a chaitheamh, bhí beirt as láthair ar an oíche agus tuigtear dúinn nár chaith Ard-Mhéara Chathair Chorcaí, Terry Shannon, aon vóta ar an ócáid seo.

Ag labhairt dó le Gaelscéal, dúirt Keith Ó Brolacháin, múinteoir sa Ghaelscoil agus ball d'fho-choiste múinteoirí agus tuismitheoirí sa scoil, "Bhí díomá orainn leis an toradh, bhí a fhios againn go mbeadh sé deacair. Tar éis a bheith ag caint le múinteoirí, tuismitheoirí agus le roinnt daoine eile, tá díomá ann, ach níl aon rud athraithe. Ceann de na hargóintí a cuireadh inár gcoinne ná go raibh an daonra sa cheantar ag titim, ach beidh 48 páiste nua sa scoil don scoilbhliain nua. Tá an scoil ag fás, beidh níos mó daltaí inti i mí Mheán Fómhair ná riamh. Nuair a bhunaíomar an fo-choiste, ní chun coimhlint a chothú a rinneamar amhlaidh, ach chun scoil a chur ar fáil ar mhaithe leis na páistí."

Anuas air sin, dúirt an tUasal Ó Brolacháin, "Tá súil agam go ndéanfaidh an Roinn Oideachais achomharc leis an mBord Pleanála mar a tharla an t-am deiridh, agus go leanfar leis, mar thug an Bord Pleanála cead pleanála dúinn cheana ar an suíomh céanna."

Dar le Breandán Ó Guagáin ó na Montenotte Residents' Associations, "Ba chóir don Roinn Oideachais dul ar aghaidh anois agus suíomh nua a fháil, maoiniú a chur ar fáil don Ghaelscoil agus foirgneamh nua a chur ar fáil chomh luath agus is féidir."

Dúirt Roland Steinmetz ó Murmount Residents' Association gur moladh idir 5-10 suíomh eile don Ghaelscoil thar na blianta, Tinker's Cross ina measc sa bhliain 2001, ach níor ghlac an Ghaelscoil ná an Roinn Oideachais le haon cheann acu.

Chuir an dá chumann áitritheoirí in iúl nach in aghaidh na Gaelscoile atá siad ar chor ar bith, ach in aghaidh go lonnófaí an Ghaelscoil sa 'Tank Field', agus ina aghaidh sin amháin.

Tá díospóireacht faoi Ghaelscoil an Ghoirt Álainn agus an 'Tank Field' ar siúl le blianta. Bronnadh stádas spóirt ar an talamh sin cheana agus, dar le neart de mhuintir na háite dá mbainfí an stádas sin den talamh, ní bheadh aon áit ghlas acu do chaitheamh aimsire amuigh sa cheantar sin den chathair. De réir lucht na Gaelscoile, d'fhéadfadh an dá dhream, an Ghaelscoil agus muintir na háite araon, bheith ann sa 'Tank Field' taobh le taobh gan a bheith ag cur isteach ar a chéile .

TRÁCHTAIREACHT

Ardán: Impireacht Mhurdoch Faoi Ionsaí

Fionán Óg Ó Muircheartaigh, Londain

In imeacht seachtaine d'athraigh fócas scannal News Corp ó 'chúpla úll lofa' go dtí cliseadh córasach sa chomhlacht. In ainneoin go raibh an chosúlacht ar an scéal gur tháinig an comhlacht slán ón scannal, tháinig líomhaintí tromchúiseacha nua chun solais an tseachtain seo caite.

Foilsíodh gur deineadh bradaíl ar ghutháin daoine a tháinig slán ó na hionsaithe sceimhlitheoireachta 7/7 in 2005, ar chlanna saighdiúirí a fuair bás san Afganastáin, agus ar ghuthán Milly Dowler, cáilín trí bliana déag d'aois a bhí imithe ar iarraidh.

Dé Domhnaigh seo caite foilsíodh an t-eagrán deireanach den News of the World, an nuachtán ar a raibh formhór na líomhaintí dírithe. D'eitil ceannaire News Corp, Rupert Murdoch, go dtí an Bhreatain ag tús na seachtaine chun iarracht a dhéanamh an scannal a chiúiniú.

Níor éirigh leis. Briseadh líomhaintí úra an tseachtain seo nuair a cuireadh bradaíl agus goid cáipéisí pearsanta i leith The Sunday Times agus The Sun, nuachtáin eile de chuid News Corp. Chomh maith leis sin tá fianaise bhreise ag teacht chun solais go raibh lámh ag eagarthóirí agus ceannairí áirithe sa bhradaíl, gur cheadaigh agus gur cheil siad íocaíochtaí mídhleathacha le póilíní ar son uimhreacha gutháin. Tá an boladh bréan ag scaipeadh.

Dé Céadaoin seo chuir News Corp deireadh lena n-iarracht an craoltóir satalaíte BSkyB a cheannach. Mheall an tairiscint chorparáideach cáineadh ón bpobal, ó na meáin, agus ó pholaiteoirí araon. Bhí an scannal ag ísliú luach stocanna News Corp. Rogha ghnó a bhí sa ghéilleadh.

Tá an trioblóid fós ag scaipeadh thar lear. Tá aird tarraingthe ar chumhacht News Corps ar na meáin san Astráil agus i Meiriceá agus tá polaiteoirí ag lorg go bhfiosrófaí imeachtaí an chomhlachta sna tíortha sin.

Tá todhchaí an chomhlachta anois i mbaol.

Táid siúd ar an eite chlé ar bís le titim na hImpireachta. Tá a gcuid iomaitheoirí sna meáin chraolta agus sa Guardian - an nuachtán a bhris an scannal - ag seanmóireacht go fonnmhar leo. Tá polaiteoirí, a gcuid cúthaileachta i dtaobh Murdoch dearmadta acu, ag cur fuaime le fearg agus faitíos i dtaobh chumhacht na meán. Agus is beag gíog a bhí astu coicís ó shin.

San idirlinn, tá tablóidigh agus mórbhileoga eile ag éirí faiteach, a gcáineadh níos cúramaí, agus a gcuid iriseoirí ag iompú ar a chéile.

Níl an scéal thart go fóill. Cleachtas forleathan a bhí sa bhradaíl agus sa bhlagáil agus sínfidh an scannal leis. Is é iaróin an scéil ná go soláthróidh an t-ísleán iriseoireachta seo buaicphointe díolachán. Oireann an eachtra go maith do nuacht an 21ú aois, áit nach bhfuil gá go mbeadh castacht ar scéal, ach go mbeadh neart cor agus scannal ann. Meallfar léitheoirí ina sluaite.

Rupert Murdoch

Is amhlaidh an toradh ar dhrámaíocht, collaíocht agus neamhdhleathacht. Is iad seo na téamaí a dhíolann nuachtáin. Saor-rogha tomhaltóirí a íocann euro ionraic ar a son. I gcás News of the World, gnó a bhí ann. Bhí eagarthóirí sa tóir ar dhíolacháin. Bhí iriseoirí sa tóir ar scéalta. Shleamhnaigh prionsabail iriseoireachta agus prionsabail eitice sa tóraíocht éadrócaireach sin.

Níor cheart go dtapófaí an deis an milleán a chur ar aon mhógal ar leith mar gheall ar an chlaochlú seo. Tá an t-idirlíon tar éis fuadar a chur faoin timthriall nuachta. Tá an nuacht dhigiteach níos minicí agus níos gonta.

Dá réir, níl an fheidhm chéanna ag nuachtán deis a sholáthar don léitheoir macnamh a dhéanamh ar na himeachtaí is déanaí. Freastlaíonn siad ar mhianta gearrthéarmacha léitheoirí, ag soláthar colúin bheaga eolais i dteannta pictiúirí daite a mheallfaidh an léitheoir go dtí an chéad scéal eile nuair a théann an intinn ar fánaíocht.

Tá an domhainmhachnamh ar iarraidh. Ina áit tá tobthuairimí - freagraí sciobtha éadoimhne ar an scéal is déanaí - mar thoradh ar an ngá le hanailís cothrom le dáta ar an casadh is déanaí sa scéal.

Shleamhnaigh caighdeáin - agus ní i gcomhlacht News Corp amháin a tharla sé. Is iomaí nuachtán anseo in Éirinn a rinne áibhéil ar scéal, a chuir brú ar a gcuid iriseoirí nó a d'fhreastail go neamhcheisteach ar eiteas doscriosta an Tíogair Cheiltigh. Agus ní na tablóidigh amháin a bhí deimeagógach, mar is léir ó na forlíontaí tithíochta a bhí sé de nós ag an Irish Times a eisiúint go bródúil ar feadh na mblianta.

Ach ní ar an idirlíon ná ar iriseoirí amháin is féidir an milleán a leagan. Léiríonn an scannal seo, díreach mar a léirigh an cliseadh eacnamaíochta, go gciontaíonn cultúr aindleathachta níos mó ná grúpa amháin sa choir.

Is iomaí léitheoir a bhí ag News of the World rud a thugann cosaint ar leith don stíl iriseoireachta a bhí acu. Go deimhin, ba shoiléir i gcónaí ó léamh scéalta áirithe go mbíodh príobháideacht á sárú. Cad eile is brí le 'scúp' an lae a fháil?

Admhaímis é: is iomaí duine a léann nuachtán díreach ar mhaithe le heolas rúnda agus eolas pearsanta a fháil. Agus tuigtear go maith nach soláthraítear go toilteanach é.

Is léir gur chuir News Corp béim ar chúlchaint agus cultúr an iomráiteachais, mar aon le brú a chur ar iriseoirí de gach cineál ról an bhleachtaire a thógáil. B'shin é an fhoirmle oibre a bhí acu. Ach an féidir a rá go cinnte gur daingníodh an nós seo ón mbarr aníos nó an deistapaíocht atá ina leithéid de líomhaintí?

Má bhíonn an t-ádh orainn, freagrófar an cheist sin san iniúchadh poiblí atá fógartha sa Bhreatain.

Idir an dá linn, ba cheart ár n-aird a dhíriú ar an easpa domhainmhachnaimh sna meáin i gcoitinne. Stop ag léamh, suigh siar, agus déan do mhachnamh air.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 15 Iúil, 2011

Úps! Fonn agóide ag fás agus Ming slán

Páidí Ó Lionáird

"TÁ mí-úsáid bainte acu as an daonlathas!" B'shin iad na focail láidre a labhair John McDermott, urlabhraí de chuid Choiste Caomhnaithe Ospidéil Ros Comáin agus é ag caint le hiriseoir teilifíse an tráthnóna faoi dheireadh. Focail láidre cinnte agus údar maith lena n-úsáid.

Ní dócha go bhfuil aon údar iontais ann dúinn go bhfuil geallúintí a thug polaiteoirí a bhí i mbun stocaireachta roimh an olltoghchán deireanach ligthe i ndearmad agus caite i dtraipisí anois acu. Níl. Nach seanchleas na polaitíochta atá ann?

Níl aon iontas orainn faoi ach tá iontas orainn go dtarlódh sé chomh luath seo i dtéarma an rialtais seo.

Ní fada ó shin go rabhas ag tabhairt breithiúnais ar mhaitheas na comhaireachta sa cholún seo. Fuair na hairí scór láidir agus bhí sé tuillte acu ag an am. Ar ndóigh, is fada an t-achar ama cúpla seachtain i saol na polaitíochta agus an pholaiteora araon.

Thugas scór 7/10 don Aire Sláinte James O'Reilly. Cheapas ag an am go raibh sé tuillte aige de bharr an tseasaimh a bhí tógtha aige le Bord an FSS agus bhíos dóchasach go bhféadfadh sé greim a fháil ar róchaiteachas na ndochtúirí comhairleacha mar gheall ar a úire a bhí a thaithí mar idirghabhálaí ar a son.

Ag féachaint siar dom ar a cheapachán don Aireacht áirithe sin, is cuimhin liom go raibh cuid de mo chomhghleacaithe glan ina aghaidh. Bhíodar deimhin de nárbh é an fear ceart le haghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim sláinte a bhí cruthaithe ag an duine a tháinig roimhe, Mary Harney, nuair a chuthaigh sí an t-arrachtach sin, Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte.

Bhí cuid de mo chairde, a oibríonn san earnáil leighis, a cheap gurbh fhearr ligean do shúile óga, úra le taithí leighis freisin an cás a láimhseáil.

Bhíodar ag lorg Leo Varadkar. Ró-óg a dúrt ach anois, le himeacht ráithe agus tuilleadh, n'fheadar cé a bhí ceart?

Ar shlí is cuma. Dúradh rud amháin roimh an toghchán agus anois is a mhalairt scéil atá acu. Droch-chleachtas agus cleachtas atá go hiomlán mícheart. Ina theannta sin, bhí sé raite go neamhbhalbh ag an dream 'nua' go mbeidís ag glanadh suas na gcleachtas seo, nach mbainfidís lena leithéid, go lonnródh solas na fírinne, na tréd-hearcachta agus na macántachta ar gach cinneadh a dhéanfaí dá dtoghfaí iad. Bhuel, ceart go leor, ní dúradar é sin ar fad go baileach, ach tuigeann sibh cad atá i gceist agam.

Thug an tAire O'Reilly geallúint áfach. Geallúint atá briste anois aige.

Thugas scór 9/10 don Taoiseach, Enda Kenny. Bhí an láncheart agam ag an am, creidim. Thaitin a stíl iartharach liom, gur labhair sé go soiléir agus gan a bheith teanntaithe ag laincis nótaí a bhí scríofa ag duine éigin eile dó, gur oscail sé suas an pholaitíocht agus chreideas go raibh sé ar intinn aige snas a chur uirthi.

Nílim cinnte anois. Is maith liom fós go siúlann sé chuig an Dáil. Tá rud éigin deas agus macánta faoi sin fiú muna bhfuil ann ach an siombalachas féin. Chreideas é nuair a sheas sé ós comhair na Dála agus thug dúshlán Mhichíl Martin a chuir ina leith gur gheall sé do mhuintir Ros Comáin nach ndúnfaí a n-aonad timpiste agus éigeandála. "Cathain a dúirt mé é sin?" a d'iarr sé ar Martin. "Taispeáin agus cruthaigh dom é!" a lean sé.

Cheapamar go raibh an Corcaíoch chomh cloíte le hiománaithe a chontae agus ag an nóiméad sin bhí sé ina thost. Ach - agus cén scéal maith a chuala tú riamh gan an focal 'ach' ann - cúig lá ina dhiaidh sin, sheas an Corcaíoch suas mar fhathach groí trasna ón Taoiseach agus d'fhógair sé go raibh an taifead faighte aige ina raibh an Taoiseach le clos ag geallúint go neamhbhalbh, pé ní eile a tharlódh, fiú dá dtriomódh an tSionainn agus dá mbuailfeadh Cill Mantáin Cill Dara sa pheil, nach ndúnfaí aonad timpiste agus éigeandála ospidéal Ros Comáin.

I nglór so-aitheanta, cairdiúil agus ríshoiléir an Taoisigh, bhí gach rud a bhí ráite ag Martin an tseachtain roimhe cruinn ceart agus anois mar údar náire agus smál ar a charachtar ag an Taoiseach. Tá sé go dona bréag a insint. Tá sé níos measa é a shéanadh agus is é an choir is mó ar fad ná go mbéarfaí ort. Agus sa Dáil féin? Os comhair an tí lán le comhghleacaithe agus ceamaraí na teilifíse? Agus é mar 'athair' na Dála?

Táimid tar éis glacadh leis na ciorruithe ar fad. Tá gach teaghlach sa tír i bhfad níos gainne ar chaiteachas ná mar a bhí dá ndeasca. Thoilíomar agus ghlacamar agus níor thógamar na sráideanna orainn féin cosúil lenár gcomharsana. Agus tá a fhios againn go bhfuil tuilleadh cruatain i ndán dúinn. Ach nuair a bhíonn crú na sláinte ar an táirne, nuair a thiteann an lug áirithe sin ar an lag - agus úsáidim 'lag' faoi threoir - léirítear fearg. Tá sé léirithe ag muintir Shligigh, ag muintir Ros Comáin agus anois go bhfuil táillí bus scoile á méadú ar a ceathair , bímis ag súil le níos mó agóidí. Is sochaí réasúnta muid, ach ná hinis éithigh dúinn!

Tá cuimhne an-fhada ag toghdóireacht Ros Comáin, é de nós acu gan an criú céanna a cheapadh faoi dhó agus is ar éigin a shábhálfaidh cailliúint fhuip an pháirtí Dennis Noughton. Ach geallaim daoibh go mbeidh Ming ar ais. Sin geallúint lena seasfaidh mé!

Ón Bhrasaíl go dtí an Pholainn - naimhde Phrotastúnaigh Uladh

Eoghan Ó Néill

Ón Bhrasaíl go dtí an Pholainn -naimhde Phrotastúnaigh Uladh

Duine de na hÉireannaigh nua í Magdalena Wolska. Polannach, a tháinig go Béal Feirste ceithre bliana ó shin agus gan aici ina póca ach £100.

Chaith sí roinnt blianta ag obair sa bhialann ag an Tionól agus ansin fuair post mar bhean slándála ag Stormont.

Tá Magdalena chomh tógtha sin faoina baile nua is gur sheas sí mar ionadaí an SDLP i mBéal Feirste Thoir i dtoghchán an Tionóil.

Bhí a sáith iontais uirthi mar sin - agus eagla a craicinn lena chois déarfainn - nuair a chonaic sí póstaeir thoghcháin s'aici ar bharr tinte cnámh dílseacha ar Bhóthar Bhaile Nua na hArda oíche Luain.

Os comhair scaifte de roinnt céadta duine dódh íomhá s'aici as cibé 'peacaí' a rinne sí i gcoinne an phobail Aontachtaigh.

Cad í an teachtaireacht a chuir an ghné sin de 'Orangefest' chuig an phobal Polannach, pobal a bhíonn faoi ionsaí go rialta sa Tuaisceart?

Níl i Magdalena Wolska áfach ach duine eile ar an liosta fada de 'naimhde an phobail Phrotastúnaigh.'

Tine chnámh in oirthear Bhéal Feirste le bratacha Éireannacha agus póstaeir pholaitiúla réidh le dó.

Glacaim leis gurb é a gCaitliceachas seachas a stíl imeartha a shaothraigh áit d'fhoireann sacair na Brasaíle ar thine chnámh dhílseach i mBéal Feirste Thoir. Nó bhí an léine bhuí Bhrasaíleach go sonrach ann. Bhí bratach na bPalaistíneach ann.

Agus bratach Chonradh na Gaeilge (an Scal Ghréine). Mar aon le léinte Glasgow Celtic, bratacha contae de chuid an CLG, póstaeir de chuid Néill Uí Dhonnghaile (Ard-Mhéara Bhéal Feirste), bratach an Chamchéachta, bratach na Vatacáine, cláir adhmaid ar a raibh scríofa 'F*** Neil Lennon', íomhá den Phápa, íomhá de Naomh Pádraig agus fiche rud eile. Ó, agus ar ndóigh bratach na dTrí Dhath. Roinnt céadta acu.

Is cuma faoin mheas a léirigh Banríon Eilís na Breataine air.

Níl aon rud is deise leis na géillsinigh is dílse i dTuaisceart Éireann ná bratach na dTrí Dhath a dhó.

Cuid den 'chultúr Oráisteach' é dó tinte cnámha agus dó bratach. Cá bhfuil an ceannaire, a d'inseodh leis an phobal Protastúnach ó thuaidh nach 'cultúr' é sin? Ach a mhalairt ar fad de chultúr. Cá bhfuil an ceannaire a d'inseodh leo gur ceap magaidh agus díol déistine do bhunús phobal na cruinne é an ceiliúradh biogóideachta a fheiceann muid ar an Dóú Lá Déag?

Seachas sin a rá chaith an DUP tús na seachtaine seo ag lascadh an PSNI as bratacha dílseacha a bhaint anuas ó chuaillí solais taobh amuigh de theach an phobail Caitliceach i mBealach Cláir. Dar leo gur 'ionsaí ar an chultúr Protastúnach é' na bratacha a bhaint anuas. Cad faoin ionsaí ar 'chultúr' an phobail bhig Chaitlicigh i mBaileach Cláir nach raibh uathu ach dul chun Aifrinn gan bratacha UVF agus UDA thart timpeall orthu?

Sa cheantar taobh liom tá bratacha UVF ann, bratacha UDA, bratacha Fág an Bealach/ RIR, bratacha Oráisteacha, bratacha fhoireann sacair Northern Ireland, bratacha Iosrael, bratacha an YCV (an UVF óg) bratacha Uladh, bratacha Dhroim Chrí, bratacha na Ríochta Aontaithe, bratacha na hAlban, agus neart eile. Tá na céadta acu ann.

Crochtar na bratacha seo in airde ní amháin i gceantracha dílseacha.

I mBéal Feirste cuirtear in airde iad i gceantracha measctha, ar nós Bhóthar Lios na gCearrbhach agus Fhionn Eachaidh agus Ghleann Ghormlaithe. Crochtar iad i mbailte turasóireachta ar nós Bushmills, Chúl Raithin, Dhún Droma agus Bheannchair. Agus dá réir. An bhfuil na magairlí ag aon pholaiteoir Aontachtach a fhógairt os ard gur gníomh seicteach é bratacha dílseacha a chrochadh taobh amuigh de theach an phobail Caitliceach?

Nó gur seicteachas gránna é buíonta ceoil Oráisteacha a bheith ag seinm 'The Sash' agus iad ag dul thar theach an phobail Caitliceach?

Ar iomlán na cainte ó Peter Robinson faoi lámh an athmhuintearais a shíneadh i dtreo na gCaitliceach tá seisean reoite san áit a raibh ceannairí Aontachtacha riamh. Scanraithe ina gcraiceann go scairtfear amach 'Lundy' má tá sé de mhisneach acu an fhírinne a rá. Tá seicteachas ann in achan phobal agus in achan aicme sa Tuaisceart. Tá cuid acu níos measa ná a chéile. Ach ní scéal 50-50 é. Is mó i bhfad an obair atá le déanamh sa phobal Protastúnach ná sa phobal Caitliceach.

Agus is láidre i bhfad an cheannasaíocht pholaitiúil sa phobal Caitliceach ná sa phobal Protastúnach.

Anois go bhfuil iomlán na dtinte cnámh dóite agus a seal bliantúil caite acu ag ligean orthu féin go bhfuil siad níos fearr as ná 'na Fíníní', thig leis an lucht oibre Protastúnach meabhrú ar chomh hiontach is atá a gcás.

Nó tá 364 lá fada crua rompu ag cur suas le heaspa áiseanna, easpa áiméir dá bpáistí, easpa muiníne, agus easpa ionadaíochta polaitiúla go dtí go dtig an chéad 'Glorious Twelfth' eile.

Agus, ar a laghad, idir an dá linn thig leo a bheith sásta go bhfuil an DUP is an UUP ag déanamh ionadaíochta ar a son seachas duine ar nós Magdalena Wolska.

Is orainn féin atá an locht

Daoine i scuaine le haghaidh Leasa Shóisialaigh i gCearnóg an Easpaig, Cnoc Réamoinn, Baile Átha Cliath, an mhí seo caite. GRIANGHRAF LE MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND

Conall Ó Mórain

Faigheann tú gach sórt duine ag cur ríomhphost chuig cláir raidió agus ní haon eisceacht an Sunday Business Show. Ar an Domhnach seo caite ar an gclár, mar is gnáth, bhí beirt duine gnó, Tom Noonan ó Maxol agus Angela Keegan ó MyHome.ie, ag déanamh léirmheasa ar na leathnaigh ghnó i nuachtáin an Domhnaigh agus rinne siad trácht ar cheann de na príomhscéalta a bhí iontu uilig, ceann a bhain leis na hathruithe maidir le Comhchonarthaí Oibreachais, na JLCs, mar a thugtar orthu.

De ghnáth seoltar roinnt céadta téacs chugainn i rith an chláir agus léitear gach ceann acu - roinnt bheag ar an aer agus an fuílleach i ndiaidh an chláir. Bíonn sé soiléir cuíosach tapa cad atá ag cur isteach ar lucht curtha na dtéacsanna, iad ar buile faoi seo agus siúd, ag gearán faoi phraghasanna breosla nó gáis, iad ar mire de dheasca breithiúna ag ceapadh gur eisceachtaí iad féin nach mbeadh orthu glacadh le ciorruithe ar a gcuid tuarastal. Bíonn gach sórt ann, agus, ar ndóigh, roinnt acu cliste ag lorg poiblíochta saor in aisce dá gcuid gnónna.

Téacs amháin a tháinig chugainn, a léigh mé amach ar an aer mar gheall ar a raibh ann, ná ceann ag gearán go fíochmhar (anchuid UASLITREACHA mar shampla) go raibh moll mór de na daoine sin atá ar an 460,000 duine sa tír atá gan phost díomhaoin d'aon ghnó. Sea, d'aon ghnó.

Rud glan-amaideach, seafóideach ar fad é seo a rá nó a scríobh agus bhí áthas orm go ndúirt an péire léirmheastóirí an méid sin. Seo beirt daoine atá ag rith a gcuid gnónna féin agus cheapfadh roinnt daoine, nach dtuigeann cúrsaí gnó, go dtacódh siad leis an téacs ar an bpointe. Dóibh siúd a chónaíonn ina saol simplí féin tá daoine crua, gan chúram iad siúd a bhíonn ag plé leis an ngnó.

Ach is gnáthdhaoine lucht gnó. Tá a fhios agam go bhfuil corrdhuine acu ann go bhfuil tuairimí gan bhunús acu faoina dtábhacht féin ach dá gcuirfí an cheist orm cé mhéad duine cosúil leis seo atá i mbun gnó, déarfainn 0.1%. An 99.9% eile is gnáthdhaoine le gnáthdheacrachtaí iad agus tuigeann siad go sármhaith na brúnna atá orainn ar fad faoi láthair.

Bhí mo bheirt léirmheastóirí antapa chun dul i ngleic leis an téacsóir agus níor tugadh aon fhaoiseamh dó. An fáth go bhfuil an oiread sin daoine sa scuaine dole ná nach bhfuil poist ann. Sin é go simplí. Níl poist ann mar nach bhfuil aon bheocht sa gheilleagar. Ní féidir poist a chruthú go dtí go bhfuil teacht ar chreidmheas agus níl a leithéid ar fáil faoi láthair. Feicfear sna seachtainí amach romhainn an athróidh sé seo agus athrú meoin tagtha le mí nó dhó anuas ar an Aontas Eorpach mar a cheap an colúnaí seo go dtarlódh. Cosúil leis an mbuachaill lag sa seomra ranga, baineann buntáiste le duine nó daoine atá níos laige a bheith sa rang (na hIodálaigh curtha isteach sa rang lag anois, is léir), daoine a tharraingíonn an spotsolas ar shiúl uainne ina dtreo siúd.

Nuair a chloisim daoine a rá nár bhain siad aon bhuntáiste as an Tíogar is soiléir nach ndearna siad poinn machnaimh air. Má thaistealaíonn siad ar na mórbhóithre tá siad ann de bharr an Tíogair. Sna 1960í ní raibh tithe ann do dhaoine. Anois deirtear go bhfuil suas le 300,000 tigh iomarcach sa tír.

Mar a scríobh mé cheana is breá an lá a bheidh ann dúinne má thugtar faoiseamh do na Gréigigh, rud is cosúil a tharlóidh, mar gur amhlaidh go bhfaighfidh muidne na buntáistí céanna.

Tá thart ar 15% den fhórsa oibre gan phost faoi láthair sa tír. Nuair a bhí poist ar fáil bhí an uimhir sin thíos ag 4% - lán fostaíochta de réir na teoirice mar go mbíonn daoine i gcónaí ag aistriú ó áit go háit, nó ag traenáil, nó in easnamh de dheasca cúrsaí sláinte srl.

Ar ndóigh cé go mbíonn eisceachtaí ann i gcónaí, agus ag glacadh leis go bhfuil roinnt mhaith daingniú le déanamh ag an Stát chun greim a fháil orthu siúd a bhíonn ag iarraidh bob a bhualadh ar an gcóras leasa shóisialaigh, níl iontu ach mionlach beag. Mar a dúirt m'aíonna ar an gclár raidió ní raibh daoine cúthaileach maidir le hobair nuair a bhí an obair ann.

Agus bhí an obair ann. Agus b'shin ceann de na buntáistí a bhí ag beagnach gach duine sa tír i ré an Tíogair. Nuair a chloisim daoine a rá nár bhain siad aon bhuntáiste as is soiléir nach ndearna siad poinn machnaimh air. Má thaistealaíonn siad ar na mórbhóithre tá siad ann de bharr an Tíogair. Sna 1960í ní raibh tithe ann do dhaoine.

Anois deirtear go bhfuil suas le 300,000 tigh iomarcach sa tír. Nuair a deir siad, agus tuigim dóibh, go bhfuil ciorruithe ag cur isteach go díreach orthu, sa chóras leighis nó sa chóras oideachais, is de dheasca go bhfuair siad buntáistí roimhe seo - dhá oiread an ghnáthmhéid caite ar an gcóras leighis mar shampla thar achar cúig bliana, agus anois go bhfuil an tír bancbhriste caithfear roinnt de na seirbhísí a ghearradh. Sin an saol.

An fearr le daoine nach mbeadh cáca riamh acu ionas nach mbeadh a fhios acu cé chomh deas atá sé? Nó an fearr go mbeadh a fhios acu cé chomh milis atá sé agus go bhféadfaidís a leithéid a bheith acu arís?

Is orainne, sinn féin, an locht nach bhfuil an cáca ann a thuilleadh, muidne a thug vóta do Fhianna Fáil agus na Glasaigh a loit an geilleagar. Ní daoine anaithnide a chaith a gcuid vótaí dóibh. Munar chaith tusa vóta in aon chor (cosúil leis an tríú cuid againn) mo náire thú. Munar tusa a thug vóta dóibh, is iad do chlann, do chomharsana, do chomhghleacaithe a chaith vóta ar a son. Is daonlathaigh sinn. Caithfidh muid glacadh le torthaí an daonlathais. Michael Lowry, Jackie Healy-Rae, Ivor Callely, Bertie Ahern - muidne a chuir isteach sa Dáil iad.

Agus cén fáth? Mar d'oir sé dár saint. Bhí ar gcuid srónacha ar fad sáite sa phota, glac leis nó ná glac. Forbróirí móra ag ceannacht óstáin mhóra an domhain, tiománaithe tacsaithe ag ceannacht árasán sa Bhulgáir, daoine ar an meántuarastal ag ceannacht a gcuid féiríní Nollag in Sachs nó Bloomingdale i Nua-Eabhrac. Tá sé thar am againn ar fad breathnú sa scáthán.

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Tuarascáil Chluana

COSÚIL le tuarascálacha eile, tugann Tuarascáil Chluana le fios gur theip ar an Eaglais Chaitliceach arís eile líomhaintí faoi mhí-úsáid ghnéasach leanaí a chur faoi bhráid na n-údarás cuí in iarracht chun a sagairt féin a chosaint.

Agus, níos scanrúla fós ar bhealach, ní eachtraí iad seo a tharla siar sa stair ach le 15 bliain anuas.

Is cúis imní í go fóill an meon atá léirithe ag an Vatacáin i leith na gcásanna seo, iad ag déanamh a bheag den cheist i rith an ama, agus tá sé faoin rialtas anois seasamh i bhfad níos láidre a ghlacadh agus iad ag plé leis an Róimh agus le ceannairí na hEaglaise anseo in Éirinn, rud nach ndearna siad i gcónaí thar na blianta.

Is é pobal na tíre seo, agus leas ár bpáistí óga ach go háirithe, an príomhdhualgas atá ag an rialtas agus ní leas aon stáit nó eaglaise eile.

Trioblóid 12ú Iúil

TÁ trioblóid agus príomhócáid bhliantúil an Ord Oráistigh ag teacht lámh ar láimh le chéile le fada an lá agus, mar a bhí á thuar roimh ré, b'amhlaidh an scéal le 12ú Iúil na bliana seo.

Ba léir le mí anuas go mbeadh teannas ann i gceantair áirithe ó thuaidh le linn na seachtaine seo inar tháinig fir na Lóistí amach ar shráideanna agus ar bhóithre 'na Banríona' lena gcearta siúil a chleachtadh agus le tinte cnámh a lasadh i ngach limistéar aontachtach sa dúiche.

Ba i gceantair náisiúnacha a tharla líon suntasach de na círéibeacha an babhta seo áfach leis an locht á chur ar dhaoine óga a bhíonn ag cothú fadhbanna dá bpobail féin le linn na bliana tríd agus ní díreach i lár mhí Iúil.

Cé gurb iad na mórshiúlta féin is bunchúis leis an teannas idir an dá phobal ag an tráth seo den bhliain, léiríonn rannpháirtíocht daoine óga sa trioblóid go bhfuil fadhbanna sóisialta níos leithne ann a chuireann leis an atmaisféar diúltach.

Ní amháin mar sin gur gá do cheannairí pobail dul i ngleic leis an seicteachas go fóill ach ní mór tuilleadh oibre a dhéanamh i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste ionas go dtuigeann daoine níos óige go bhfuil bealaí eile chun déileáil leis na dúshláin éagsúla a chothaíonn 12ú don tsochaí ar fad.

Is ceist eile í an ról a bhí ag grúpaí paraimílteacha dílseacha i spreagadh trioblóide áirithe agus ceist ar chóir do na húdaráis tabhairt faoi ar bhonn dáiríre, díreach mar a thugann siad faoin dlí a chur ar an mhionlach sin d'ógánaigh nár tugadh aon rogha dóibh seachas an rogha a phioc siad an tseachtain seo.

LITREACHA chuig an Eagarthóir

Foyb le Gwalegguh na kathruk?

Dun chay lenna myinnin shay,

Duh vee, loyk, coopla foyb agwUM lesh an alt a skreve Scott de BootLAYR, roysh? Jaydfaw uh raw gur baydir gur loyk rubbáil shay suas sa truh mee-ceart may? Feckter dum go vwil soyas false consciousness i gesht? Air an gayd dull she-us, taw an rawtis ood fwee Hoosekirt Ayrin, gur loyk, cheer ella ataw i gesht? Well taw misha den toorim le fadda an law gur soyas cheer ella ay Blah Cleeuh faynig, uggus gur baydir go vwil bunOOS vweencher na kathruk ag loyk, liveáil i mbubble oh heave na Gwaleguh je?

Is cussOOL guh gappin Scott buckt go vwil moonchir na Gwayletukta ag, loyk, kaha anoose ar a cudge Gwaylegeh mar gur loyk, shower of snobby boggers eed? FAWreer taw misha den toorim nuk owly ataw. Nee air vlasanah na hOrdkuthutruk a vee Cullum O'Brin ag cawnt, uk ar, loyk, kanOONT na kuthruk? Shay shin nuk vwil ayn, loyk, lanOONakas awn? Nee hah go will cudge ackuh ag lowert Gaoluinne is cudge ella ag lowert Gaeilge no Gaedhilice, uk go gapan sheed, kosOOL le cudge de Gwalegorey Vel Firstyeh, go vwil a ganOONT fayn ackuh, dyeeruk mar go vwil a mblas fayn ackuh?

Uk leh FEEReenyeh, roysh, kneel ayn bunOOSE lesh shin? Ore uthrEEun foomnoo na Gwaylugguh i mBlah Cleeuh, nee awaawhn oh cantshore go cantshore, uk o abbertch go habbertch, suh doy is gur loyk, prawshuk do-hig-heh ataw un? Cha dtig leofar, loyk, clee le reelacki gramaddy canOONT awawn no canOONT ella? Uggus credge oomseh ay a vic, tig lut duh vlas fayn a cwunYAWL UGGUS Gwalegeh suh-hig-heh a lowert! Taw cudge duh Gwalegeh Vlah Cleeuh is Vel Feerstyeh a yenneh Hannah. Nee hunnun canOONCH uggus BLAS. Looeh an tOOsul de BootLAYR freshin go vwil shay in awn Gwalegeh Gweedoor aggus Gwaleawn Corcka Givenyeh a hishcint - bullaí fir, maw shah, ore, foomNEEun cantchoorey Corka Givenyeh uggus Gweedoor na fuckul cayna ar an doy cayna, bugnuk hulla oor. Taw COREas awn, rud a chintEEunn guh jig lat, loyk, taHEE a ól air blas an hainTYEORA - taw soyas patrOON cantcheh ackuh ah athNOas too oh vay ag ayschtukt le cantshorey ella own teeve cayna cheera. Shin lanOONakus.

Mar fuckul score, duh vee gitta bug beef ahGWUM lesh an mwee gur loyk, dram tubushtyuk shanashinteh mweencher na Gwaletuktuh nuk vweel loyk, sawsta glacka le dull hun chin na teangeh uggus lesh na hathreeheh ataw a yenneh ag na plain people of Blah Cleeuh? Shay an foyb ataw agWUMseh lesh sin, roysh, naw go mee-un ayn athREEheh a yennen mweencher VLAH CLEEUH dun tyangeh, loyk, totally bunnyheh air an Vayrla? Kurrin shay stink air Scott nuk vwil shay de hyart eggeh an tyangah a aharoo mar nuk cantshore dookas ay. Credge ay no naw credge ay, lowreen mweenter na Gwayletuktah an Gwaleguh ar vun, loyk, layhool, mar tyangeh, ya know, cummarsoydyeh, uggus ní, loyk, ornament? Is daw vree shin a mayeen neese sawstee glacka leh duh hudge toorimee fwee whorebirtch na Frunkisha naw na Gwaleguh, le bheith honest. Guh jee an law go may dyereh leis an bpidgin dothuigthe ataw aw lowert go forelachan i mBÁC, "kanoonch" a nyennen nowaird den toosil ginnydyuk uggus deh shayvoo air-ayn, nee vayg Gwaleguh is Gaeilge air ayn graddum leh cayleh ih mo hoorimseh, roysh?

Misha le maws,
Rossa Ó Cearbhaill-Ó Ceallaigh
Cainteoir dúchais Thír Chonaill
a thuigeann achan chanúint seachas Gwalegguh

Míchlú ar chúis na Gaeilge

A chara,

Cúis díomá an brú anois ar na heagraisí stáit maidir lena ndualgaisí reachtúla teanga. Níl sa scéal ach amaideacht is cur amú airgid poiblí in am an ghátair. Tá sé thar am go gcuirfeadh an Rialtas nua deireadh leis an tseafóid.

Níl éinne anois sa tír nach bhfuil Béarla acu (taobh amuigh de scaifte eachtrannach). Níl éileamh ar bith ann ar na leagain Ghaeilge de na tuarascálacha i gceist taobh amuigh de mhionlach míshuntasach.

Tarraingaíonn an feachtas teanga seo míchlú ar chúis na Gaeilge chomh maith le laghdú spioraid ar lucht a saothraithe.

Le meas ort,
Peadar Ó Caiside, Moynehall,
Cabhán, Co. an Chabháin

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**.
Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

Comhoibriú de dhíth ó phobail éagsúla na Gaeilge

Ach níl Gaeilge na Gaeltachta agus na Galltachta ar comhchéim fós

Aonghus Ó hAlmhain

Thionscain Colm Ó Broin plé spéisiúil ar an nGaeilge sa Ghalltacht coicís ó shin (Cén saghas athbheochana atá uainn? 1/7) agus bhí freagra spéisiúil ag Scott de Buitléir seachtain ó shin (Caithfear bheith cothrom nó ní éireoidh linn, 7/7).

Táim ar aon fhocal le Scott maidir leis an Athbheochan. Tá an deis Gaeltacht a dhéanamh d'Éirinn arís caillte, má bhí sé riamh ann. Dhá sprioc réadúla atá romhainn anois: meath na Gaeltachta a mhoilliú, agus a stopadh más féidir; agus cur le líon na ndaoine sa Ghalltacht atá inniúil sa Ghaeilge. Agus creidim go bhfuil an dá sprioc seo fite fuaite ina chéile. Aontaím le Scott freisin nuair a deir sé nach deacracht í an éagsúlacht. Deis atá inti!

Táim ina amhras faoin dara téis atá aige áfach: "go bhfuil Gaeilge na Gaeltachta agus na Galltachta ar comhchéim".

Ar an gcéad dul síos, mar a luaigh sé féin agus é ag trácht ar Raidió na Life, tá an-éagsúlacht líofachta agus cruinnis ag daoine le Gaeilge sa Ghalltacht. Cinnte, níl líofacht Joe Steve ag gach duine Cois Fharraige ach oiread. Mar sin féin, tá sé níos fusa sainmhíniú a thabhairt ar an rud is cainteoir dúchais Gaeltachta ann le hais Gaeilgeoir Galltachta. Tá seanfhocal Afracach ann a deir gur sráidbhaile a thógann leanbh. Bíonn an deis ag duine a thógtar i bpobal Gaeltachta an teanga a chlos ó chách, nach mór - fíor-thumoideachas. Maidir linne a tógadh le Gaeilge sa Ghalltacht, dream ilchineálach muid nach bhféadfaí cur síos orainn mar phobal amháin. Sciar againn, is de bhunadh na Gaeltachta muid. Cuid eile againn, mé féin ina measc, is toradh na n-iarrachtaí athbheochana ag tús an Stáit muid - tógadh ár dtuistí le Gaeilge, is muid an dara nó an tríú glúin den iarracht an slabhra a athghaibhniú. Cuid eile againn, d'fhoghlaim ár dtuistí an Ghaeilge agus iad fásta. Agus, ar ndóigh, táid siúd ann nár tógadh le Gaeilge ach a bhain seilbh éigin uirthi amach. Sciar eile, is de thoradh bhorradh na Gaelscolaíochta iad. Sciar eile arís, is de bharr oidí spreagúla sa ghnáthchóras oideachais a labhraíonn siad Gaeilge. Agus le deireanas tá feabhas mór tagtha ar dheiseanna foghlama do dhaoine fásta. Tá anobair sa réimse seo déanta ag leithéidí Gaelchultúr nó Oideas Gael. Tá rudaí i gcoiteann againn nach fíor sa dóigh chéanna faoi phobal na Gaeltachta: cinneadh comhfhiosach, a chaithfear a athnuachan go minic, is ea Gaeilge a labhairt lenár dteaghlaigh.

In ainneoin dúthracht leithéidí Phobal an Aifrinn, Chomhluadar, Aisteoirí Bulfin agus dreamanna nach iad, tá réimsí leithne dár saol nach dteagmhaíonn an Ghaeilge leo riamh.

Ní bheidh rath ar na hiarrachtaí meath na Gaeilge a stopadh mura mbíonn pobal na Gaeltachta agus pobail ilchineálacha na Gaeilge sa Ghalltacht ag obair as lámha a chéile, ag aithint na ndifríochtaí atá eatarthu, ach ag baint feidhme as láidreachtaí a chéile. Ar scáth a chéile a mhairimid.

Fágann sé sin go bhfuil dua sa bhreis ag baint le líofacht, cruinneas agus cumas a bhaint amach as Gaeilge sa Ghalltacht. Agus gan an Ghaeltacht bheo mar fhoinse, is deacair a shamhlú go mbeadh rath ar na hiarrachtaí sin. Fiú mo leithéidí, nár chaith tréimhse foghlama sa Ghaeltacht, tarraingíonn muid aisti tríd an litríocht agus na meáin.

Pointe eile ar fiú a lua nach aon eisceacht í an Ghaeilge maidir le canúintí. An rud atá eisceachtúil faoin nGaeilge, de bharr na staire, ná nach bhfuil aon "Ard-Teanga" ann a nglactar léi mar chaighdeán don teanga choiteann. Is dá bharr sin a dhéantar iarracht an cúram sin a leagan ar an gCaighdeán Oifigiúil. Ach ní chuige sin a chum an coiste saineolaithe an Caighdeán. Críoch theoranta a bhí leis an gCaighdeán: chun caighdeán cinnte a leagan síos do ghnóthaí oifigiúla. Ní raibh sé i gceist go n-úsáidfí é chun caint na Gaeltachta a bhrandáil 'mícheart' ach, faraor, sin a tharla i gcásanna áirithe. Sa bhreis air sin, tá an caighdeán níos leithne ná mar a thuigtear go forleathan. Is cosúil go rachfar i ngleic leis seo san athbhreithniú reatha, d'fhonn é sin a shoiléiriú.

Mar sin, is fiú an t-aitheantas cuí a thabhairt do Ghaeilge na Gaeltachta agus tarraingt aisti an oiread agus is féidir chun Gaeilge na Galltachta a láidriú. Táim go láidir i bhfabhar mholadh Chonradh na Gaeilge go gcaithfeadh ábhair oidí bunscoile agus Gaeilge tréimhse i mbun tumoideachais sa Ghaeltacht.

Tuigim pointe Scott maidir le Raidió na Life a bheith níos feiliúnaí maidir le siamsaíocht agus eolas a chur ar fáil do bhunadh na cathrach ná Raidió na Gaeltachta. Raidió pobail iad araon, agus an cúram orthu freastal ar a bpobail faoi seach. Mar sin féin, moladh stuama atá ann éisteacht le Raidió na Gaeltachta mar áis foghlama don fhoghlaimeoir atá scoite amach ón nGaeltacht, gan deis aige nó aici tumoideachas a chleachtadh. Ní hionann sin agus a mhaíomh gur gá do Raidió na Gaeltachta faillí a dhéanamh ina phríomhchúram ar mhaithe le foghlaimeoirí. Ach ba bhreá an rud é dá mbeadh breis podchraoltaí ar fáil, agus nótaí agus trascríobh ag dul leo d'fhonn cabhrú le daltaí. Tá, mar shampla, obair ríluachmhar ar siúl ag clár Rónáin Mhic Aodha Bhuí agus iad ag cíoradh cén Ghaeilge is fearr ar nathanna, agus iad ag tarraingt as saineolas mhuintir na Gaeltachta.

Ní bheidh rath ar na hiarrachtaí meath na Gaeilge a stopadh mura mbíonn pobal na Gaeltachta agus pobail ilchineálacha na Gaeilge sa Ghalltacht ag obair as lámha a chéile, ag aithint na ndifríochtaí atá eatarthu, ach ag baint feidhme as láidreachtaí a chéile. Ar scáth a chéile a mhairimid, agus tá a laghad sin againn ann go bhfuil na scáthanna céanna ag éirí gann! Ná cuirimis am agus fuinneamh amú ag spochadh as Gaeilge a chéile mar sin, ach leanaimis orainn ag iarraidh barr feabhais a chur ar ár stór Gaeilge. Má bhí Tomás de Bhaldraithe fós ag foghlaim Gaeilge agus é anonn sna blianta, is mithid dúinn a shampla a leanúint.

CEIST na Seachtaine

Ba chóir labhairt cibé bealach is mian leat!: Léitheoirí Gaelscéal

TAR éis mórán cainte ar an ábhar sa nuachtán le déanaí, chuireamar an cheist seo oraibh an Aoine seo caite: An mbíonn Gaeilgeoirí ró-thógtha faoi cheist na gcanúintí?

Dar le leath na léitheoirí, tá pobal na Gaeilge ró-bhuartha faoin gceist agus ba chóir go labhróidh gach duine cibé dóigh ar mian leo. É sin ráite, bhí 28.6% den bharúil gur chóir d'fhoghlaimeoirí níos mó stró a chur orthu féin chun teanga na Gaeltachta a fhoghlaim. Bhí 10.7% ag iarraidh go ndéanfadh daoine in oirthear na tíre níos mó a fhoghlaim faoi na canúintí a bhí ann tráth agus iad a athbheochan arís, leis an 10.7% eile ag iarraidh an caighdeán oifigiúil a chur chun cinn mar an teanga labhartha.

I rith na seachtaine seo tháinig scéal chun tosaigh faoi na Teachtaí Dála, Mick Wallace agus Luke 'Ming' Flanagan, ag maslú an Teachta Dála Mary Mitchell O'Connor mar gheall ar na héadaí a chaitheann sí. An pota ag aor ar an gciteal mar a déarfá! Cibé scéal é, is léir go bhfuil cúrsaí faisin na Dála faoi chaibidil níos mó ná riamh, mar sin ní mór dúinn an cheist a chur:

An bhfuil tábhacht ar bith ag baint le feisteas na dTeachtaí?



Tá - Ní mór do pholaiteoirí meas a léiriú ar obair na Dála agus feisteas ceart a chaitheamh
Tá - Tá sé tábhachtach go mbeadh na Teachtaí in ann a rogha éadaí a chaitheamh sa Dáil
Níl - Is cuma liom cad a chaitheann siad, chomh fada is atá siad ag obair ar son leas na ndaoine
Níl - Tá rudaí i bhfad níos tábhachtaí le plé faoi láthair agus níor chóir am a chur amú ar an amaidíocht seo!

CAD A DEIR SIBH

Katie McGreal

BHÍ léitheoirí Gaelscéal gníomhach go leor arís an tseachtain seo le nótaí tráchta fágtha agaibh i roinnt áiteanna ar líne.

Cúrsaí na teanga a spreag go leor díospóireachta le Seán Mór ag rá faoin alt Scott De Buitléir: "Bhí pointí maithe déanta aige san alt fá dtaobh den Ghaeilge. Rud amháin a shíl mé nach raibh ag teacht le treo a argóna ná ar thaobh amháin bhí sé ag moladh cothromaíochta agus ag tacú go mór leis an éagsúlacht teanga agus chanúna agus ar an taobh eile, dúirt sé gur tír eile ar fad é 'Tuaisceart Éireann' dar leis. Mhothaigh mé go ndearna sé na cainteoirí Gaeilge sna sé chontae a imeallú leis an abairt sin amháin san alt. Mar dhuine atá ag tógáil mo pháistí le Gaeilge i dTír Eoghain agus a théann chun oibre ar mo rothar i dTír Chonaill, ní shílim gur ag feidhmiú in dhá thír éagsúla atá mé."

"Déarfainn go mbeadh a gcanúint féin acu measctha le canúint Ghaeltachta agus an Caighdeán Oifigiúil, níl aon rud cearr leis sin, tá sé sin togha," a dúirt Benjamin Burroghs faoin alt 'Cén saghas athbheochana atá uainn?' le Colm O Broin.

Mar gheall ar an alt faoin bhfreagra míshásúil a thug Oifig an Daonáirimh ar phobal na Gaeilge ó thuaidh, a scríobh Tomaí Ó Conghaile, dúirt Seán Maitiú Ó Carraidh: "Tá an diabhal orthu."

Glac páirt sa díospóireacht ar an suíomh www.gaelsceal.ie agus ar ár leathanaigh Facebook agus Twitter.

COMHSHAOL

Fáilte don éan

An Snag Darach fillte ar Éirinn

Pól Mac Cana

Ag obair sna páirceanna dom os cionn Bhéal Feirste an tseachtain seo caite, chuala mé rannán éin a bhí géar gasta as coill in aice láimhe. Ba rannán é a chuala mé roimhe - ach blianta ó shin. Cén t-éan a bhí i gceist? Ní raibh an rannán iontach difriúil le rithim agus géaraíocht seabhaic, dar liom. Ach is iomaí seabhac atá cluinte agam, agus níorbh aon scréach uathu siúd é seo.

Ag tabhairt cluas éisteachta níos airdeallaí air, bhuail sé liom. Níorbh é in Éirinn a chuala mé an t-éan seo roimhe, ach ar Mhór-Roinn na hEorpa. Snag darach ab ea é!

Is speiceas cnagaire (woodpecker) é an snag darach (*Drendocopos major*); é dubh-bhán agus ar mhéid an loin duibh. Bíonn cíor dhearg ar an choileach agus ar na gearrcaigh.

Ach snag darach i rith an tsamhraidh in Éirinn? An amhlaidh gur fíor é sin? I rith m'óige, d'fhoghlaim mé nach mbíonn aon chnagaire ar bith in Éirinn, ach amháin éan nó dhó a thagann as Críoch Lochlann le linn na ngeimhrí iontach fuara, agus go bhfilleann siadsan abhaile i gcónaí.

Tá an chosúlacht ann gur chaill muid a lán le leagan ár gcoillte leis an chóras nua sóisialta a tháinig isteach le riail dhian Shasana. Ach is ábhar dóchais é – do lucht na n-éan ar aon nós – go bhfuil an snag darach ar áis linn.

Le blianta beaga anuas, áfach, tá na scéalta faoi chnaga sna coillte in Éirinn ag carnadh leo. Agus ní amháin sin, ach go gcluintear iad sa samhradh, nuair is gnáth go mbíonn cnagaire ar bith a thagann go hÉirinn fillte chun abhaile arís. Mar sin, an féidir go bhfuil siad ag fanacht?

Deirtear go raibh fianaise ann gur phóraigh dís snaganna darach i gContae an Dúin in 2006. Ansin in 2008, bhí tuilleadh fianaise ann - i mBaile Átha Cliath agus i gCill Mhantáin. Chonacthas gearrcaigh den snag darach i mí Iúil agus i mí Lúnasa sa bhliain sin. Toisc go bhfacthas i rith an tsamhraidh iad glacadh leis gur ghearrcaigh Éireannacha iad - níorbh fhéidir le gearrcaigh chomh hóg sin eitilt thar sáile. An iad seo na chéad snaganna darach Éireannacha le dhá chéad bliain?

Ní léir do chách nach éin nua go hÉirinn é an snag darach. Is léir ó roinnt de na seanfhoinsí litríochta atá againn, i nGaeilge agus i mBéarla araon, gurbh éan dúchasach é tráth.

Tá taifid ann faoi chnagairí a lámhachadh sna 1840í agus a cuireadh chuig seitheadóirí (taxidermists).

Glactar leis gurbh é leagan na gcoillte móra le tréan-teacht na nGall sa 17ú agus san 18ú haois, a bhain an ghnáthóg (habitat) ón snag darach in Éirinn. Síltear gur tharla a rud ceannann céanna in Albain sa 19ú haois, nuair a leagadh na coillte go forleathan thall. Ach d'fhill sé ar ais ansin ó Shasana le céad bliain anuas.

I dtaca leis na seanfhoinsí de, ní hé amháin an snag darach a cailleadh in Éirinn, ach ar a bharr, an snag darach beag (*Picoides minor*) agus an cnagaire glas (*Picus viridis*; seanainm gaelach eile: an lasair choille). Mar sin, tá an chosúlacht ann gur chaill muid a lán le leagan ár gcoillte leis an chóras nua sóisialta a tháinig isteach le riail dhian Shasana. Ach is ábhar dóchais é - do lucht na n-éan ar aon nós - go bhfuil an snag darach ar áis linn. Cha raibh orainn é a athréimniú mar a tharla leis an iolar fíréin, le hiolar shúil na gréine agus leis an chur rua. Tháinig sé ar ais as a stuaim féin.

Ach cad chuige ar fhill an snag darach chugainn anois? Is ceist dhoiligh í sin. Tá tuairim amuigh ansin, áfach, go bhfuil líon na n-éan seo ag borradh as cuimse sa Bhreatain agus ar an Mhór-Roinn. De réir na bhfigiúirí sa Bhreatain, mhéadaigh a líon ansin faoi 300 % le daichead bliain anuas. Síltear gurb é an méid talaimh atá faoi chrainn ghiúise aibí is cúis leis seo, agus ar a bharr sin gur fhoghlaim an snag darach an dóigh le bia a fháil ó ghairdíní daoine - feictear go minic ar tháblaí na n-éan iad anois.

Síltear go bhfuil an Bhreatain 'lán' leo, agus mar sin, is spreagadh é sin do chuid acu an turas thar sáile go hÉirinn a dhéanamh le talamh bán a bhaint amach.

Cibé scéal é is mór an fháilte atá rompu abhaile in Éirinn. Ach idir an dá linn, bí ag éisteacht faoi choinne cnaige ar chrainn sa choill in aice leat, agus faoi choinne glao ón éan féin. Seans gurb é sin an chéad snag darach i do bhaile fearainn féin le cúpla céad bliain!

Tuilleadh eolais:
Le samplaí den ghlao agus den chnag a chloisteáil, téitear chuig www.xeno-canto.org/ agus cuirtear isteach '*Drendocopos major*'. Léitear stair faoin éan seo in 'Ireland's Lost Birds' (1999) le Gordon d'Arcy.

Nóta don té a dhéanfadh taighde ar an éan seo:
I nua-litríocht na Gaeilge, cuirtear an t-ainm 'an mórchnagaire breac' ar an éan seo. Thuas, úsáidtear an seanainm Gaelach a bhíodh air; agus atá in úsáid ag cuid de lucht an dúlra inniu.



An Snag Darach, nó an Mórchnagaire Breac, atá anois le feiceáil agus le cloisteáil arís i gcoillte na hÉireann.

FOLÚNTAIS / CÚRSAÍ

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE

SCÉIMEANNA DEONTAS / SCOLÁIREACHTAÍ 2011/2012

(a) Scéim Scoláireachtaí Choistí Gairmoideachais
(b) Scéim Deontas Cothaithe Tríú Leibhéal d'Oiliúnaithe

Fáilteofar roimh iarratais ar Scoláireachtaí Choistí Gairmoideachais agus/nó Deontais Chothaithe Tríú Leibhéal d'Oiliúnaithe uathu seo a leanas:

1. Daoine a bhfuil sé ar intinn acu tabhairt faoi chúrsa lánaimseartha oideachais atá ceadaithe ag Institiúidí/Coláistí tríú leibhéal aitheanta i 2011/.
2. Daoine a bhfuil Teastas Náisiúnta, Dioplóma Náisiúnta nó Ard-Dioplóma Náisiúnta de chuid na Comhairle Oideachais Gnó agus Teicneolaíochta (BTEC HND) acu.
3. Mic léinn lánfhásta/aibí, sé sin, daoine atá 23 bliain d'aois ar 1 Eanáir na bliana iontrála nó athiontrála chuig Coláiste.

SCÉIM DEONTAS COTHAITHE DO CHÚRSAÍ IAR-ARDTEISTIMÉIREACHTA (PLC) 2011/2012

Fáilteofar roimh iarratais ar dheontais chothaithe do Chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta ó dhaoine a bhfuil sé ar intinn acu tabhairt faoi chúrsaí lánaimseartha oideachais atá ceadaithe ag scoileanna/coláistí dara leibhéal.

Tabhair faoi deara go bhfuil na deontais ar fad thuasluaite faoi réir ag tástáil acmhainne.

Is féidir foirmeacha iarratais agus mionsonraí uile maidir lena bhfuil luaite thuas a fháil ar an suíomh idirlín www.studentfinance.ie. Ba chóir foirmeacha comhlánaithe a sheoladh chuig:

An Rannóg Deontas Mac Léinn
Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe
Coiléar Bán
Baile Átha an Rí
Co. na Gaillimhe
Uimhir Theileafóin: (091) 874536

Is é an dáta deiridh d'iarratais a bheith faighte **31 Lúnasa 2011**.

Seosamh Mac Donncha, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

An bhfuil folúntas agat?

Tóg fógra le Gaelscéal, lascaine le fáil ar leathanach folúntais.

Déan teagmháil le Patricia ag 086-0234251 nó fograi@gaelsceal.ie

Tá folúntas do Chuntóir Riachtanais Speisialta (CRS) i Scoil na Maighdine Muire gan Smál, Camus, Co. na Gaillimhe, Uimhir Rolla: 11290W.

Post lae naíonáin atá i gceist (sealadach) le tosú ar an 1ú Meán Fómhair, 2011.
Beidh gnáthdhúlgaisí CRS i gceist mar atá leagtha amach ar www.education.ie

Riachtanas íosta oideachais:

1. Mórcháilíocht leibhéal 3 FETAC ar Creatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí NÓ
2. Trí ghrád D, ar a laghad, sa Teastas Sóisearach, NÓ
3. Iontamhail

Riachtanas eile:

Ní mór d'iarrathóirí taithí a bheith acu ar obair le páistí

Ní mór C.V, sonraí moltóirí agus litir iarratais a sheoladh chuig:
An Cathaoirleach
An tAthair Consaidín
Scoil Náisiúnta Mhuire gan Smál
Camus
Co na Gaillimhe
roimh an 5.00i.n ar an 21ú Iúil, 2011.

Is Scoil Ghaeltachta í an scoil seo, mar sin beifear ag súil le Gaeilge líofa agus le 'chuile iarratas a bheith i nGaeilge. Coinneofar liosta de na hiarrthóirí ar feadh na scoilbhliana, 2011/12 agus cuirfear iad san áireamh ma bhíonn aon fholúntas eile dá shórt sa scoil.

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Spéis agat i bpost maith le Gaeilge?

Tapaigh do dheis agus bain cáilíocht aitheanta ollscoile amach!

Tá na cúrsaí iarchéime seo a leanas le fáil in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2011-2012:

- **MA / Dioplóma Iarchéime (Ateangaireacht Chomhdhála)**
- **MA / Dioplóma Iarchéime (Aistriúchán Reachtaíochta agus Dlí)**
- **MA (Léann an Aistriúcháin)**
- **Ard-Dioplóma (Léann an Aistriúcháin)**

Eolas:
091 869 022 / 595101
ateangaistriu@oegaillimh.ie
www.oegaillimh.ie/acadamh

SUNDAY TIMES OLLSCOIL NA BLIANA 2009-10



www.oegaillimh.ie

Comhordaitheoir ar Thionscadal Oidhreachta

Tá Comhordaitheoir Tionscadail de dhíth ar Choiste Forbartha Charn Tóchair fá choinne a dtionscadail oidhreachta bunaithe ar Chóras Faisnéise Geografaí "Envision" (CFG), ina gcuimsítear an comhshaol, seandálaíocht, an oidhreacht thógtha agus an Ghaeilge. Beidh an té a cheapfar freagrach as comhordú agus as cur i bhfeidhm uile an tionscadail ó lá go lá, lena n-áirítear bheith ag obair le scoileanna & ollscoileanna.

Ar chritéir riachtanacha an phoist tá:

- Bliain ar a laghad de thaithí oibre in earnáil na héiceo laíochta nó na hoidhreachta
- Céim tríú leibhéil nó a comhionann
- Taithí i mbainistiú agus i riar tionscadail den chineál seo
- Leibhéal ard inniúlachta le ríomhairí agus taithí le córais CFG

Ar chritéir thosaíochta an phoist tá:

- Cáilíocht san éiceolaíocht, sa chaomhantas nádúir nó i réimsí gaolmhara eile
- Eolas praiticiúil ar an Ghaeilge
- Taithí ar mhaoiniú deontais a riar san earnáil phoiblí nó dheonach
- Cáilíochtaí aitheanta sa bhainistíocht tionscadail

Fá choinne foirm iarratais déan teagmháil le: Coiste Forbartha Charn Tóchair, An Carn, Tír Chiana, Machaire Rátha, Co. Dhoire BT46 5NH, nó ar ríomhphost eolas@ancarn.org. Ní mór foirmeacha iarratais bheith istigh faoi 12.00pm Dé Luain 25 Iúil 2011.

Tuarastal: thart ar STG £22,000 p.a. + ranníocaíocht phinsin.

Fostóir comhdheiseanna is ea Coiste Forbartha Charn Tóchair.

SWARD South West Action for Rural Development Positive Change through Partnership
Supported by The National Lottery® through the Heritage Lottery Fund
an carn

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Fáiltítear roimh iarratais ar phoist acadúla sna Coláistí seo a leanas:

Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh

Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí

Coláiste na hInnealtóireachta agus na Faisnéisíochta

Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte

Coláiste na hEolaíochta

Le tuilleadh eolais a fháil agus le hiarratas a dhéanamh téigh chuig www.publicjobs.ie

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

SUNDAY TIMES OLLSCOIL NA BLIANA 2009-10

www.oegalway.ie

CÚRSAÍ SAOIL

Ag cónaí ar imeall na tíre, agus in 'outpost'

Fiosraíonn Treasa Bhreathnach ócáid mhór bhliantúil an Oird Oráistigh, 12ú Iúil, agus an

Treasa Bhreathnach

Is ann a chruinnigh na mílte duine agus iad ar fad ag caitheamh dathanna a gclub áitiúil, lógó chlubanna a gceantair le feiceáil ar a gcarbhat agus iad ann chun bród a gclub a chur in iúl don lá mór. Ní ar Chumann Lúthchleas Gael atá muid ag caint agus iad cruinnithe do chluiche mór (cé go cosúlachtaí áirithe eatarthu) ach faoin Ord Oráisteach agus iad i mbun ceiliúrtha i Ros Neamhlach, i nDún na nGall.

Ainmníodh Ros Neamhlach in iarthar Dún na nGall mar gur ceapadh gurb ionann é agus neamh ar thalamh, agus ní fhéadfaí a rá nach raibh ciall éigin ag baint leis an smaointeoireacht sin. Is baile beag gleoite é le trá fhada le gaineamh bán agus farraigí gorma mar phointe lárnach ann.

Ba thuras mall a bhí ann agus mé ag déanamh mo bhealaigh isteach go dtí an baile beag Dé Sathairn seo caite, le mo chos réidh leis an gcoscán a bhrú gach dara nóiméad mar gheall ar an oiread Oráisteach a bhí ag stopadh agus ag glacadh a gcuid grianghraf saoire ar thaobh an bhóthair. Ní raibh easpa comhluadair agam ar an turas mall seo, le daoine óga ag iarraidh clár an lae a dhíol le tiománaithe na gcarranna uile ar chostas €3 nó £2. Bhí freastal á dhéanamh ar shlua uile-Éireann an lá uilig le rogha agat íoc ar gach aon ní le puint nó euro.

Thug suas le 10,000 duine aghaidh ar bhaile beag Ros Neamhlach ar 9ú lá agus iad ar fad ag déanamh ceiliúrtha ar 12ú Iúil. Is ag déanamh ceiliúrtha ar Chath na Bóinne a bhí siad a troideadh 321 bliain ó shin ar 1ú Iúil. Bhí an bua ag Rí Liam III (protastúnach) ar Rí Séamas (caitliceach). Cé go gceaptar go minic gur i dTuaisceart Éireann amháin atá an tOrd Oráisteach lonnaithe, déantar dearmad in amanna go bhfuil níos mó ná 44 lóiste Oráisteach sna 26 contae, is é sin 40,000 duine den Ord Oráisteach lonnaithe i 9 gcontae taobh amuigh den tuaisceart: Dún na nGall, Liatroim, Muineachán, Baile Átha Cliath agus Loch Garman san áireamh.

Is in dhá gharraí ar leis an Ord Oráisteach iad a chruinnigh na bannaí uile ó na lóistí sular thug siad faoin máirseáil agus ba léir gur ócáid bhliantúil shóisialta é seo do roinnt díobh. Bhí idir shean agus óg ann, na seanmhná lena gcathaoireacha picnic agus iad ann ó mhaidin, páistí óga sna bugaithe le sais bhaile cniotáilte agus na fir ar fad i mbun comhrá i ngrúpaí beaga ar feadh an bhóthair le riar maith acu gléasta i gcultacha agus hataí babhlálaí (bowler). Is i Ros Neamhlach a bhí ceiliúradh an 12ú Iúil gach bliain ó 1978 i leith agus gan mórán trioblóide ann riamh síos tríd na blianta. In amanna bíonn roinnt sluán dílseachta ar na bóithre agus sa bhaile roimh ré i Ros Neamhlach. Den chuid is mó is ó Thuaisceart Éireann a thógann na Gardaí a dtreoir; má bhíonn an t-uafás trioblóide ó Thuaidh ar feadh seachtainí roimh 12ú Iúil, bíonn na Gardaí níos airdeallaí i Ros Neamhlach.

Deir an tArd-Cheannfort ó Bhéal Átha Seanaidh, Jimmy Coen,"Bíonn oibriúcháin ar bun againn ar feadh cúpla lá roimh ré chun déileáil le héinne atá ag iarraidh cur isteach ar bhealach an mhórshiúil. Ní raibh aon trioblóid againn anseo leis na blianta, agus go hiondúil bíonn gach rud iontach síochánta anseo agus comhoibriú maith eadrainn agus an lucht eagraithe, an tOrd Oráisteach."

Leis an méid sin daoine ag tabhairt aghaidhe ar an mbaile beag, cén chaoi a n-airíonn muintir na háite faoin Ord Oráisteach, agus an mháirseáil a bhíonn ar bun acu? Deir an tArd-Cheannfort, "Níor tógadh aon mhórcheist riamh faoi. Is í an fhadhb is mó a bhíonn anseo ná daoine atá ag iarraidh páirceáil san ionad míchumais mar gurb é sin an áit is gaire do bhealach na paráide. Tá muidne anseo mar áis don phobal chun go mbeadh an ócáid síochánta. Tráthnóna anocht ag 6.30 ní bheidh a fhios agat go raibh paráid ann ar chor ar bith."

Bhíothas ag súil go dtosódh an pharáid ag meán lae, ach cosúil le gach ócáid mhór eile sa tír, bhí sé níos gaire go dtí am lóin nuair a thosaigh na bannaí ar a mórshiúl le hiompróirí na bratach amach os a gcomhair. Bhí bannaí i láthair ó fud fad na tíre agus súil acu freastal ar an ócáid seo sa 26 contae agus ansin go mbeadh deis acu freastal ar an 12ú i dTuaisceart Éireann. Rinne Peter Ward, ó lóiste an Lower Maze i Lios na gCearrbhach i gContae Aontroma, cur síos dom ar céard a seasann an tOrd Oráisteach dó: "Saoirse smaointeoireachta agus cainte agus saoirse creidimh do chách," a deir sé. Dar le Peter, "Déanann muid ár ndícheall chun an creideamh a chur chun tosaigh. Is páirt mhór den Ord Oráisteach é seo, ach ní féidir liomsa brú a chur ar aon duine freastal ar an tseirbhís eaglaise atá ar siúl againn inniu."

Ba léir go raibh roinnt de bhaill an Oird féin nach raibh tuiscint cheart acu ar an traidisiún. Agus mé ann agus ag iarraidh tuiscint níos fearr a fháil ar an ócáid aisteach seo, bhí orm ceist a chur ar chúigear an tábhacht a bhaineann leis an tsais a mhíniú dom sular tháinig mé ar dhuine a bhí in ann é sin a dhéanamh.

Aontaíonn an tArdmháistir nua, Edward Stevenson, fear atá díreach ceaptha mar Ardmháistír nua ar an Ord ar feadh tréimhse bliana. "Ba mhaith liom go leagfaí níos mó béime ar an éiteas Críostaíochta le linn mo thréimhse ceannaireachta. Tá bunús Críostaíochta againn agus tá súil agam go dtiocfaidh daoine ar ais chuige sin."

Cén fáth mar sin a dtagann an oiread lóistí ón Tuaisceart chun freastal ar an ócáid? Deir Peter Ward, "Tagann muid anseo chun tacaíocht a thabhairt do lucht Dhún na nGall agus iad san 'outpost' seo."

Ní hiad lucht lóistí an Oird Oráistigh amháin a bhí i láthair don pharáid i Ros Neamhlach, ach lucht féachana éagsúil agus iad ag seasamh faoi bhratacha Sasanacha a bhí crochta ar gach aon taobh den bhóthar. Fear amháin a bhí ann agus é ag iarraidh tuiscint níos fearr a fháil ar an ócáid agus an tOrd féin ná Paul McManus. "Táim anseo chun tuiscint níos fearr a fháil air. Thaitin an lá liom anseo i nDún na nGall. Is as Inis Ceithleann mise agus tá an lá inniu

hEorpa, ar imeall na beag i nDún na nGall

t-aon chomóradh ar Chath na Bóinne a eagraíonn an tOrd Oráisteach sna 26 contae

cosúil leis an mbealach a bhí sé i dTuaisceart Éireann. Ní ón gcúlra sin a thagaimse, ach is cuimhin liom an lá timpeall ar an cheantar. Tá an iomarca polaitíochta i gceist leis anois, agus sílim go bhfuil sé ceaptha a bheith mar heagraíocht reiligiúnach níos mó ná aon rud eile."

An gceapann sé go mbeidh sé riamh cosúil le lá amuigh don teaghlach ar fad i dTuaisceart Éireann arís? "Níl a fhios agam an mbeidh siad in ann é bheith ar an dóigh a mbíodh riamh arís, i ndáiríre. Is cuid den traidisiún atá ann i dTuaisceart Éireann, agus cé nach dtuigim go hiomlán é, sílim féin go bhfuil sé fós mar chuid den stair atá againn sa Tuaisceart. Bhí iontas ormsa ag éisteacht leis na bannaí seo gurb iomainn (hymns) atá á gcasadh acu. Cheap mise i gcónaí gur sórt bualadh an druma ar shlí éigin pholaitiúil a bhí ar bonn acu, ach ní hé."

Ní ar Paul amháin a bhí mearbhall faoi thraidisiún an Oird Oráistigh. Ba léir go raibh roinnt de bhaill an Oird féin nach raibh tuiscint cheart acu ar an traidisiún. Agus mé ann agus ag iarraidh tuiscint níos fearr a fháil ar an ócáid aisteach seo, bhí orm ceist a chur ar chúigear an tábhacht a bhaineann leis an tsais a mhíniú dom sular tháinig mé ar dhuine a bhí in ann é sin a dhéanamh. Cosnaíonn sais timpeall €50 ar bhaill den Ord agus greamaithe dó bíonn uimhir an lóiste, coróin bhanríon Shasana, agus meascán ollmhór eile suaitheantas le tionchar ón mBíobla. Bhí éagsúlacht mhór idir na saiseanna, na dathanna a bhí chun tosaigh orthu (gorm nó oráiste den chuid is mó), maisiú óir nó airgid, nó na suaitheantais uile. Bhí cuid de na saiseanna gan spás fágtha orthu agus cuid eile nach raibh ach ceann nó dhó de shuaitheantais orthu. Den chuid is mó is cinneadh don duine féin cén sórt saise atá uathu; níl mórán rialacha dochta daingne ag baint leo. Ar an dóigh chéanna, is cinneadh don duine féin ar mhaith leo hata babhlálaí.

Deir Norman Henry, ball den Ord Oráisteach i nDún na nGall, "Tá fáthanna éagsúla go dtéann daoine isteach san Ord, agus tá rudaí ann, b'fhéidir, nach dtuigeann daoine go

hiomlán, fiú más baill iad nó murar baill iad. 'Live and learn' mar a déarfá. Ní bhíonn a fhios ag a lán de na baill faoi roinnt de na gnéithe sula mbíonn siad ina mbaill, ach foghlaimíonn siad níos mó agus iad mar bhall."

Is as an Bhroclais i nDún na nGall é Norman ó dhúchas agus traidisiún an Oird Oráistigh go láidir san fhuil aige. Bhí a athair féin, a sheanathair agus a shin-sheanathair san Ord. Anois, tá beirt páistí aige agus tá a mhac féin, atá 10 mbliana d'aois, san Ord chomh maith. An síleann sé féin go bhfuil sé ina chónaí in 'outpost', nó an airíonn sé go bhfuil sé mar mhionlach sna 26 contae?

"Bhíodh a lán teaghlach timpeall na háite seo mar chuid den Ord; ní hé go raibh sé aisteach ag fás aníos dom. Bhí sé normálta. Ní cúinne beag Protastúnach atá anseo. Tá Caitlicigh timpeall orainn agus faigheann muid ar aghaidh lena chéile gan fhadhb. D'fhreastail mise ar mheánscoil sna Cealla Beaga agus as 500 dalta, ba Phrotastúnaigh timpeall deichniúr againn agus as sin arís bhí timpeall triúr nó ceathrar ó chúlra an Oird Oráistigh."

Is eagraíocht iomlán Phrotastúnach é an tOrd Oráisteach mar sin cén chaoi a n-airíonn Norman faoi Chaitlicigh. "Níl aon fhadhb againn leis an duine aonarach ach is é teagasc na hEaglaise Caitlicí Rómánaí a bhfuil fadhb againne leis. Tháinig na heaglaisí protastúnacha ar fad ón gcúlra sin. D'easaontaigh siad leis an eaglais Chaitliceach agus leis an phápa ag an am agus bhris siad amach uaidh. Más féidir le haon duine glacadh leis an seasamh atá ag an Ord, go gcreideann siad in Íosa agus gurb é an t-aon slánaitheoir ar an domhan é, agus gurb é an t-aon idirghabhálaí é idir an duine agus Dia, agus má shocraíonn siad a bheith mar bhall d'eaglais leasaithe, cinnte is féidir leo a bheith mar bhall den Ord."

Mar Éireannach atá mar bhall den Ord Oráisteach, an bhfuil Norman sásta leis an mbealach ina bhfuil an tír scoilte faoi láthair? "Bheadh sé go deas dá mbeadh muid mar pháirt den Chomhlathas Briotanach (British Commonwealth) arís," a deir sé. "Ba chomhartha deas a bheadh ann dá mbeadh sé cosúil leis an chaoi a raibh tar éis na críochdheighilte, go mbeadh dhá údarás dhlíthiúla ann ach go mbeadh muid mar chuid den Chomhlathas Briotanach."

Ar ndóigh níl náisiúnaithe sásta leis an teorainn ach oiread, ach níl aon athrú tagtha ar an teorainn le beagnach

100 bliain. An dóigh le Norman go mbeidh aon athrú air lena linn féin? "Ní dóigh liom go dtarlóidh sé ar feadh tamaill ar aon nós, agus tá mise sásta má fhanann an comhréiteach mar atá sé. Ní hé sin le rá nach gcaithfidh muid coinneáil orainn ag maireachtáil ar son na haislinge, nó 'living for the dream'."

Timpeall an ama seo gach bliain, téann na sluaite ón Tuaisceart ar laethanta saoire in áit éigin eile sa tír agus tá taithí mhaith againn ag an bpointe seo ar na híomhánna foréigneacha a bhíonn le feiceáil ar an teilifís agus muid i lár shéasúr na máirseála. Ach céard fúthu siúd a thaistealann d'aonturas ó Thuaidh agus iad ag iarraidh a bheith i lár an aonaigh don lá is mó sa bhliain acu?

Deir Norman, "Nuair a bhí na trioblóidí ann agus cúrsaí slándála níos dáiríre, ba ghnách linn taisteal go Tuaisceart Éireann don 12ú Iúil. Ag an am b'fhéidir go dtiocfá ar shaighdiúirí Sasanacha agus iad i mbun dualgais seicphointe. Beagnach i gcónaí bhí an saighdiúir ag iarraidh tú a threorú ar an seachbhóthar timpeall ar an mhórshiúl. Chuireadh siad ceist i gcónaí, 'Cá bhfuil sibh ag dul?' agus muid ag rá, 'Go dtí an 12ú', ansin d'fheicfeá iad ag breathnú ortsa agus ar chlárú Éireannach an chairr. Is rud é a chuireann mearbhall ar dhaoine roinnt mhaith den am."

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scéim na Sceirdí i bhfad amach fós

Máirtín Ó Catháin

TÁ na Sasanaigh sásta cumhacht na gaoithe a cheannacht as an tír seo ach is cosúil gur fada uainn - no go brách b'fhéidir - an lá nuair a sheolfar gaotha an Atlantaigh anonn chucu.

Níl aon chosúlacht ann anois go dtiocfaidh aon chumhacht i dtír as ceann de na hionaid is fearr gaoithe in Éirinn sna blianta beaga seo amach romhainn. Cé go bhfuil 9 mbliana caite ag an gcomhlacht Fuinneamh Sceirde Teo. i mbun ullmhúcháin ar scéim ghaoithe ar na Sceirdí amach ó chósta Chonamara níl aon dul chun cinn mór déanta fós. Tuigtear go bhfuil ós cionn €300,000 caite ar na staidéir agus ar iarratais ar chead oibre ar charraigeacha na Sceirdí atá 9 míle siar ó chósta Charna. Tá €168,000 íoctha i ndeontais ag Údarás na Gaeltachta le haghaidh na hoibre seo. Áirítear na Sceirdí ar an suíomh gaoithe is fearr sa tír - sin as na cinn a bhfuil staidéar agus tomhas déanta orthu. Ach bheadh costas mór caipitiúil ag baint leis an bhforbairt mar gheall ar nádúr na háite. Tá na céadta milliún luaite. Tá dhá mhórcheist eile ann: ceangal a dhéanamh leis an ngréasán náisiúnta cumhachta agus an praghas a d'íocfaí ar an aonad leictreachais. Sna réimsí sin a bheadh na Sceirdí buailte ag feilmeacha gaoithe ar an gcósta thoir.

"Caithfidh tú ceangal a dhéanamh leis an ngréasán náisiúnta cumhachta i dtosach," a deir foinsí in Fuinneamh Sceirde Teo. "Sin ceist ollmhór in iarthar Chonamara."

Beidh Bord Soláthair an Leictreachais ag tabhairt na líne 110Kv chomh fada anois le Scríb as seo go ceann ocht mí dhéag. Ach, chaithfí ceangal eile a dhéanamh ansin idir Scríb agus cósta Charna. Bheadh ar pé dream a bhuailfeadh faoi scéim ghaoithe ar na Sceirdí an obair sin a dhéanamh agus chosnódh sé tuairim agus €30m. Sa mullach air sin d'fhéadfadh ceisteanna mór timpeallacha a bheith ann. Ta scór míle bealach idir Carna agus Scríb agus tá go leor caomhnú talún déanta sa gceantar sin uilig. Ceist mhór a bheadh ansin sula bhféadfaí láí a chur i dtalamh.

Idir 14 agus 15 cent an t-aonad cumhacht a thabharfaí ar chumacht a ghinfí ar na Sceirdí faoi láthair - sin de réir socruithe Eorpacha - ach níl socrú boilscithe curtha leis sin. "Ní leor é sin," a deir foinsí i gcomhlacht na Sceirdí. "Theastódh 16 no 17 cent."

Ach fiú agus go bhfuil constaicí go leor ann níl sé ar intinn ag Fuinneamh Sceirde Teo. an scéim a scaoileadh le gaoth, a deirtear; coinneofar leis.

Tá muintir Laoi as Leitir Mealláin agus Grattan Ó hÉallaíthe, saineolaí ar fhuinneamh as foinsí nádúrtha ina measc siúd atá bainteach leis an gcomhlacht Fuinneamh Sceirde Teo.

Conamara

Féile Mhic Dara i gCarna

Áine Ní Chuaig

"GUS nach i gCarna a bhíonn an spórt againn Lá 'le Mhic Dara..."

Is fíor na focail atá ráite san amhrán 'Rásaí Chuigéil'. Ar an séú lá dhéag de mhí Iúil, déantar ceiliúradh mór chuile bhliain ar Lá Fhéile Mhic Dara i gCarna agus is cinnte go bhfuil clár breá imeachtaí leagtha amach don deireadh seachtaine amach romhainn. Rachaidh na céadta daoine isteach ar an oileán le haghaidh aifreann a cheiliúradh agus beannú na mbád. Beidh rásaí bád ar bun freisin in onóir Naomh Mac Dara, pátrún na mairnéalach.

Deir na seandálaithe go bhfuil Teampall Mhic Dara ar cheann de na foirgnimh oidhreachta is sine agus is tábhachtaí atá in Éirinn. Sa séú haois, thóg Naomh Mac Dara an teach pobail beag ar Chruach na Cara, ceann de na hoileáin atá suite amach ó Cheann Mhása, siar ó chósta Iorras Aithneach. Bhí Naomh Mac Dara ina phátrún ag pobal Mhaíros agus ag na hiascairí áitiúla i gConamara Theas. Gné shuimiúil den teampall ná go bhfuil an díon géar déanta as clocha ar fad. Sa bhliain 1975, rinneadh obair mhór deisiúcháin ar an teampall agus thug an rialtas aitheantas dó mar leacht náisiúnta.

Tá réimse leathan imeachtaí ar siúl don cheiliúradh. Cuirfear tús leo inniu, an Aoine, le comórtas iascaireacht farraige ar Ché an Mhása, comórtas sacair agus tarraingt téide ar Pháirc Charna, comórtas caitheamh saighead i dTeach Ghlinnsge agus siamsaíocht in Óstán Chuan Charna ag 9.00in le Marcus Ó hIarnáin agus Don Stiffe.

Tosóidh na báid ag fágáil na cé ag 10.00in maidin Dé Sathairn agus beidh an tAifreann ar an oileán ag meán lae. Leanfar ar aghaidh le himeachtaí ar feadh an lae ar Ché an Mhása, ina measc taispeántas ealaíne agus BBQ sliogéisc. Tosóidh na rásaí do bháid mhóra, leathbháid agus currachaí ag 3.00in.

Beidh togha agus rogha an cheoil le cloisteáil i gCarna san oíche Dé Sathairn. Tabharfaidh an banna Fóidín Meara faoin stáitse i dTigh Mheaic agus is iad clann chumasach Iarnáin as Roisín na Mainiach a chuirfidh an tsiamsaíocht ar fáil in Óstán Chuan Charna. Go deimhin bainfidh na damhsóirí fothram as an urlár sa dá ionad an oíche sin!

Ar an Domhnach, casfaidh Club Spaisteoireachta Iorras Aithnigh le chéile ag an óstán ag 1.00in don tsiúlóid atá eagraithe acu thart ar an gceantar. Tosóidh na rásaí bád arís ar Ché an Mhása ag 2.00in leis na gleoiteoga móra, gleoiteoga beaga, midgets agus currachaí canbháis. Is i dTigh Mheaic a chuirfear clabhsúr leis an bhféile le BBQ, bronnadh na nduaiseanna, ceol agus siamsaíocht ó 8.00in ar aghaidh.

Déanfaidh sí deireadh seachtaine spleodrach in Iorras Aithneach agus tá fáilte roimh chách.

Ag ceiliúradh an aifrinn ar Oileán Mhic Dara. GRIANGHRAF LE HIRENE NÍ FHLATHARTA

Seoladh Sárscoil Drámaíochta Fíbín

Áine Ní Chuaig

SEOLFAR go hoifigiúil Sárscoil Drámaíochta Fíbín inniu (an Aoine, 15ú Iúil) ag 1.00in in Ionad Eastáit Thionsclaíoch Chasla i gConamara. Tá 25 rannpháirtí 15-17 bliain d'aois ó thart timpeall na tíre ar fad tar éis páirt a ghlacadh i gceardlanna ar leith, in éineacht leis an stiúrthóir cáiliúil Paul Mercier. Le coicís anuas, bhí na déagóirí ag foghlaim ceird na drámaíochta, na puipéadóireachta agus scileanna teilifíse. Mar chríoch leis an gceardlann, cuirfear taispeántas físiúil de chuid na n-aisteoirí óga ar siúl ag an ócáid i gCasla, faoi chomhairle Paul Mercier.

Tá aithne fhorleathan ar Paul Mercier, agus tá an t-ádh ar na daoine óga seo a leithéid a bheith acu i mbun na gceardlann chun iad a spreagadh, agus chun a gcuid scileanna amharclannaíochta a chur chun cinn. Bhain Mercier clú amach sna hochtóidí mar scríbhneoir agus stiúrthóir ealaíne lena chomhlacht Passion Machine Theatre, áit ar oibrigh sé le leithéidí Roddy Doyle agus Michael Harding. Le blianta beaga anuas, tá cáil bainte amach aige mar stiúrthóir ar 'Aifric', an tsraith teilifíse do dhéagóirí ar TG4.

Tá an comhlacht amharclannaíochta nua-aimseartha Fíbín lonnaithe in Indreabhán i gConamara agus tá siad ar an bhfód ó bhí 2003 ann. Cuireann siad béim ar dhrámaíocht agus ar phuipéadóireacht don aos óg, ag feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Le samhlaíocht den scoth, éiríonn le Fíbín léiriúcháin tharraingteacha d'ardchaighdeán a chur ar stáitse ar bhealach taitneamhach, fiú dóibh siúd nach bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu. Tá creidiúint ag dul do Fíbín mar go dtarraingíonn said den chuid is mó ar aisteoirí, dhearthóirí agus scríbhneoirí as an nGaeltacht chun fís dhraíochtúil a chruthú don lucht féachana.

Tá go leor léiriúchán do dhaltaí bunscoile agus meánscoile déanta ag Fíbín agus tugtha ar camchuairt ó cheann ceann na tíre, ina measc Labhraí Loingseach, An Cearrbhach Mac Cába agus Fiche Bliain ag Fás, Ó Luan go hAoine, An Triail agus An Rón Dall.

I láthair na huaire, tá Fíbín ar camchuairt ar na coláistí Gaeilge sna Gaeltachtaí leis an seó samhraidh 'Finscéal Fíbín'. D'éirigh thar barr leis an seó i Machaire Rabhartaigh i nDún na nGall an tseachtain seo caite agus bhí said gnóthach an tseachtain seo ag freastal ar choláistí Gaeilge ar fud Chonamara. Tá eolas faoi sheónna Fíbín le fáil ag www.fibin.com nó cuir glaoch ar 091-505855.

Cruinniú do thuismitheoirí páistí le riachtanais speisialta

Caroline Ní Chualáin

TÁ cruinniú á eagrú do thuismitheoirí i gceantar Chonamara a

bhfuil páistí le riachtanais speisialta acu. Casann grúpa tuismitheoirí le chéile gach Máirt ag 7.30 san ionad acmhainní teaghlaigh, Clann, Bóthar an Stáisiúin, Uachtar Ard. Beidh an chéad chruinniú eile ar siúl Dé Máirt 18 Iúil ag 7.30. Tá an grúpa tuismitheoirí ag eagrú ceistneora agus ba mhaith leo daoine a fháil chun an ceistneoir a líonadh. Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoin gcruinniú téigh i dteagmháil le Anne ar (091) 557633, 087 6171693 nó trí ríomhphost co.clann@gmail.com.

Scread, banna óg as Indreabhán ag seoladh dlúthdhiosca

Caroline Ní Chualáin

TÁ Gráinne Ní Bheoláin (17) agus Róisín Ní Fhurrghais (14) ó Indreabhán, atá sa bhanna ceoil Scread, ag lainseáil a gcéad dlúthdhiosca "Réalt ag Titim" i gColáiste Lurgan ar 18 Iúil ag 8in. Fuair an banna óg, a fhreastalaíonn ar Choláiste Cholm Cille, Indreabhán, an deis an dlúthdhiosca a thaifeadadh tar éis dóibh an chéad áit a bhaint amach i gcomórtas cumtha amhránaíochta. Is é an duais a bhuaigh siad sa chomórtas ná dearbhán le haghaidh stiúideo taifeadta Forge. Beidh a ndlúthdhiosca le ceannacht ar an oíche agus beidh na cailíní ag tabhairt 100 % don airgead a dhéanann an dlúthdhiosca do charthanais i nGaillimh, COPE agus Jigsaw.

Deir Róisín, "Níl mórán den chineál seo ceoil trí mheán na Gaeilge le cloisteáil. Tá sé tábhachtach dúinn go dtéann an t-airgead seo chuig carthanais a chabhraíonn le daoine óga. Fuair muid an deis an dlúthdhiosca seo a dhéanamh de bharr comórtais d'ógánaigh agus tá muid ag iarradh an t-airgead a dhéantar as seo a thabhairt ar ais d'ógánaigh tríd na carthanais COPE agus Jigsaw."

Beidh an lainseáil le feiceáil beo ag www.lurgan.biz.

Comhlacht Chonamara Rí na Mara aitheanta mar Ambasadóir Gnó

Caroline Ní Chualáin

TÁ comhlacht áitiúil i gConamara, Rí na Mara, aitheanta mar Ambasadóir Gnó na Gaillimhe ag an gcomhlacht stáit Idir-Thrádáil Éireann. Tugadh an t-aitheantas don chomhlacht ag imeacht a d'óstaigh an tAire Fiontraíochta, Richard Bruton TD an tseachtain seo caite.

Bhí breis agus 80 Teachta Dála agus Seanadóir i láthair ag an imeacht a rinne aitheantas a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide ó thuaidh agus ó dheas as a gcuid nuálaíochta. Tugadh cuireadh don ghrúpa ambasadóirí gnó teacht chuig an searmanas eisiach leis an Uachtarán Máire Mhic Giolla Íosa chun a gcuid éachtaí a cheiliúradh. Dúirt Deirdre Mhic Cathmhaoil, "Bhí lá iontach againn agus b'iontach an deis a bhí ann casadh le Teachtaí Dála agus Seanadóirí. Tá muid ag iarradh a bheith amuigh ansin ag casadh leis an bpobal agus freastalaíonn muid ar go leor aonach trádála."

Cuireann an comhlacht Gaillimheach atá bunaithe sa Spidéal cosmaidí atá déanta as feamainn na hÉireann ar an margadh. Chaith an comhlacht trí bliana i mbun taighde agus forbartha, cuid de sa Fhrainc, sa Spáinn agus san Iodáil. Ba léir do Rí na Mara go raibh speicis shainiúla feamainne le fáil go flúirseach ar chósta iarthar na hÉireann. Baintear an chuid is mó den fheamainn a mbaineann Rí na Mara úsáid aisti ar an gcósta timpeall ar Árainn. Tá pleananna ag an gcomhlacht lainseáil a dhéanamh ar bhranda orgánach de tháirgí a bheidh iomlán dearbhaithe níos déanaí i mbliana. Is féidir tuilleadh eolais a fháil agus a gcuid táirgí a cheannacht ag www.rinamara.com

Ó chlé ag searmanas d'Ambasadóirí Gnó an eagrais Idir-Thrádáil Éireann bhí Deirdre Mhic Cathmhaoil, Rí na Mara, an Seanadóir Martin McAleese, an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa agus Séamus Mac Cathmhaoil, Rí na Mara. GRIANGHRAF LE DARRYL MOONEY

Maigh Eo

Scoil Acla ar ais

Caroline Ní Chualáin

BEIDH an scoil samhraidh, Scoil Acla ar siúl in Acaill, Co. Mhaigh Eo 25-31 Iúil. Déanfaidh an Taoiseach Enda Kenny TD an oscailt oifigiúil ag 7in ar an Luan 25ú Iúil i dTeach Gielty i nDú Acha.

Tá Scoil Acla 26 bliain ar an bhfód i mbliana agus beidh na céadta ceoltóir díocasach ag freastal ar ranganna éagsúla chun scileanna ceoil a fhoghlaim ó mháistrí na ceirde i rith na seachtaine. I measc na dteagascóirí beidh Mick O'Brien, Robbie Hannan, Tommy Keane, PJ Hernon, Tom Doherty, Laoise Kelly, Harry Bradley, Hammy Hamilton, Peter Molloy, Maureen McGrattan, Mícheál Ó Raghallaigh, Jacqueline McCarthy, Paddy Ryan agus Liam O'Connor. Beidh Treasa Ní Cheannabháin mar cheoltoir cónaitheach Scoil Acla in 2011.

Beidh neart imeachtaí cultúrtha ar siúl le linn na seachtaine, ina measc ceardlann scríbhneoireachta le Macdara Woods, oiche filíochta le Dermot Healy, oiche Ghaelach, ceardlann damhsa, ceardlann amhránaíochta, neart ranganna ceoil agus chomh maith leis sin beidh John Mhaidhcí Ó Gallachóbhair i mbun cúrsa ar Ghaeilge Acla.

Dúirt Cathaoirleach Scoil Acla, Diarmuid Gielty, "Tá muintir Acla thar a bheith bródúil as an saibhreas cultúir, na traidisiúin agus an oidhreacht atá acu. Buaileadh go holc sinn síos tríd na blianta idir tragóidí agus eisimirce, ach ina ainneoin sin tá muintir Acla i ndiaidh dul i bhfeidhm ar thíortha agus ar áiteanna ar fud na cruinne, gan dearmad a dhéanamh riamh ar a n-oidhreacht ná a gcultúr."

Tá clár iomlán na bliana seo ar fáil ar: www.scoilacla.com agus tá a thuilleadh eolais ón uimhir +353 (0) 98 47353.

Oíche eolais faoi chéim nua idirlín Ghaeilge

TÁ céim nua BA sa Ghaeilge Fheidhmeach (ar-líne) ag tosú i Meán Fómhair 2011, i bpáirt le hOllscoil na hÉireann Gaillimh. Reachtófar oíche eolais faoin gcéim nua seo in Ionad Deirbhile Eachléim ar an gCéadaoin 20.07.2011 ag 8in

Tá an clár seo dírithe go háirithe ar fhoghlaimeoirí lánfhásta nach bhfuil aon cháilíocht tríú leibhéal acu. Is féidir le daoine a mbíonn teastas nó dioplóma faighte acu cheana an clár seo a dhéanamh chun céim a bhaint amach agus tabharfar aitheantas cuí do na cáilíochtaí atá acu.

Tuilleadh eolais ó www.nuigalway.ie/gaeilge nó 097 85727.

Imeachtaí Chonnacht

• Campa Samhraidh Bhogha Ceatha, An Sidheán, An Spidéal, Co. na Gaillimhe. Ar siúl faoi láthair, go dtí deireadh Lúnasa. Luan-Aoine, 9.00rn - 2.00in. Páistí 4-10 mbliana d'aois. €40 don tseachtain, €75 (Beirt)/ €110 (Triúr). Teil: (091) 897 851.
• Tunes in the Church, Eaglais Choláisteach Niocláis, Sráid na Lombardach, Gaillimh. Dé Luain, Dé Céadaoin, Dé hAoine, 8.00-9.30in. €15/€12/€8. Suíomh: www.tunesinthechurch.com
• Féile na mBradán, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo. 10-17 Iúil. Teil: (096) 79814 / 79815, Suíomh: www.ballinasalmonfestival.ie.
• Féile Ealaíon na Gaillimhe, 11-24 Iúil. Teil: (091) 509700. Suíomh: www.galwayartsfestival.com.
• Féile Bhia na Mara Acla, Co. Mhaigh Eo. 14-17 Iúil. Teil: (098) 47353, Suíomh: www.feilebianamara.com.
• Féile Mhic Dara, Carna, Co. na Gaillimhe. 15-17 Iúil. Teil: (095) 32523.
• Féile Touhey, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe. 15-17 Iúil. Suíomh: cce.loughrea.net.
• Féile Iorrais, Iorras, Co. Mhaigh Eo. 15-24 Iúil. Teil: (097) 81079 (le háit i gceardlann a chur in áirithe), Suíomh: www.arasinisgluaire.ie / www.errisevents.com.
• Bás Taismeach Ainrialaí, (Léiriúchán de chuid Taibhdhearc na Gaillimhe), Seanscoil Shailearna, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.18-24 Iúil. Teil: (091) 562024. Suíomh: www.antaibhdhearc.com.

Ag oscailt Pháirc Spraoi agus Spóirt Árann bhí baill an Choiste Chomharchumann Forbartha (ó chlé): Arthur Ó Flaithearta, Micheál Ó Ceallaigh, Máirtín Ó hIarnáin, Micheál Ó Goill, Áine Bean Uí Iarnáin, Pádraig Ó Dioráin, an craoltóir Micheal Ó Muircheartaigh, Breda Uí Dhioráin, Kathy Ní Ghoill, Pádraig Ó Maoláin, Geraldine Ní Ghoill agus Micheál Ó Maoláincoiste. PIC: SEÁN Ó MAINNÍN

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Slua i mbun agóide i gcoinne na n-athruithe atá le tarlú in Ospidéal Bhaile Uí Lachnáin.

Loch Garman

Fearg faoi shíneadh an M11 go Ros Láir

Colm Ó Broin

TÁ cáineadh láidir déanta ag grúpa pobail ar phleananna atá molta ag Comhairle Contae Loch Garman do mhótarbhealach nua i ndeisceart an chontae.

Tá sé i gceist mótarbhealach a thógáil ar bhealach an N11-N25 ó Mhaolán na nGabhar go Calafort Ros Láir.

D'fhoilsigh an Chomhairle a rogha molta don bhealach an tseachtain seo. Tá an síneadh ar an M11 mar chuid den bhealach Euro Route 1 in Éirinn ó Latharna go Calafort Ros Láir.

De réir an bhrúghrúpa áitiúil, Joint Committee of Communities (JCC), tá airgead poiblí á chur amú ar thogra a dhéanfaidh dochar do ghnóthaí i mBaile Loch Garman agus mórthimpeall an bhóthair.

San iomlán fuarthas thart ar 2,000 aighneacht ón bpobal faoin mbealach.

Deir cathaoirleach an JCC, Michael Carroll, go bhfuil an baol ann nach dtógfar an mótarbhealach go ceann 20-30 bliain agus deir sé go mbeidh cosc ar aon fhorbairt ar an talamh atá clúdaithe faoin bplean idir seo agus sin dá bharr.

Dúirt sé chomh maith go bhfuil €2m "curtha amú" ag an gComhairle ar an togra go dtí seo agus go gcaithfear €3-4m ar an gcuid eile den ullmhúchán.

Dar leis an ngrúpa áitiúil, níl aon fhadhb le plódú tráchta ar an mbóthar atá ann faoi láthair agus mar sin níl aon ghá le huasghrádú go mótarbhealach.

Táthar ag súil go dtógfaidh na céimeanna eile ullmhaithe don bhóthar nua suas le ceithre bliana. Beidh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (ÚBN) agus an Chomhairle Contae ag lorg maoiniú ón rialtas don tógáil ag an am sin.

Deir Comhairle Contae Loch Garman go bhfuil sé "fíor-riachtanach" feabhsú a dhéanamh ar an rochtain ar Chalafort Eorpach Ros Láir agus ar shábháilteacht ar bhóithre.

Dheimhnigh an ÚBN do Ghaelsceál nach bhfuil maoiniú ar fáil don togra ach mhaígh urlabhraí na heagraíochta gur 'dea-chleachtas' a bhí ann an phleanáil a chríochnú fiú mura raibh airgead ar fáil don tógáil.

"Má tá an togra 'réidh don tsluasaid' ní bheidh orainn am a chur amú nuair a fhaigheann muid maoiniú ón Rialtas," arsa an t-urlabhraí. "Mura bhfuil an phleanáil déanta agus ceisteanna faoin mbealach, faoin gcomhshaol agus araile socraithe bheadh orainn tús a chur leis an bpróiseas arís ag an am sin."

Tá maíomh déanta ag comhlachtaí atá in éadan an uasghrádaithe gur buaileadh gnóthaí i mbailte ar nós Inbhear Mór, Eochaille agus Dhroichead Átha nuair a tógadh mótarbhealaí mórthimpeall orthu.

Baile Átha Cliath

An tAonad Timpistí agus Éigeandála san Ospidéal i mBaile Uí Lachnáin

Katie McGreal

BHÍ agóid i Seanchill i mBaile Átha Cliath, Dé Sathairn na seachtaine seo, chun dul i gcoinne na gcinntí atá déanta sa Dáil mar gheall ar dhúnadh síos an aonad timpistí agus éigeandála san ospidéal i mBaile Uí Lachnáin.

Thosaigh sé ag 2in agus bhí na céadta duine ó Bhaile Átha Cliath agus Chill Mhantáin i láthair chomh maith le Richard Boyde Barrett TD ón gComhaontas Pobal seachas Brabús (PBPA) agus an Comhairleoir John Brady ó Shinn Féin.

Úsáideann 160,000 duine ó dheisceart Chontae Bhaile Átha Cliath agus Chill Mhantáin seirbhísí an ospidéil. Bhí 21,000 othar acu anuraidh. Deirtear go ndúnfaidh an t-aonad timpistí agus éigeandála i mí na Samhna 2011 agus beidh seirbhís mionghortaithe curtha ina áit.

I ndiaidh an ama sin, bheadh ar na daoine ó na ceantair seo dul go hOspidéal Ollscoile Naomh Uinseann i nDeisceart Bhaile Átha Cliath - 8 nóiméad sa bhreis in otharcharr.

Dúirt an Comhairleoir Brady, "Tá siad i ndiaidh na seirbhísí agus an t-airgead don ospidéal seo a ghearradh siar ar feadh na mblianta agus anois tá siad ag iarraidh an t-aonad timpistí agus éigeandála 24 uaire a dhúnadh."

Tá an cúigear Teachtaí Dála ó Chill Mhantáin i bhfabhar an chinnidh. Tháinig sé aníos de dheasca an €1 billiún atá ar an rialtas a ghearradh ón mbuiséad sláinte.

"Níl deireadh tagtha leis an gceist seo go fóill," a dúirt an comhairleoir.

Deontais ar fáil i nDCU do scoláirí PhD

Katie McGreal

CUIREANN Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) fáilte roimh iarratais do Scéim Scoláireachtaí Taighde Daniel O'Hare na bliana seo ríomh dheireadh na míosa.

Thosaigh an scéim anuraidh chun ómós a thabhairt don uasal O'Hare, Uachtarán bunaidh na hOllscoile. Tugtar deontais do roinnt scoláirí PhD taighde a dhéanamh sa réimse nuálaíochta, inbhuanaitheachta agus comhtháthú sóisialta.

Íocfar liúntas de €16,000 d'iarrthóirí rathúla ar feadh 3 bliana, a gcuid táillí san áireamh, agus tá an scéim ar oscailt dóibh siúd i ngach roinn de chuid na hOllscoile.

Cuireann 'Fiontar' oideachas fiontraíochta ar fáil trí mheán na Gaeilge agus tá Aonad Gaeilge na hOllscoile ag dul ó neart go neart ó thosaigh sé in 1993. Maíonn an tOllamh Gary Murphy, atá i gceannas ar Léann na gCéimithe, go bhfuil gá lena leithéid de thaighde i gcomhthéacs thodhchaí na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Tuilleadh eolais ó ohare.scholars@dcu.ie. Seoltar cóip chrua d'iarratais go dtí an Oifig Thaighde Céimí i nDCU roimh 5in ar 29 Iúil.

Gradam do shaoránach atruach

Katie McGreal

BRONNADH gradam 'Compassionate Citizen' ón gcarthanas ainmhithe, Aran, ar an bhfear a léim isteach sa Life chun a choinín, Barney, a shábháil Dé Máirt na seachtaine seo.

John Byrne is ainm don fhear agus nuair a chonaic stiúrthóir Aran, John Carmody, físeán idirlín dó ag sábháil an choinín, bheartaigh sé an gradam a thabhairt dó.

Tháinig clú ar John tríd na físeáin seo agus tá sé i ndiaidh tairiscint poist a fháil ó fheirmeoir i dTiobraid Árann chun bheith ag obair le hainmhithe.

Is as Baile Formaid i mBaile Átha Cliath é ach tá cónaí air ar na sráideanna ar feadh 22 bliain. Leis an ngradam, fuair sé meacain dearga do Bharney agus bia do mhadra John freisin.

Réabhlóid Faisin

Ciarán Ó Braonáin

'ÉADAÍ do lucht leanúna géarchúiseach an tsacair agus réabhlóidithe ar aon'. Is í sin mana Casa Rebelde, siopa nua a osclaíodh go hoifigiúil i mBarra an Teampaill inné, agus más duine thú a bhfuil dúil faoi leith agat sa sacar, nó má tá splanc an tsóisialachais ionat, ní mór duit triall ar an siopa spéisiúil seo gan mhoill.

Is mar gheall ar na fadhbanna praiticiúla a bhaineann le saol sóisialta lucht leanúna an tsacair a bheartaigh an t-úinéir, Michael Dixen, siopa éadaí galánta spóirt a chur ar an bhfód:

"Go dtí seo ní raibh ach léinte traenála nó geansaithe foirne ar fáil sna siopaí. Má amharcann tú ar chluiche sa teach tábhairne is gá teacht abhaile agus d'éadaí a athrú sula dtéann tú amach," arsa Dixen.

Faoi láthair tá thart faoi 50 dearadh éagsúil ar fáil in Casa Rebelde, le brandaí ar nós Copa Football, St. Pauli, PG Wear, Goalsoul, agus Fire and Flames, anuas ar éadaí eisceachtúla de chuid an tsiopa féin ina measc. Tá sé ar intinn ag Dixen roinn faoi leith a chur ar fáil do lucht leanúna Shraith na hÉireann, agus roinnt geansaithe retro a sholáthair fosta.

I measc rogha na T-léinte tá ceann leis an mana 'Víva La Hill' atá ar fáil do mhuintir na príomhchathrach, agus ceann eile atá iontach deas le híomhá mhór mhillteach de phus Eamon Dunphy air. Tá siopa idirlín ar na bacáin agus is féidir tuilleadh eolais a fháil ó www.casarebelde.com.

Imeachtaí Laighean

- Steeple Sessions. An Eaglais Úinitéireach, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath. Dé Máirt, Déardaoin, 8.00-9.30in. €15/€12. Teil: (01) 678 8470. Suíomh: www.steeplesessions.com.
- Laois Walks Festival, Co. Laoise. 1-29 Iúil. Teil: 087 774 9281. Suíomh: www.laoispartnership.ie.
- Bray Summerfest, Bré, Co. Chill Mhantáin. 8 Iúil-7 Lúnasa. Suíomh: www.braysummerfest.com.
- Made in Temple Bar, Barra an Teampaill, Baile Átha Cliath 2. 14-24 Iúil. Teil: (01) 677 2255. Suíomh: www.templebar.ie.
- Arklow Seabreeze Festival, An tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin. 15-17 Iúil. Teil: 086 385 3674. Rphost: seabreezefestival@hotmail.com.
- Siúlóid leis Na Cnocadóirí, An Uaimh-Baile Shláine. 17 Iúil. Ag imeacht ag 10.30rn ó Oifigí BSL, Sráid Mhic Liam, An Uaimh, Co. na Mí. 3.5-4 huaire. €5 don bhus. Suíomh: www.cnocadoiri.com.
- Ceardlanna Drámaíochta (dátheangacha) do dhéagóirí. Leabharlann Bhaile Bhlainséir, Fine Gall, Baile Átha Cliath 15. 18-29 Iúil, 11.00rn-1.00in. Teil: 087 666 2903. Rphost: ionadbuailisteach@gmail.com.
- Féile Chluiche Corr CLG, An Clárach CLG, Bóthar Chionn Átha Gad, Clóirtheach, Co. Uíbh Fhailí. 30 Iúil-1 Lúnasa. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó: www.gaarounders.ie.

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Comhairleoir Chontae Chiarraí, Toiréasa Ní Fhearaíosa, iar-stiúrthóir poiblíochta Shinn Féin, an scríbhneoir Danny Morrison, Rúnaí Choiste Luíochán Chill Mhichíl Seán Ó Céilleachair, an t-iarstailceoir ocrais Leo Green agus chun tosaigh ar dheis os a gcomhair, an dílseoir Frankie Gallagher ag Scoil Samhraidh na Saoirse i mBaile Bhúirne.

GRIANGHRAF: Ó LOINGSIGH

Corca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Suim idirnáisiúnta i gcúrsaí áitiúla

THOSNAIGH cúrsa coicíse Gaeilge i mBrú na Gráige ar an Luan seo caite do mhúinteoirí a oileadh lasmuigh den stát. Oidhreacht Chorca Dhuibhne atá i mbun an chúrsa.

Ar an Luan seo chugainn beidh dianchúrsaí ar bun ag an Oidhreacht do thosnaitheoirí agus dóibh siúd go bhfuil Gaeilge réasúnta acu. Chuir Máire Uí Shíthigh, stiúrthóir Oidhreacht Chorca Dhuibhne in iúl dúinn go bhfuil éirithe go diail leis na cúrsaí seo ó thosnaíodar roinnt blianta ó shin. Daichead scoláire a bheidh ag freastal ar chúrsaí an Luain. Chuir sí in iúl go raibh daoine ón Rúis agus ón tSeapáin tar éis áirithintí a dhéanamh do chúrsa Lúnasa. "Agus creid nó ná creid," arsa Máire, "bhí áirithintí na Rúiseach i nGaolainn mhaith."

Díol na n-uan anois

CÉ go ndeirtear go bhfuil na praghsanna a bhí ar uain sna marglanna tite beagán agus na monarchana feola ag cur thar maoil le huaineoil, moltar do dhuine díol anois más féidir mar gur mó óspairt agus galar a bhuailfeadh uain idir seo agus deireadh Lúnasa, gan trácht ar an gcostas cothabhála.

De ghnáth bheadh feirmeoirí ní b'fhearr as fanacht tamall eile go mbeadh rabharta mar seo thart agus go bhféadfadh ardú teacht ar an bpraghas. Is gnách go dtiteann an luach i ndeireadh an Mheithimh agus bíonn sé ag titim agus ag ardú as sin go deireadh Lúnasa ach faoi láthair moltar do dhuine a bhfuil uain acu iad a dhíol anois.

Beidh, gan amhras, uain bheaga ag fás agus ag dul i dtroime. Is cuma conas mar a bheidh do thuar mar nuair a bhíonn soláthar mór d'aon rud ann titeann an praghas agus nuair a bhíonn ganntanas ardaíonn an praghas. Beidh glaoch maith coitianta ar uain ramhraithe ach is min a ramhraíonn iad siúd agus sin mórchostas. Is deacair barra deasa d'fhéar glas a shárú, a déarfadh aon fheirmeoir leat.

Príomhoide ar scor

TÁ seacht mbliana fichead caite ag Pádraig Ó Dálaigh ón bhFianait agus Dún Chaoin ina phríomhoide ar Ghaelcholáiste Chiarraí i dTrá Lí. Ar an gcéad lá de Mheán Fomhair beidh Pádraig scortha óna dhualgaisí sa Ghaelcholáiste. Seachas na blianta mar phríomhoide sa Ghaelcholáiste chaith Pádraig bliain ag múineadh i gCathair Saidhbhín, bliain ag obair d'Fhondúireacht an Bhlascaoid agus seacht mbliana ag múineadh in Ardscoil Lurgan i gContae Mhuineacháin.

Fé láthair tá 274 scoláire ag freastal ar Ghaelcholáiste Chiarraí agus measann Pádraig go mbeidh 62 scoláire sa chéad bhliain i mbliana.

Rud a chuir isteach ar an scoil roinnt blianta ó shin ná nach raibh aon láthair sásúil acu, ach ón am gur aistríodh an scoil go dtí foirgneamh scoile ag Tobar Mhaigh Dor tá cúrsaí socraithe, go mórmhór le déanaí. Bhí brú á chur ar an bpríomhoide agus ar an mBord Bainistíochta tamall de bhlianta ó shin aistriú ar ais go dtí láthair a mheas na tuismitheoirí a bheadh mí-oiriúnach. "Thóg sé tamall ar na húdaráis sin a thuiscint," arsa ball den Bhord Bainistíochta.

Bhain Pádraig Ó Dálaigh ansásamh as a bhlianta ag múinteoireacht agus measann sé go mbeidh sé deacair air dul i dtaithí ar gan a bheith ag tabhairt aghaidhe ar an scoil an fómhar seo chugainn.

Ba ó Dhún Chaoin athair agus máthair Phádraig, Seosamh Ó Dálaigh, múinteoir agus fear a bhailigh an domhan d'ábhar don Choimisiún Béaloideasa, agus Peig Ní Chonchúir. Ní nach ionadh go gcaitheann Pádraig cuid mhaith dá shaoire 'thiar', mar a deir sé.

Tá Pádraig an-bhuíoch dá fhoireann múinteoirí a mholann sé go hard na spéire agus dá Bhord Bainistíochta. Is ábhar mór díomá nach bhfuil duine de chrainn taca an oideachais lán-Ghaelaigh, Pádraig Mac Fhearghusa, iar-Uachtarán ar Chonradh na Gaeiilge ar an mBord Bainistíochta mar a bhíodh. Dar le Pádraig go measfá gur cleasaíocht gan chéill fé ndear gan Pádraig a bheith ar an mbord. "Is é Mac Fhearghusa fé ndear bunú Scoil Náisiúnta lán-Ghaeilge Mhic Easmainn anseo i dTrá Lí agus tá an dála céanna fíor i gcás an Ghaelcholáiste," ar sé.

"Tá súil agam go mbeidh ciall ag duine éigin féachaint chuige go mbeidh Mac Fhearghusa, fear iontach, ar ais ar an mBord go luath," ar sé.

Tá an tinreamh ar an gColáiste ag méadú go tiubh le blianta beaga, mar tá láthair agus breis spáis ar fáil agus tuigeann gach aon duine go bhfuil ardchaighdeán oideachais á chur ar fáil ag foireann an Choláiste, atá ar cheann de na coláistí is fearr torthaí sa tír bliain i ndiaidh bliana. Mhol Pádraig Coiste na dTuismitheoirí, a chabhraigh go mór le meon dearfach agus le comhoibriú idir tuistí, scoláirí, an bord agus foireann na scoile, dar leis. Is é Aibhistín Ó Seachnasaigh ón gCromán, a bheidh ag teacht i gcomharbacht ar Phádraig, fear gur mór é a mheas air.

Tá Pádraig pósta le Nóirín Ní Shúilleabháin, ó Chúil Aodha, duine de Shúilleabhánaigh na n-amhrán agus an cheoil. Tá ceathrar clainne orthu. Ceathrar a bhí i gclann Phádraig féin agus múinteoirí ab ea an ceathrar.

Cad atá ar na bioráin ag an Dálach sna míonna agus sna blianta romhainn? "Tá," ar sé, "mo cheann lán de bheartais, ach gan aon chinneadh déanta agam ar aon rud fé leith fós. Beidh go leor aimsire agam anois le bheith ag cur agus ag cúiteamh."

Taispeántas Talmhaíochta

AR an Domhnach beag seo beidh Taispeántas Talmhaíochta Chiarraí Thiar ar bun i bpáirc Mharglann an Daingin. Tá an taispeántas ar bun le 46 bliain i mbliana, a dúirt an rúnaí, Pádraig de Brún, linn.Tá Pádraig ina rúnaí ón gcéad lá. Sin gaisce. Tá duaischiste de €20,000 ann i mbliana, rud a léiríonn an tacaíocht atá ag an ócáid go háitiúil. Osclóidh an Taispeántas ar 1.30rn. Mar is gnách beidh duaiseanna ann don bhean is fearr gléasta, agus den chéad uair, don fhear is fearr gléasta, don bhaibín is naíonta agus don Ghrannaí Gaelach.

Deirtear le daoine a mbeidh ba, gamhna, capaill nó caoirigh acu sna comórtais, bheith cinnte go mbeidh siad ag comhlíonadh dlíthe na Roinne Talmhaíochta. Tá rannóga éagsúla do gach comórtas pé acu beithígh, ba, capaill, pónaí nó caoirigh. Níl aon staileanna capaill ceadaithe sa chomórtas. Cuirtear ansuim sna trialacha madraí agus bíonn siad an- spéisiúil. Beidh siad sin ar bun ar 10.30rn ar thalamh Shane agus Mháire Uí Chonchúir. Bronntar na marcanna ar na madraí as dul ag triall ar na caoirigh, 20 marc; tá 10 marc as iad a bhailiú; 20 marc as iad a threorú go dtí an bothán beag mar a mbíonn fear an mhadra, 30 marc as iad a thiomáint uaidh trí gheataí; 10 marc as na caoirigh a roinnt - gan ach cuid acu le dul isteach sa loc. Tá 10 marc as an locadh. Níor mhór duit ardmhadra a bheith agat le lánmharcanna a ghnóthú. Tá rás constaicí do mhadraí ann den chéad uair i mbliana.

Gan amhras fad a bheidh feirmeoirí ag moladh a gcoda, beidh na mná ar aon dul leo sna comórtais bácála, suibhe, cácaí, agus glasraí éagsúla. Beidh ceol, taispeántas ó rinceoirí Chorca Duibhne, paráid agus taispeántais ealaíne ann leis. €5 atá ar an ngeata agus €2 do dhaoine óga. Is gnách go mbíonn slua mór i láthair agus méadú coitianta ag teacht ar an líon daoine a bhíonn páirteach sna comórtais, a dúirt Pádraig de Brún.

Múscraí

Ceist chimí polaitiúla an lae inniu ardaithe ag Scoil na Saoirse

Seán Ó Loingsigh

NÍ príosúnaigh pholaitiúla iad mórán des na heasaontóirí atá i ngéibheann sa Tuaisceart faoi láthair dar le hiar-stailceoir ocrais a labhair ag Scoil Samhraidh na Saoirse a reachtáil páirtí Shinn Féin i mBaile Bhúirne an deireadh seachtaine seo caite.

Bhí Leo Green, a chaith 53 lá ar stailc ocrais i bPríosún na Ceise Fada in 1980, ag freagairt bhall den slua a d'ardaigh ceist maidir le príosúnaigh atá i ngéibheann ó thuaidh agus ó dheas de bharr chúis an Tuaiscirt.

Dúirt bainisteoir polaitíochta Shinn Féin i gComhthionól an Tuaiscirt go dtabarfadh a pháirtí cosaint do chearta príosúnach cuma cé hiad, ach nach bhféadfá príosúnaigh pholaitiúla a thabhairt ar mhórán des na daoine atá i ngéibheann i bPríosún Mhaigh gCabraí faoi láthair, ráiteas a tharraing bualadh bos ó roinnt den lucht éisteachta.

Chuir sé síos ar eachtraí atá tárlaithe san mbaile go bhfuil cónaí air, An Lorgain, agus an chuma go bhfuiltear ag cur isteach ar sheirbhísí de bharr gníomhaíochtaí ar leith, eachtra amháin anuraidh ach go háirithe inar deineadh iarracht inneall díosal traenach a shéideadh agus é ag gabháil trí eastát tithíochta, gníomh dar leis a bheadh cúis le mórán daoine a bheith dóite go marfach dá n-éireodh leis.

"That is not and never will be a political act," a dúirt sé.

Thug sé le fios go raibh deighilt phríosúnach bainte amach i bPríosún Mhaigh gCabraí de bharr ionadaíocht Shinn Féin, agus sa díospóireacht chéanna dúirt iarstiúrthóir poiblíochta an pháirtí Danny Morrison go raibh sé deacair a bheith ag plé le príosúnaigh phoblachtánacha sa phríosún mar go raibh easaontas ina measc féin.

Mheas Leo Green go raibh rogha eile tagtha chun cinn leis an bpróiseas síochána, agus bhí súil ag Danny Morrison go mbainfí amach Éire a bheadh saor ó smacht na Breataine de bharr na gluaiseachta polaitíochta a tháinig chun cinn de thoradh na stailceanna ocrais i bPríosún na Cise Fada 30 bliain ó shin.

Roimhis sin bhí curtha síos ag an mbeirt ar ré chorraitheach na stailceanna ocrais agus thugadar léargas ar an bhfaitíos a bhí orthu nach n-éireodh leis an stailceoir ocrais Bobby Sands a bheith tofa nuair a

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 15 Iúil, 2011

deineadh cinneadh go seasfadh sé in Olltoghchán na Breataine le linn na stailce.

Chuir an t-iarphríosúnach Green agus Danny Morrison, a chaith tréimhse sa phríosún chomh maith, síos ar an mbrúidiúlacht a d'fhulaing príosúnaigh os na hoifigigh phríosúin, agus bhí mothúchán domhain i nguth Green nuair a d'aithris sé Bobby Sands as Gaeilge: "Ní bhrisfidh siad mé."

An dá thuairim ann maidir le rogha loiceadh na bhfiach

Seán Ó Loingsigh

BHÍ an dá thuairim ann maidir le straitéis faoi fhiacha na tíre seo ag díospóireacht faoi chúrsaí eacnamaíochta ag Scoil Samhraidh na Saoirse.

Dúirt Uachtarán Chomhdháil Cheardchumann na hÉireann Jack O'Connor nár chóir go mbeadh an eite chlé ag cur loicthe (default) chun cinn mar an t-aon bhealach chun teacht as an tsáinn mar go mbeadh san ag fágaint an ghoirt maidir le pleanáil thodhchaí na tíre ag an eite dheas.

Bhí Jack O'Connor ar dhuine de cheathrar aoichainteoirí a labhair ag an seisiún seo i dteannta urlabhraí airgeadais Shinn Féin Piaras Ó Dochartaigh.

Mheas O'Connor gurb é seo an deis ab fhearr a bhí ann le fada an lá an cóimheá a bhogadh ar mhaithe oibrithe.

Dúirt Piaras Ó Dochartaigh gur chóir fiacha príobháideacha na mbanc d'fhágaint faoi na sealbhóirí sinsearacha bannaí, cuma a thugann tú loiceadh nó athstuchtúrú fiacha air mar go raibh sé dodhéanta agus éagórach go mórálta na fiacha a ghlanadh le hairgead ghnáth-oibrithe na tíre.

Mheas an Dochartach nach mbeifí ag fágaint an ghoirt (chuig an eite dheas) leis an dtuairim gur gá loiceadh agus go mbeadh na roghanna teoranta maidir le dul i ngleic le fiacha na tíre sinn féin mura gcuirfear an gníomh seo i bhfeidhm.

Chuir Huginn Fryer Porsteinsson, atá mar chomairleoir d'Aire Airgeadais na hÍoslainne, síos ar an gcuma a tháinig an eite chlé i gcumhacht san Íoslainn tar éis 18 bliain de rialtas na gcoimeádach sa tír sin ó 1991 go 2009. 'Finance vikings' a thug sé ar bhainc na hÍoslainne sa chuma gur chuadar i mbun gnó a bhí contúireach (risky), go háirithe tar éis do phríomh-bhanc na tíre, Landsbanki, a bheith príobháidithe in 2002.

Mhínigh an t-eacnamaí Tom McDonnell, a bhí mar léachtóir le heacnamaíocht in Ollscoil na Gaillimhe ó 2005 go 2010, nach raibh sé de rogha ag an dtír seo dílúcháil a dhéanamh ar ár n-airgead reatha mar a dhein an Íoslainn mar gur ball sinn den AE agus go bhfuilimid ceangailte le ráta socraithe i dteannta tíortha eile.

Dúirt an anailísí polasaí de chuid an ghrúpa TASC go raibh sé tábhachtach a thuiscint gur é fiacha na mbanc is cúis leis an dtír a bheith dóchmhainneach, ach go gcaithfí athstuchtúrú a dhéanamh ar na fiacha i dteannta ár bpairtnéirí san AE, ag cur na Gréige agus na Portaingéile san áireamh ach go háirithe.

Port Láirge

Gaoluinn na nDéise

Seosamh Ó Riain

TÁ grúpa daoine ag iarraidh cumann nua a chur ar bun i bPort Láirge darb ainm Gaoluinn na nDéise chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa cheantar.

Beidh cruinniú poiblí ar siúl sa Leabharlann Chathrach ar Lána Mhuire, Dé Sathairn, 16ú Iúil ag 4in chun Gaoluinn na nDéise a chur ar bun go hoifigiúil.

Má tá suim agat sa Ghaeilge, agus má tá fonn ort a bheith mar pháirt de Gaoluinn na nDéise, buail isteach chuig an gcruinniú. Tá fáilte roimh chách.

Ceol agus ómós ag uaigh Willie Clancy mar chuid den Scoil Samhraidh i Sráid na Cathrach an tseachtain seo caite. PIC: TONY KEARNS

Cathair Chorcaí

Cúrsa Samhraidh do dhéagóirí

Seosamh Ó Riain

DEN chéad uair i mbliana, beidh Gael-Taca ag cur cúrsa samhraidh do dhéagóirí ar fáil i mí Iúil. Díreofar an cúrsa ar dhaltaí sa 4ú, 5ú agus 6ú bliain. Beidh ranganna ar siúl gach lá le béim speisialta ar an nGaeilge labhartha. "Feictear dúinn go bhfuil éileamh ar a leithéid de chúrsa, go mórmhór anois le béim níos mó san Ardteist ar an mbéaltriail," a deir Ruth Ní Chonchubhair, Leas-Rúnaí Gael-Taca.

Ina theannta san, beidh deis ag na daltaí a gcuid scileanna nua teanga a chleachtadh le tráthnóna d'imeachtaí allamuigh ar nós dreapadóireachta, rópadóireacht anuas agus treodóireachta in áiteanna éagsúla mar Chuainín Riobaird, Coill Churrach Binne agus Feirm Bhaile an Rísigh. Beidh deis ag na daltaí clár raidió as Gaeilge a ullmhú agus a chraoladh chomh maith.

Leanfaidh an cúrsa ar feadh seachtaine idir 18ú agus 22ú Iúil. Má tá suim agat sa chúrsa, nó má tá tuilleadh eolais uait, cuir glaoch ar Ruth, Leas-Rúnaí Gael-Taca ar 086-8948855 nó féach www.gael-taca.com

Imeachtaí na Mumhan

- Féile Bia Mara, an Dún Beag, Co. an Chláir. 15-17 Iúil. Teil.: 065-9055600, Suíomh: www.doonbegseafoodfestival.com
- Scoil Samhraidh Liteartha Trevor Bowen, Baile Mhistéala, Co. Chorcaí. 15-17 Iúil. Teil.: 025-84969, Rphost: cusackliam@eircom.net
- Féile Spraoi Teaghlaigh, Eochaill, Co. Chorcaí. 15-17 Iúil. Teil.: 024-81814, Suíomh: www.youghal.ie
- Féile Ealaíon, Sciobairín, Co. Chorcaí. 22-31 Iúil. Teil.: 086-8617605, Suíomh: www.skibbereenartsfestival.com
- Damhsa Fest, Cathair Chorcaí. 20-24 Iúil. Teil.: 021-4372035, Suíomh: www.damhsafest.ie
- Féile Teaghlaigh, An tSnaidhm, Co. Chiarraí. 20-24 Iúil. Teil.: 089-4343511, Suíomh: www.sneemfestival.com
- Féile an Phatrúin, Aird Mhór, Port Láirge. 22-24 Iúil. Teil.: 087-2484632, Suíomh: www.ardmorepatternfestival.ie

ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Doire

Fleadh Uladh i nDún Geibhin

Anton Mac Caba

BEIDH Dún Geimhin i ndeisceart chontae Dhoire breá slachtmhar do Fleadh Uladh an tseachtain seo chugainn, a bhuíochas do ghlanadh trasphobail Dé Sathairn seo caite.

Dúirt Rhonda O'Hagan, Rúnaí na Fleidhe, gur ghlac thart ar 200 duine páirtann. "Ba Phreispitéirigh thart ar an leathchuid acu," ar sise. "Chuir siad lón ar fáil chomh maith. I ndiaidh an baile a ghlanadh, chuaigh muid chuig fulacht i Halla Oglivy, is le hEaglais na hÉireann sin." Is baile beagnach iomlán Caitliceach é Dún Geimhin, an pobal Protastúnach amuigh faoin dtuath.

Dúirt Rhonda go raibh achan duine "ón dá thaobh den phobal" iontach flaithiúil le trealamh a bhí de dhíth don bhFleadh. Beidh sé sin ar an bhaile ón Luan seo chugainn, 17 Iúil, go dtí 24 Iúil.

Béal Feirste

Tionscadal trasphobail ar cuairt ar SAM

Katie McGreal

TÁ roinnt déagóirí ó chúlraí Caitliceacha agus Protastúnacha ó Thuaisceart na hÉireann ag caitheamh míosa sna Stáit Aontaithe leis an tionscadal Ulster Project International faoi láthair

Tugann an tionscadal seans do na déagóirí am a chaitheamh lena chéile agus foghlaim faoi chultúr agus creideamh difriúil. Thosaigh an tionscadal in 1975 agus ón am sin tá níos mó ná 6,100 déagóir i ndiaidh páirt a ghlacadh ann.

Buaileann na déagóirí Éireannacha le déagóirí ó na Stáit Aontaithe, déagóirí Caitliceacha agus Protastúnacha, agus fanann siad i dtithe leo. Déanann siad imeachtaí sóisialta agus imeachtaí a bhaineann leis na dá chreideamh. Labhraíonn siad faoi na fáthanna a bhfuil seicteachas i dTuaisceart na hÉireann agus na fáthanna a bhfuil ciníochas sna Stát Aontaithe.

Tá thart ar 300 dalta sna Stáit ar an tionscadal faoi láthair, iad go léir 15 bliain d'aois. Dúirt an tAthair John Forsythe, eagarthóir an tionscadail in Éirinn, "Is rud iontach é! Tugann sé deis do na déagóirí taisteal agus cultúr nua a fheiceáil. Faigheann siad tuiscint ar chreideamh eile agus na fáthanna a bhfuil seicteachas réigiúnach i dTuaisceart Éireann."

Dún na nGall

Luaithreach ailitre le scaipeadh i nGaoth Dobhair

Danny Brown

SCAIPFEAR luaithreach ailtire Shasanaigh i nGaoth Dobhair Dé Sathairn 16 Iúil.

Fuair Brian Anson, ailtire as Bootle in aice le Learpholl, bás i ndeisceart na Fraince i mí na Nollag 2009 agus d'iarr sé ina thiomna go scaipfí a luaithreach i nGaoth Dobhair, an áit ab ansa leis ó scríobh sé an tuarascáil ar fhorbairt eacnamaíochta Ghaeltacht Dhún na nGall a foilsíodh sa bhliain 1971.

Nuair a tháinig sé go Gaoth Dobhair den chéad uair, bhí dhá mhonarcha san eastát tionsclaíochta ar an Screabán agus bhí Gaeltarra Éireann ag iarraidh cur leis an líon monarchana.

D'eagraigh Anson cruinnithe poiblí sa cheantar agus, ag éirí as na cruinnithe sin, scríobh sé a thuarascáil a chuaigh in éadan mhianta Ghaeltarra ag an am.

Mhol sé gan an Screabán a fhorbairt ach monarchana beaga a scaipeadh ar fud na Gaeltachta agus gnónna dúchasacha a chothú in áit bheith ag brath ar chomhlachtaí idirnáisiúnta a mhealladh chuig an cheantar. Rinneadh neamhaird ar an tuarascáil, cé go ndeir daoine anois , tráth atá monarchana folamha ar an Screabán arís, go raibh bunús ciallmhar leis na moltaí a rinne sé. Bhí clú agus cáil ar Anson sular tháinig sé go Gaoth Dobhair mar ailtire a sheas leis an chosmhuintir ina dtroid in aghaidh pleananna ina gceantar féin.

Lean sé leis an obair sin fosta nuair a thug sé cuidiú do mhuintir Bhéal Feirste ina bhfeachtas le hÁrasáin Dhuibhise a leagan.

Pobal Thuaisceart Bhéal Feirste 'Ag Foscailt Doirse' na Gaeilge

RINNE Glór an Tuaiscirt, grúpa Gaeilge i dtuaisceart Bhéal Feirste, an cúrsa 'Ag Foscailt Doirse' a éascú ar an mallaibh.

Is í cúis an chúrsa ná tacú le tuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge acu féin cabhair a thabhairt dá gclann glacadh leis an teanga go fonnmhar.

Dúirt Conor Stiobhard de chuid Ghlór an Tuaiscirt, "Tá an Ghaelscolaíocht ar fáil i dtuaisceart Bhéal Feirste le 26 bliain anuas. Is eispéireas oideachais ar leith í ar fhreastail mé féin agus mórán de mo chairde uirthi, ach níl an próiseas foirfe.

"Is cinnte go bhfaighfidh tú líofacht Gaeilge ag leibhéal na scoile ach mura bhfuil comhthéacs saoil agat don teanga bheadh sé furasta cibé leibhéal teanga atá agat a chailleadh thar am. Tá an Ghaelscolaíocht ar dóigh agus riachtanach ar fad ach mhothaigh muid más amhlaidh go bhfuil pobal labhartha Gaeilge le baint amach mar sprioc againn go raibh orainn céimeanna praiticiúla a ghlacadh leis sin a éascú. Tuigeann muid go bhfuil obair le déanamh leis an ghlúin nua a bhfuil an Ghaeilge acu le go mbeidh siad eolach ar thógáil clainne le Gaeilge agus tá rún againn tabhairt faoi sin san fhómhar.

"Shíl muid fosta go raibh Ag Foscailt Doirse mar réamhchéim sa mhéid is go bhfuil sé dírithe ar thuismitheoirí Gaelscolaíochta nach bhfuil Gaeilge acu ach atá ag iarraidh an talamh a ullmhú dá bpáistí féin mar chéad ghlúin le Gaeilge sa teaghlach."

Dúirt éascaitheoir an chláir, an Dr Réamaí Mathers, "Is deas liom an dearcadh atá Glór an Tuaiscirt. Is iardhaltaí na Gaelscolaíochta cuid mhór acu a thuigeann gurb í an Ghaelscolaíocht bunchloch phobal labhartha na Gaeilge ach nach féidir pobal labhartha a bhaint amach gan comhthéacs a bheith ann don teanga i measc na dteaghlach agus sa phobal."

Tá an cúrsa 'Ag Foscailt Doirse' dírithe ar chéimeanna simplí. Nascann sé scileanna maithe tuismitheoireachta lenár dteanga agus lenár gcultúr. Aithnítear gurb é cultúr an teaghlaigh féin an chéad chultúr a mbíonn tionchar aige ar an pháiste agus go mbíonn an-tionchar aige sin ar thodhchaí an linbh. Ní chaitheann leanaí ach 16% de na huaireanta a bhíonn siad ina ndúiseacht ar scoil, mar sin de, tá 84% de shaol na bpáistí á chaitheamh taobh amuigh den scoil lena dteaglach agus sa phobal. Is staitistic í seo a thaispeánann dúinn go tréan an ról atá ag tuismitheoirí i bhforbairt páistí, bíodh sin mar dhuine nó mar Ghael. Díríonn an cúrsa ar na deiseanna a bhíonn ag tuismitheoirí le linn óige an pháiste eispéiris mhaithe a bhaineann le foghlaim chultúrtha a chruthú. Cha dtig ann do chainteoir líofa, nó níos tábhachtaí, cainteoir toilteanach Gaeilge, gan comhthéacs dearfach saoil, mar sin de, bíonn Ag Foscailt Doirse dírithe ar na comhthéacsanna sin.

Réamaí Mathers i mbun an chúrsa 'Ag Foscailt Doirse' le muintir Ghlór an Tuaiscirt i mBéal Feirste le déanaí.

Dúirt Réamaí Mathers, "Caithfidh me a rá gur bhain mé sult mór as an chúrsa agus tá rún againn teacht le chéile arís san fhómhar le nuashonrú a fháil ar thionchar an chláir ar an tuismitheoirí sin."

Dúirt Conor Stiobhard, "Fuair muid aischothú iontach ó na tuismitheoirí a d'fhreastail ar an chúrsa. Ní raibh na tuismitheoirí cinnte cad é mar a bheadh an cúrsa. Dúirt duine acu liom le rud beag iontais nach rang Gaeilge a bhí ann. Thug sé deis dó den chéad uair riamh ceisteanna a bhaineann leis an teanga a chíoradh go mion chomh maith le habairtí úsáideacha a fhoghlaim. Thug an cúrsa samplaí nithiúla agus praiticiúla do na tuismitheoirí go dtig leo a n-úsáid leis an pháiste."

Daltaí ag campa samhraidh in Ard Mhacha le déanaí. PIC: SEÁN Ó MAOILSTÉ

Ceolchoirm spleodrach BEO

Danny Brown

BEIDH deis iontach ag Gaeilgeoirí óga a bhfuil suim acu sa cheol nua-aimseartha foghlaim ó dhaoine a bhfuil an obair chrua uilig déanta acu. Beidh an imeacht BEO ar siúl san Ionad Réigiúnach Cultúrtha i Leitir Ceanainn inniu 15 Iuil. Tá seacht mbanna ceoil ag cur ceolchoirm ar siúl sa tráthnóna agus beidh triúr acu ag déanamh Wrockshop (ceardlanna roc-cheoil) i rith an lae.

Ag 12.30in beidh Scuba Dice ag déanamh ceardlainne ar amhrán a scríobh. Ag 1.30in beidh The Dirty Nines ag déanamh ceardlainne ar an Ghaeilge agus ceol nua-aimsireartha agus ina dhiaidh sin ag 2.30in, beidh The Minutes ag inse faoi Sheiceáil Fuaime ag Oxegen. Beidh an cheolchoirm ag toiseacht ag 6in.

Mar aon leis na bannaí thuas, beidh Don't Lean Back, Tasty, Please Don't Feed the Bassist agus Jamaican Vampire i mbun ceoil chomh maith. Tá na ticéid €10 ar an lá agus €5 roimh ré. Tá na ceardlanna saor in aisce.

Cead diúltaithe d'fhorbairt i mBun Cranncha

Anton Mac Cába

DHIÚLTAIGH An Bord Pleanála cead le forbairt miondíoltóireachta agus tráchtála a thógáil ar cheann de na suíomhanna monarchan ba mhó a bhíodh i nDún na nGall. B'shin monarcha Fruit of the Loom ag Ballymacarry ar imeall Bhun Cranncha. Druideadh an mhonarcha cúig bliain ó shoin agus bhíodh 600 ag obair ann ag tús an chéid.

Mí Eanáir thug Comhairle Contae Dhún na nGall cead do Rishton Teoranta forbairt a dhéanamh ar an suíomh. Bhí 9,586 méadar cearnógach le bheith san fhorbairt, chomh maith le spas páirceála do 447 carranna. Bheadh an fhorbairt le méadú beagnach 50% a dhéanamh ar an spás miondíoltóireachta a bhí ar an bhaile.

Is é Pat 'Big Hill' Doherty an stiúrthóir is aitheanta ar Rishton. Tá Doherty ina stiúrthóir ar 63 comhlacht Éireannach eile, ina measc Harcourt Developments, Lough Swilly Transport, Park West Hotels agus Letterkenny Shopping Centre. Leis, tá sé ina stiúrthóir ar naoi gcomhlacht sa Ríocht Aontaithe. Is iad Ann Reddington, Robert Langdon agus Paddy Power na stiúrthóirí eile ar Rishton.

Dhiúltaigh An Bord Pleanála don bhforbairt ar an bhonn "out of centre locations should only be considered where it can be demonstrated that there are no central or edge of centre sites available."

Imeachtaí Uladh

Ciorcal Comhrá in Blakes of the Hollow, Inis Ceithleann, Fear Manach, gach Céadaoin ag 8.30in

Tommy Tiernan i Halla Uladh i mBéal Feirste ag 8in, 29 Iúil

Margadh Bia agus Garraíodóireachta, Margadh Sheoirse, Béal Feirste, gach Satharn 9rn - 3in

Carachtair stairiúla ar Bhallaí na Cathrach i nDoire ar an Luan, 12 - 5in

Oíche Scannáin ag 7in Dé Luain, The Rainbow Project, Sráid na Banríona, Doire

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Damhain alla óga! Baineann páistí ó Inis Mór Árann, triail as na háiseanna nua ag oscailt Pháirc Spraoi agus Spóirt Árann, Dé Máirt. Tá Mícheal Ó Muircheartaigh, a d'oscail an Pháirc, in éineacht leo. PIC: SEÁN Ó MAINNÍN

Seán Óg Potts as Baile Átha Cliath i mbun cheardlann phíobaireachta ag Éigse Willie Clancy i Sráid na Cathrach an tseachtain seo caite. PIC: TONY KEARNS

Rónán Browne, Peadar Ó Lochlainn agus Meave Donnelly ar stáitse ag Éigse Willie Clancy i Sráid na Cathrach an tseachtain seo caite. PIC: TONY KEARNS

Ó chlé : Ray Dimond, Gráinne Ní Bheoláin , Róisín Ní Fheargúis agus Bernerd ó stúideo taifeadadh The Forge, i nGaillimh. Rinne Gráinne agus Róisín ó Scread, an banna ceoil óg as Indreabhán, taifeadadh ar a ndlúthdhiosca " Réalt ag Titim". Tá na cailíní ag seoladh an dlúthdhiosca i gColáiste Lurgan Dé Luain seo chugainn. Tá 100% don airgead a dhéanann an dlúthdhiosca ag dul chuig na carthanais Ghaillimheacha COPE agus Jigsaw.

Coiste agus rannpháirtithe dhlúthdhiosca Subhóró in Áras Shorcha Ní Ghuairim, Carna, agus iad ag bronnadh seic €3,000 ar Cholm Welby, a ghlac leis thar ceann Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn. Fágann sin go bhfuil €13,000 bailithe ag an dlúthdhiosca seo mar i bhFeabhra 2010 bhronn meitheal Subhóró seic €10,000 ar an ospidéal seo a fhreastalaíonn ar ghasúir na tíre uile.

Campa Samhraidh Ógras, Baile Uí Thaidhg, Co. Chiarraí. Ó chlé chun tosaigh: Kellie Ní Mhíocháin, Ruairí Ó hAllmhuráin, Kayla Dee-Ní Chúise, Jimí Ó hAllmhuráin, Aedín Ní Lúiséid, Daithle Ní Fhuaráin, Hannah Nic Suibhne. Ar chúl: Valerie Ní Shúilleabháin, Séimí Ó Fuaráin, Gearóid Molyneaux, Seosamh Mac Suibhne, Ciara Ní Lúiséid, Tadhg Ó Fuaráin, Máiréad Nic Suibhne, Ricí Ó Cúise, le stiúrthóirí an champa Audrey Ní Choistealbha agus Risteárd Ó Fuaráin.

BEATHA NUACHT Litríochta

Scéalta na saoirse as Maigh Cuilinn

Seolfaidh an tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh, **'Tomás Bairéad: Rogha Scéalta',** atá in eagar ag Aingeal Ní Chualáin, in Áras Uilinn, Maigh Cuilinn, Contae na Gaillimhe, inniu, 15 Iúil, ag 6.30in. Labhair **Meadhbh Ní Eadhra** léi faoin leabhar nua.

A Aingeal, abair liom faoin leabhar nua. Céard a spreag duit tabhairt faoin obair seo agus conas mar a tharla sé go raibh tú páirteach ann?
Bhí saol agus saothar Thomáis Bairéad mar ábhar taighde agam agus mé i mbun céim mháistreachta roinnt blianta ó shin. Chuir mé suim sna scéalta i dtosach nuair a léigh mé an cnuasach 'Cumhacht na Cinniúna' a bhí ag m'athair agus thaitin na scéalta go mór liom.

Cé air a bhfuil an leabhar dírithe?
Tá an leabhar dírithe ar an bpobal léitheoireachta Gaeilge go ginearálta. Tugann sé deis do dhaoine idir óg agus aosta eolas a chur ar shaothar an Bhairéadaigh den chéad uair nó na scéaálta is fearr leis a athléamh. Is dócha go mbeidh suim faoi leith ag muintir Mhaigh Cuilinn sa bhailiúchán seo mar tá na cnuasaigh gearrscéalta as cló le fada.

Cárbh as duit féin agus an bhfuil spéis agat i gcúrsaí staire, go háitiúil ach go háirithe?
Is as Carna mé agus tá cáil ag baint leis an áit ó thaobh thraidisiún na hamhránaíochta, na scéalaíochta, an damhsa agus an cheoil de. Tá mé i mo chónaí i Maigh Cuilinn anois agus tá cáil ar an gceantar seo as na scríbhneoirí cumasacha a rugadh ann: an stairí Ruairí Ó Flaithearta mar shampla agus na scríbhneoirí cruthaitheacha Tomás Bairéad agus Pádraig Breathnach. Tá suim agam i gcúrsaí staire agus sa chaoi gur féidir le téacsanna liteartha léargas a thabhairt dúinn ar an stair, stair áitiúil san áireamh.

Seo an chéad 'rogha scéalta' de chuid Thomáis Bairéad. Dóibh siúd nár léigh scéalta leis cheana, an féidir leat cur síos de chineál éigin a dhéanamh ar an stíl scríbhneoireachta atá aige, ar ábhar na scéalta, agus ar an gcineál scríbhneorair a bhí ann?
Rugadh an Bairéadach ar an tairseach idir an seansaol traidisiúnta Gaelach agus an saol nua-aimseartha. Tá an dá shaol sin le sonrú ina shaothar liteartha agus ina stíl scríbhneoireachta. Tá meascán ábhair sa chnuasach. Tá cuid de na scéalta bunaithe ar an dúlra mar shampla agus roinnt eile bunaithe ar Chogadh na Saoirse agus ar an athrú saoil a tharla sa tír seo san aois seo caite.

Cá fhad ar ghlac sé ort an leabhar agus na scéalta a chur le chéile?
Thóg sé thart ar bhliain ar fad is dócha sula raibh chuile shórt curtha le chéile agus an leabhar réidh le foilsiú.

An raibh sé deacair teacht ar na scéalta go léir? An raibh mórán eagarthóireachta le déanamh orthu nuair a fuair sibh iad?
Cuireadh cúig chnuasach gearrscéalta ar fad i gcló le Tomás Bairéad ó 1936 go dtí 1973. Tá na leabhair as cló le blianta fada agus na cinn luatha sa chló Gaelach. Tá roinnt cóipeanna de na leabhair ar fáil go fóill sa leabharlann ach ní féidir teacht go héasca orthu. Maidir le cúrsaí eagarthóireachta, fágadh na buntéacsanna díreach mar a chéile ach tugadh an litriú suas chun dáta. Bhí muid ag iarraidh go mbeadh an leabhar soléite ag léitheoirí an lae inniu agus fós féin go mbeadh Gaeilge na mbunleaganacha le sonrú go láidir sa leabhar.

An bhfuil sceitimíní ort faoin seoladh?
Tá mé ag tnúth leis an seoladh mar beidh fáil arís ag an bpobal ar an saothar is fearr leis an mBairéadach in aon chnuasach amháin.

Céard a bhíonn ar bun agat de ghnáth, seachas an leabhar seo a scríobh ar ndóigh?
Faoi láthair tá mé ag déanamh PhD sa Nua-Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá mé ag díriú ar an bpróslitríocht sa bhfichiú haois. Tá staidéar déaánta agam ar scríbhneoir eile spéiísiúil as Conamara, Pádhraic Óg Ó Conaire, a bhí comhaimseartha le Tomás Bairéad agus a d'fhoilsigh a chéad úrscéal in 1922.

An gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach scéalta ó scríbhneoirí ar nós Thomáis a thabhairt ar ais i gcló?
Sílim go bhfuil sé tábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar shaothar iomlán scríbhneoirí cosúil le Tomás Bairéad agus an chuid is fearr den saothar sin a chur i gcló arís. Maidir leis an mBairéadach is cur síos atá ina shaothar ar an saol mar a chonaic sé féin é. Mar sin tugann a shaothar léargas dúinn ar shaol na tíre san aois seo caite ach chomh maith leis sin tugann an saothar deis dúinn blaiseadh de chuid de na gearrscéalta is ealaíonta i nualitríocht na Gaeilge.

Míle buíochas as labhairt liom, a Aingeal!

Tomas Bairéad: Cúlra

Is ar an 7 Iúil, 1893 a rugadh Tomás Bairéad ar an mBaile Dóite, Maigh Cuilinn, Contae na Gaillimhe. Ba dhuine é a mhair le linn na géarleanúna a d'imir lucht tiarna talún ar an bpobal ag deireadh an naoú haois déag ina áit dúchais, Maigh Cuilinn i gContae na Gaillimhe. Ag tús an fichiú haois agus é mar bhall de Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann, de Shinn Féin agus d'Óglaigh na hÉireann, ghlac sé páirt ghníomhach sna himeachtaí áitiúla a bhain le hÉirí Amach 1916 agus le Cogadh na Saoirse. Le linn na tréimhse céanna bhí sé ag obair leis an Galway Express, páipéar a cheannaigh Sinn Feéin go saor sa bhliain 1917 ach a scrios na píléaraí in 1920. D'oibrigh sé seal leis an gCuradh Connachtach ansin agus sa bhliain 1922 thosaigh sé ag obair leis an Irish Independent, go dtí gur fhág sé é sa bhliain 1948 agus post mar eagarthóir an leathanaigh Ghaeilge bainte amach aige. Mar iriseoir a chuir Tomás Bairéad (1893-1973) tús lena chuid scríbhneoireachta agus is maith mar a sheas a thaithí fhada dá ghontacht stíle agus don ghearrscéalaíocht go háirithe. Seo an chéad rogha scéalta leis - tá formhór mór a chuid leabhar as cló le fada - agus is mithid dúinn súil a chaitheamh ain athuair ar a shaothar. Tá meascán éagsúil téamaí agus ábhair le fáil sa chnuasach seo: an trom agus an t-éadrom, an chathair agus an tuath, an dúil bheo, agus ar ndóigh tá Cogadh na Saoirse ina théama lárnach ann - ní nach ionadh ó tharla chomh lárnach agus a bhí sé i saol an údair.

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

An í do mhamó í?

Katie McGreal

THOSAIGH an comhlacht teilifíse The Picture House ag taifeadadh na sraithe nua 'Mamó' ag tús 2011 agus chraol RTÉ 1 an chéad chlár Dé Luain 4 Iúil. Díríonn an tsraith ar bhean a théann isteach i dtithe teaghlaigh éagsúla chun cabhrú lena gcuid fadhbanna agus maireann sé ceithre seachtaine.

Sa chéad chlár, bhí teaghlach de chúigear - tuismitheoirí agus triúr páiste óg - a labhraíonn Béarla, Gaeilge agus Bulgáiris mar is as an Bhulgáir an mháthair agus is as Éirinn an t-athair. Sa dara clár, bhí teaghlaigh de chúigear cailín atá san ollscoil agus i bhfad óna dtuismitheoirí den chéad uair. Rachaidh 'Mamó' go Tír Chonaill agus Gaillimh sna cláir eile.

Téann Máire Andrews - teiripeoir as Béal Feirste a bhfuil páistí, garpháistí agus taithí ar an saol aici - chuig na teaghlaigh seo chun cabhair agus tacaíocht a thabhairt dóibh dul i ngleic leis na dúshláin atá acu.

Tá an-chuid cosúlachtaí ann idir an tsraith seo agus an tsraith Shasanach 'Supernanny' - téann duine seachtrach go tithe a bhfuil fadhbanna acu agus déanann siad iarracht cabhair a thabhairt dóibh agus na fadhbanna a réiteach.

Ach tá sé soiléir i 'Supernanny' cén fáth a bhfuil Jo Frost ann, níl sé soiléir cén fáth go díreach a bhfuil Máire Andrews ann. Sa chéad chlár, níor léir cén buntáiste a bhí ann don chlann go dtí go raibh na tuismitheoirí ag labhairt leis an gceamara ag deireadh an chláir ag insint dúinn cén rud ar tháinig amach as an gcuairt. Bhí sé i bhfad níos soiléire sa dara clár.

Is féidir a rá gur sraith éagsúil í an tsraith seo toisc nach mbaineann sé i gcónaí le teaghlaigh chineálacha - mamaí, daidí agus páistí - mar sa dara clár is teach de chúigear cailín atá i gceist, iad ar fad ar ollscoil le chéile.

Dúirt Máire go mbaineann an tsraith leis an "teaghlach mar dynamic". Tá siad ag iarraidh fáil amach "conas a théann an teaghlach i bhfeidhm leis an dynamic seo."

San fhógraíocht atá déanta don chlár, faighimid íomhá de Mháire mar mhamó ach ní thagann sé amach sa tsraith. Ní mamó í, is duine seachtrach í atá ag iarraidh fadhbanna atá ag teaghlach éigin a réiteach.

Dúirt Máire go raibh sí ag iarraidh an tsraith a dhéanamh mar "is dúshlán í, is rud éigin éagsúil í, is píosa craic í. Tá sé greannmhar domsa mar is mamó mé ach ní fheicim orm féin mar mhamó!" agus níl sé ró-shoiléir sa tsraith ach an oiread.

I ndiaidh na fógraíochta ar fad agus ainm na sraithe, bhí íomhá cruthaithe de mhamó aosta le slipéir uirthi ag tabhairt amach faoi gach rud ach ní hé sin díreach an rud atá le feiceáil sa tsraith féin.

Tá an tsraith le feiceáil ar an Luan ag 8.30in ar RTÉ 1.

Gay Byrne ar ais ar an scáileán

Katie McGreal



PIC: JOE DUNNE/PHOTOCALL IRELAND

CUIRFIDH RTÉ 1 tús le sraith nua 'For One Night Only' le Gay Byrne ag 9.30in anocht.

Is sraith shiamsaíochta í ina labhraíonn Gay le daoine ó thionscadal ceoil na hÉireann; Christy Moore, Daniel O'Donnell, Mary Black, Imelda May, Paul Brady agus Bob Geldof.

Tá éifeacht an chúlaithe eacnamaíochta i ndiaidh cur isteach ar scor Gay Byrne. Chiall sé a phinsean agus tá an t-airgead ar chur sé in réadmhaoin (property) faoi bhrú.

Tá clú agus cáil air in Éirinn mar gheall ar a chláir raidió agus teilifíse. D'oibrigh sé ar feadh 37 bliain ar an gclár The Late Late Show agus bhí sé ar RTÉ Raidió 1 ar feadh 25 bliain. Chomh maith leis sin, bhí sé ina láithreoi ar an Rose of Tralee ar feadh 17 bliain. Chuaigh sé ar scor go hoifigiúil in 1999 ach níor stop sé den bheith ag obair go hiomlán. Ó 1999 bhí sé ina láithreoir ar shraith amháin de Who Wants to Be a Millionaire? agus bhí The Gay Byrne Music Show aige chomh maith le roinnt rudaí eile. D'éirigh leis post mar chathaoirleach ar Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre na hÉireann in 2006.

Agus anois, tá sé ar ais arís ar an teilifís, ag tosú leis an tsraith shiamsaíochta seo. Labhróidh na daoine cáiliúla faoina saol os comhair 200 duine de lucht féachana sa stiúideo. Cuirtear tús leis an tsraith le hImelda May. Labhróidh sí faoina tréimhse i Londain agus an caidreamh maith atá aici lena clann.

Féach ar:

TG4: Triúr Ban Óg
Léargas ar shaol mná óga in Éirinn. An tseachtain seo, téann Krystal go Gabhla chun am a chaitheamh lena máthair agus chun eolas a fháil ar a muintir. Téann Róise san iomaíocht ag an Oireachtas agus faighimid blaiseadh de shaol an mhic léinn in éineacht le Niamh i mBéal Feirste. Dé Sathairn @ 6.30in

TV3: Living with Murder
Clár faisnéise faoi dhúnmharú Donna Cleary, Anthony Campbell agus Edward Ward. Labhróidh tuismitheoirí na ndaoine seo faoin am uafásach sin. Dé Máirt @ 10in

RTÉ 2: Nazi Hunters
Clár stairiúil faoi Kurt Lischka, ceannaire sa Gestapo i bPáras i rith an dara cogadh domhanda, agus a shaol rathúil i ndiaidh an chogaidh. Amárach @ 6in

Éist le:

Raidió na Gaeltachta: An Béal Muimhneach
An tseachtain seo, beidh Seán Sheáin Uí Chearna ag caint faoi chúrsaí tórraimh ar na Blascaoidí, beidh Mícheál Breathnach ón Rinn ag labhairt faoi chúrsaí iascaigh i 1974. Dé Domhnaigh @ 9rn.

RTÉ Lyric FM: Movies and Musicals
Casfaidh Aedín Gormley ceol ó scannáin nua-aimseartha bhuachaillí bó, Brokeback Mountain agus The Assassination of Jesse James, chomh maith le ceol le John Williams. Dé Domhnaigh @ 2in.

Midlands 103: Drivetime
Ceol, comórtais, glaonna teileafóin agus cuairteoirí le Carl James. Luan - Aoine @ 4.30in.

Ag trasnú an Atlantaigh

Seó sármhaith nua Sean-Nóis 'Atlantic Steps' ag an Royal Theatre

Lenár dtuairisceoir

BÍONN siad le feiceáil ar an stáitse domhanda le leithéidí Sharon Shannon, De Dannan, The Chieftains agus Altan agus anois tá teaghlach ilchumasach Uí Chuinneagáin as Conamara ag filleadh ar Mhaigh Eo leis an seó nua damhsa ar an Sean-Nós dar teideal 'Atlantic Steps'.

Is seó inspioráideach agus spreagúil é seo nach mbeidh le feiceáil ach uair amháin in Éirinn in 2011 agus is sa Royal Theatre a bheidh sé toisc go bhfuil na príomhdhamhsóirí Brian agus Irene Cunningham ag cur fúthu i Meiriceá anois.

"Táimid ag súil go mór le bheith ar ais i Maigh Eo don seó aonuaire seo.

Bainfidh gach duine an-taitneamh as 'Atlantic Steps' nuair a bheidh sé ar siúl an 31 Iúil. Tá an seó lán d'fhuinneamh agus de phaisean agus tá an-sult go deo le baint as," a dúirt Brian Cunningham an tseachtain seo óna bhaile i Chicago.

Ó chuaigh siad go Meiriceá i mí Eanáir na bliana seo, tá Brian agus Irene tar éis dul i bhfeidhm go mór ar lucht féachana Mheiriceá. "Níor stop muid ag damhsa ó tháinig muid anseo. Bíonn go leor gigeanna againn agus faighimid freagairt dhearfach. Is cosúil go bhfuil daoine ag lorg rud éigin nua agus is cinnte go bhfuil damhsa ar an Sean-Nós ag dul i bhfeidhm go mór ar mhuintir Mheiriceá," a dúirt Brian.

Le cúig mhí anuas, tá Clann Uí Chuinneagáin tar éis a bheith ar líonraí teilifíse ar fud Mheiriceá mar a scaipeann an scéal faoin a dtallann iontach. "Is cinnte go dtaitníonn damhsa le muintir Mheiriceá agus is breá leo Éirinn," a dúirt Brian. "Ag ceolchoirm amháin bhí gach duine sa halla ina seasamh agus iad ag rince leis an gceol."

Tá scoth na gceoltóirí agus na ndamhsóirí ó gach áit in Iarthair na hÉireann. Is é Brian Cunningham príomhdhamhsóir an tseó i dteannta a dheirfiúracha Irene, Ashline agus Lorraine agus bíonn a dheartháir Michael ag damhsa agus ag seinm chomh maith. Beidh réaltaí Riverdance Siobhán Manson agus Doireen Carney le feiceáil chomh maith sa seó aonuaire seo sa Royal Theatre mar aon le aíonna speisialta - an t-amhránaí bailéad Dessis O'Halloran agus Johnny O'Halloran a bhí mar iomaitheoir in 'Ireland's Got Talent' agus é ag mealladh an lucht féachana le hamhráin agus poirt dhraíochtúla ó Iarthair na hÉireann. Beidh an lucht féachana go léir ag damhsa leis na ríleanna agus na poirt fhuinniúla ó thús go deireadh a bheidh á sheinm ag Tommy agus Stephen Doherty agus Lisa Canny as Maigh Eo.

Insíonn 'Atlantic Steps' scéal an leagan damhsa is sine in Éirinn anuas tríd an stair. Nascann an seó dochreidte, uathúil agus siamsiúl seo an sean leis an nua, an saol comhaimseartha leis an saol ársa, damhsa ar an Sean-Nós le céimeanna agus stíleanna damhsa céime nua-aimseartha.

"Rud amháin a gheallaimid do gach duine ná ceol bríomhar, damhsa mealltach agus amhránaíocht den scoth," a dúirt Brian Ó Cuinneagáin. "Tá rud éigin do gach duine sa seó seo. Is ceiliúradh é 'Atlantic Steps' ar cheol, ar amhránaíocht agus ar dhamhsa na hÉireann.

Tá an seó nua seo úrnua agus as an ngnáth, agus teastaíonn uainn Sean-Nós a athbheochan mar imeacht atá thar a bheith faiseanta, bríomhar, a chaithfear a fheiceáil agus a chaithfear freastal air," a dúirt sé.

Beidh an seó ar siúl Dé Domhnaigh 31 Iúil ag an Royal Theatre i Caisleán an Bharraigh agus tá na ticéid, a bhfuil €25 orthu, ar fáil ón Royal Theatre ar 0818 300 000 nó www.ticketmaster.ie

Brian Ó Cuinneagáin, duine de na rinceoirí sean-nóis is aitheanta ar domhan

Comórtas Atlantic Steps

Ar mhaith leat dhá thicéad luach €25 a bhuachan le haghaidh seó nua sean-nóis Atlantic Steps ag an Royal Theatre i gCaisleán an Bharraigh?

Níl le déanamh ach an cheist seo a leanas a fhreagairt:

Cé hé an príomhdhamhsóir sa seó nua sean-nóis Atlantic Steps?

Seol an freagra, d'ainm agus do sheoladh chuig: Gaelscéal, Baile Ard, An Spidéal, Co. na Gaillimhe.

Ainm : _____

Seoladh : _____

_____

Freagra : _____

Nó trí ríomhphost chuig
caroline.nichualain@gaelsceal.ie

Féile Cheoil an Tuaiscirt sa phríomhchathair

Katie McGreal

BEIDH Féile Cheoil an Tuaiscirt, nó an Northside Music Festival, ar siúl i mBaile Átha Cliath 1-18 Lúnasa in áiteanna éagsúla timpeall thuaisceart na cathrach. Beidh meascán de cheol Éireannach, snagcheol agus na gormacha ann.

Tosóidh an fhéile i bPáirc San Anna i mBaile Átha Cliath 3 le The Oxo Boys Stringband ag 2in ar an chéad lá den mhí seo chugainn. Beidh meascán de bhailéid agus válsaí á seinm acu agus, ina dhiaidh sin, beidh an banna ceoil Beoga ag seinm ceoil traidisiúnta ach le tionchar snagcheoil agus na blues le cloisteáil ann freisin.

Ar an Satharn beidh ceolchoirm bheomhar agus idirghníomhach do theaghlaigh le The WhistleBlast Quartet in Ionad Sean O'Casey sa Phort Thoir. Beidh ceol ó The Simpsons agus The Nutcracker á seinm acu agus déanfaidh siad taispeántas ar úsáid na n-uirlisí freisin.

Ar an lá dár gcionn beidh ceol Iar-Afracach ar siúl i bPáirc an Athair Uí Choilleáin i nDomhnach Míde leis an ngrúpa Wassa Wassa. Tá 22 damhsóir, ceoltóir agus drumadóir sa ghrúpa agus bíonn seó dathannach acu i gcónaí. Tá liosta de na himeachtaí ar fad ar www.dublincity.ie/recreationandculture/artsoffice. Tá gach rud saor in aisce ach caithfidh tú áit a chur in áireamh do na himeachtaí taobh istigh.

Tuilleadh eolais ó 01 5059582 nó info@artscope.ie.

OIDEACHAS

Teastas Eorapach na Gaeilge ag Maigh Nuad

Patricia Uí Fhlaithearta

AN bhfuil tú ag foghlaim Gaeilge nó an bhfuil Gaeilge agat cheana féin? Nó ar mhaith leat teastas a bheith agat mar chruthúnas ar do chumas sa Ghaeilge? Tá Ionad na dTeangacha in Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad ag tabhairt faoi chúrsaí difriúla a thabharfaidh cáilíocht duit a chomhlíonann na riachtanais Ghaeilge le haghaidh múinteoireacht bunscoile a dhéanamh. Tá an Ollscoil mar bhall de ALTE, eagraíocht a dhéanann monatóireacht ar ábhar agus ar an gcaighdeán i scrúduithe do Theastas Eorpach na Gaeilge.

Is féidir le haon duine na scrúduithe seo a dhéanamh agus níl aon teorainn aoise i gceist.

Is é seo an chéad chúrsa do dhaoine fásta a bhfuil baint aige le córas scrúdaithe Chomhairle na hEorpa. Tá siollabas agus scrúduithe do chúig leibhéal cumais ó Bhunleibhéal 1 (A1) go hArdleibhéal 1 (C1) ar shuíomh idirlín www.teg.ie agus is féidir leat na siollabais sin a íoslódail. Tá samplaí de pháipéir scrúdaithe scríofa agus chluastuisceana le fáil.

Faigheann tú mar mhac léinn aitheantas de réir mar a théann tú tríd na leibhéil dhifriúla ag brath ar an leibhéal a dtosnaíonn tú air. Bíonn scrúduithe agat i gceithre scil: labhairt, cluastuiscint, léamhthuiscint agus scríobh.

Más foghlaimeoir fásta thú atá ag tosnú amach ní mór duit a bheith sásta thart ar 80-100 uair an chloig a chaitheamh i mbun staidéir. Clúdaíonn sé sin staidéar ar an teanga agus freastal ar ranganna. Ag Bunleibhéal 2 bíonn dúbailt an ama sin i gceist srl. Caitear thart ar 1000 uair an chloig i mbun staidéir don Ardleibhéal.

Beidh na scrúduithe ar siúl i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine 2012. Bíonn siad ag dul ar aghaidh ar fud na tíre sna hionaid seo a leanas ag brath ar an éileamh: Maigh Nuad, Gaoth Dobhair, Leitir Ceanainn, Caisleán an Bharraigh, An Spidéal, Luimneach, Corcaigh, Cill Chainnigh, Cill Airne agus Béal Feirste. De ghnáth bíonn na scrúduithe cainte ar siúl sna hionaid chéanna agus bíonn siad ar siúl uair sa bhliain. Tá costas idir €100 agus €150, ag brath ar an leibhéal a dhéanann tú, ar na cúrsaí agus is féidir leat íoc trí sheic nó ordú poist a chur chuig Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad.

Freisin, cuireann Ionad na dTeangacha ábhar teagaisc ar fáil do mhúinteoirí saor in aisce. Tá sé sin ar fáil ar www.teg.ie chomh maith agus fáiltíonn siad roimh cheisteanna ó mhúinteoirí gur mhaith leo TEG a úsáid nó a bhfuil ranganna á múineadh acu cheana féin.

Má tá aon cheist eile agat, is féidir teagmháil a dhéanamh le hIonad na dTeangacha trí theachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig info@teg.ie; trí ghlaoch a chur ar 00 353 1 7083737; nó trí scríobh chuig Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, Co. Chill Dara.

Scéim Scoláireachtaí Spóirt OÉG

Patricia Uí Fhlaithearta

IS é an spriocdháta do scoláirí a bhfuil suim acu cur isteach ar scoláireachtaí spóirt in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh don scoilbhliain 2011/12 ná 31ú Iúil. Tá traidisiún fada ardchaighdeáin spóirt ag an Ollscoil, rud a bhfuil curtha leis le torthaí maithe sa rámhaíocht, sa sacar agus sa rugbaí le déanaí. Tá na scoláireachtaí dírithe ar lucht spóirt d'ardchaighdeán atá cláraithe mar mhic léinn san Ollscoil. Sa bhliain acadúil seo a chuaigh thart, de bharr na scoláireachtaí fuair mic léinn tacaíocht shuntasach airgeadais agus ghairmiúil a chabhraigh go mór leo. Is í an aidhm atá ag an Ollscoil agus an fáth go bhfuil siad ag tabhairt na tacaíochta seo do mhic léinn ná go bhfuil said ag iarraidh go leanfaidh daoine óga, fir agus mná araon, ar aghaidh leis an traenáil agus go mbeidh siad ag cur leis na scileanna atá acu agus ag forbairt tuilleadh spóirt.

Tríd na scoláireachtaí seo tugadh tacaíocht do 50 mac léinn i spóirt éagsúla, mar shampla, lúthchleasaíocht, cispheil, peil Ghaelach, iománaíocht, rothaíocht, rámhaíocht, rugbaí, sacar, snámh agus leadóg. Chomh maith le hardchaighdeán sa spórt a bheith acu, caithfidh mic leinn na riachtanais iontrála don chúrsa a mbeidh siad ag déanamh staidéir air a chomhlíonadh, mar shampla, ó thaobh na n-ábhar agus na bpointí de. Is í an aidhm ná feabhas a chur ar oideachas na mac léinn chomh maith lena scileanna spóirt. Ní bronnadh atá ann mar gheall ar an méid atá déanta ag an lúthchleasaí go dtí seo ach bronnadh as an méid a bheidh siad ag déanamh sa todhchaí.

Roghnóidh painéal neamhspleách na mic léinn a mbronnfar scoláireachtaí orthu. Chomh maith leis na scoláireachtaí beidh tacaíocht speisialta fisiteiripe, corpoiliúint, traenáil agus tacaíocht le taisteal chuig comórtais náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fáil.

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: Scéim Náisiúnta Intéirneachta

Ceist

Bronnadh céim ollscoile orm anuraidh agus táim ag éileamh Liúntas Cuardaitheora Poist mar nílim in ann post a fháil. Chuala mé gur fhógraigh an Rialtas scéim a chuideodh le daoine taithí oibre a fháil. An bhfuil sé seo fíor?

Freagra

B'fhéidir go bhfuil tú ag tagairt do Scéim Náisiúnta Intéirneachta nua a sheol an Rialtas le déanaí. Soláthróidh an scéim deiseanna thaithí oibre do 5,000 duine atá dífhostaithe sna hearnálacha deonacha, príobháideacha agus poiblí.

Gheobhaidh rannpháirtithe na scéime intéirneacht ar feadh tréimhse 6 nó 9 mí le heagraíocht óstaigh. Faoin scéim seo, má thugann tú faoi intéirneacht, coinníonn tú d'íocaíocht leasa shóisialaigh agus gheobhaidh tú €50 breise sa tseachtain.

Leanfaidh an scéim ar aghaidh ar feadh dhá bhliain, mar sin glacfar le hiarratais intéirneachta go dtí Meitheamh 2013. Mairfidh na hintéirneachtaí féin idir 6 agus 9 mí, ar a mhéid.

Chun a bheith i dteideal áit a fháil ar Scéim Náisiúnta Intéirneachta, ní mór duit a bheith dífhostaithe agus ag fáil Sochar Cuardaitheora Poist nó Liúntas Cuardaitheora Poist ar feadh trí mhí nó ag síniú le haghaidh creidmheasanna ar feadh trí mhí.

Tá FÁS freagrach as bainistiú a dhéanamh ar an scéim, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Coimirce Sóisialaí. Má tá spéis agat leat iarratas a dhéanamh ar cheann de na hintéirneachtaí, seol ríomhphost chuig governtern-prg@fas.ie nó déan teagmháil le d'oifig FÁS áitiúil.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Íosghlao 1890 777 121.

Crosfhocal 15.07.2011



NODANNA

TRASNA

1 Duine a choinníonn miontuairiscí le linn cruinnithe (5)
4 Ar do dhroim, ar do leaba (5)
7 Oighear ag athrú go huisce (3)
8 Tonn mhór uisce, sunamí mar shampla (5)
9 Pádraig, Bríd, Colmcille mar shampla? (5)
11 Deacair, righin, mar cloch (4)
14 Iompar a thaispeánann láidreacht an duine in am tragóideach (5)
16 Píosa éadaí don ghruaig (5)
19 Gluais tríd uisce le do lámha agus cosa (5)
20 Gan a bheith tapa (4)
22 Eagraíocht a bhailíonn airgead ar son cúise (4)
24 Scéal ag dul timpeall nach bhfuil cinnte fós (5)
28 Scriosta ag tine (5)
29 An sagart i gceannas ar mhainistir (2)
30 Láthair thógála (6)
31 An áit a gcónaíonn Pádraig, Bríd, Colmcille ann, b'fhéidir (5)

SÍOS

1 Rás, gluais go gasta ar do chosa (4)
2 Lár an lae, 12.00 (4)
3 Faightear é seo in iasc, i bplandaí áirithe nó faoin talamh (3)
4 Capall baineann (4)
5 Áit, láthair (5)
6 Caith béile, nó bia (3)
10 Rud a choinníonn daoine mall (5)
12 Dochtúir, duine leighis (3)
13 Ansin, san áit sin (3)
15 Dreach, pictiúr, cruth (5)
17 Áit thíos gar don urlár (5)
18 Bia nach bhfuil ullmhaithe le hithe go fóill (3)
21 Déanamh tagairt de, ainm á rá mar shampla (3)
22 Déan gníomh mar chleachtadh go bhfeice tú an oibríonn sé (5)
23 Rud go gcaithfidh tú réiteach (5)
24 Tháinig triúr acu le cuairt a thabhairt ar Íosa de réir an Bhíobla (5)
25 An fíor phraghas gur chóir a bheith ar ábhar (5)
26 Náisiún agus stát, Éire, an Ghearmáin, an tSín srl (3)

Crosfhocal 08.07.2011

Buaiteoir na Seachtaine seo:
Seán Mac Mathúna,
Cill Chainnigh

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 20.07.2011 chuig:
Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

Branda LeBron James ag leathnú amach



LeBron James

Gráinne McElwain

DE réir cosúlachta, beidh trí choláiste i Meiriceá ag caitheamh éadaí spóirt LeBron James, an t-imreoir cispheile le Miami Heat, an séasúr seo chugainn mar gheall ar shocrú atá déanta le Nike urraíocht a dhéanamh ar fhoirne na bhfear sna coláistí.

Is iad Ollscoil Miami, Ollscoil Stáit Ohio agus Ollscoil Kentucky, de réir na dtuairiscí, na coláistí a mbeidh branda James le feiceáil orthu. Go dtí anuraidh, chaith James seacht mbliana ag imirt leis na Cleveland Cavaliers in Ohio agus d'fhág sé iad le dul ag imirt le Heat.

Seans maith go mbeidh raic faoi seo, go háirithe in Ollscoil Ohio mar seo an coláiste is rathúla sa stát agus tá siad uilig craiceáilte i ndiaidh na Cavaliers. Mar sin beidh sé spéisiúil a fheiceáil cén sórt fáilte a chuirfear roimh bhranda Lebron James ina stát dúchais. Seo rud mór do James agus é ag iarraidh a bhranda féin a chur chun cinn. Ach an féidir le Cleveland maithiúnas a thabhairt dó tar éis dó iad a thréigint? Neosfaidh an aimsir.

Foireann na hÉireann ainmnithe do Chraobh Shóisear na hEorpa

Gráinne McElwain

AINMNÍODH foireann láidir luthchleasaíochta le naonúr buachaillí agus seisear cailíní a bheas ag glacadh páirte i gComórtas Sóisear na hEorpa ar son na hÉireann in Tallinn san Eastóin ó 21ú go 24ú Iúil.

D'éirigh le foireann na hÉireann cáiliú do go leor de na himeachtaí, ina measc caitheamh an oird, cliathrás, siúlóidí agus rásanna 100m, 400m, 800m agus 1500m.

Tagann na lúthchleasaithe ó gach cearn den tír agus tá cruthaithe go maith ag lúthchleasaithe na tíre seo sa chomórtas san am a chuaigh thart. Bronnadh trí bhonn óir thar na blianta: Nick O'Brien sa rás 3,000m i 1985, Mark Carroll sa rás 5,000m i 1991, agus Colin Costello sa rás 1,500m in 2005.

Tá trí bhonn airgid buaite ag na hÉireannaigh chomh maith ag an leibhéal seo: bhuaigh John Treacy ceann díobh i 1975. Tá ceithre bhonn créumha againn chomh maith. Sin deich bonn ar fad go dtí seo ach tá muid uilig ag dúil le níos mó ó na lúthchleasaithe iontacha seo. Go n-éirí an t-ádh leo. Seo liosta de na luthchleasaíthe a bheas ag dul go Tallinn:

Ciara Mageean (Lios na gCearrbhach, 1500m), Mark English (Leitir Ceanainn, 800m), Meave Curley (Creachmhaoil, siúlóid 10K), Emma Prendiville (An Fearann Fuar / Maine Valley, siúlóid 10k), Joan Healy (Droichead na Bandan, 100m), Cara Kennedy (Port an Chalaidh, Caitheamh an Oird 55.00m), Liam Brady, (Harriers Thulach Mhór, 10,000m), Marco Pons (DMP, Teasc 53.00m), Killian Barry (Crusaders, Caitheamh an Oird 66.00m), Liam Markham (Inis, 1500m), Andrew Doyle (Uladh Láir, Caitheamh an Oird 66.00m), Dempsey McGuigan (Finn Valley, Caitheamh an Oird 66.00m), Dean Cronin (An Bhlarna / Inis Cara, 800m), Joanna Mills (An Baile Meánach /Aontroim, 400m) agus Thomas Barr (Port an Chalaidh, Cliathrás 400m).

Ciara Mageean as Contae an Dúin, a ghlac páirt i Rith 2010 ar son na Gaeilge anuraidh, a bheas ag déanamh ionadaíochta ar son na hÉireann san Eastóin ag deireadh na míosa.
GRIANGHRAF: BRENDAN MORAN / SPORTSFILE

Fadhb Drugaí i Meánscoileanna Rugbaí?

Gráinne McElwain

DEIR Neels Libel, an cóitseálaí fisiciúil leis na Springboks, go bhfuil fadhb drugaí sna meánscoileanna rugbaí is mó san Afraic Theas mar gheall ar an méid brú atá ar leaids óga cluichí a bhuachan ansin.

Ní hé seo an chéad uair go bhfuil caint déanta ar dhrugaí sna meánscoileanna sa tír sin mar mí ó shin, d'fhoilsigh an Institiúid Spóirt in aghaidh úsáid drugaí san Afraic Theas tuairisc agus an teachtaireacht láidir a bhí á maíomh acu sin ná gur tháinig méadú faoi dhó ar úsáid drugaí sa spórt idir mí Aibreáin 2010 agus mí Mhárta na bliana seo.

Mothaíonn Libel go bhfuil níos mó daoine óga ag tógáil stéaróideach le go dtiocfaidh athrú tapa ar an chorp ó thaobh na fisiciúlachta de. Mothaítear gur chóir níos mó béime a chur ar thaitneamh a bhaint as an spórt seachas a bheith ag smaoineamh ar thorthaí a ghnothú.

Ceapann Libel gur chóir go ndéanfaí maoirseacht ar na cóitseálaithe atá i gceannas ar leaids óga sna scoileanna agus gan cead a thabhairt meaisíní a úsáid nuair atá na leaids óg.

Corn Umbro na Gaillimhe

Gráinne McElwain

BEIDH 49 foireann ó chúig thír dhifriúla ag teacht go Gaillimh ag tús mhí Lúnasa chun páirt a ghlacadh i gCorn Umbro na Gaillimhe, comórtas bliantúil sacair atá ag dul ó neart go neart ó bunaíodh é seacht mbliana ó shin.

Beidh timpeall 1,100 duine, idir imreoirí agus cóitseálaithe ag teacht go Páirc Drom, páirc bhaile Salthill Devon FC, ar feadh ceithre lá ag tosnú ar 3ú Lúnasa agus imreofar 125 cluiche sa chomórtas. Seo deis iontach chun breathnú ar imreoirí óga maithe as an tír seo go háirithe, agus ní bheadh a fhios agat ach tá seans maith ann go mbeidh cuid de na himreoirí óga ag imirt go gairmiúil nó ar fhoireann na hÉireann amach anseo.

Beidh foirne ag teacht as Glasgow Celtic agus Aberdeen agus ní i bhfad ó shin a bhí Joe Shaughnessy, a ghlac páirt sa chomórtas seo in 2006 agus 2007, ag imirt le Salthill Devon. Is le Aberdeen atá Joe ag imirt anois.

Ní hamháin gur eachtra mór spóirt é Corn Umbro na Gaillimhe ach ceaptar gur fiú €2.2 milliún an comórtas don gheilleagar áitiúil. Tuilleadh eolais le fáil ar an chomórtas ag www.galwaycup.com.

Warner chun teacht ar ais?

DÚIRT an t-iar-LeasUachtarán ar FIFA, Jack Warner, i rith na seachtaine go bhfuil seans ann go bhfillfidh sé arís amach anseo ar shaol na peile mar go bhfuil gnó fós le críochnú aige. Is as oiléan na Tríonóide agus Tobága é Warner a d'éirigh as a phost i mí an Mheithimh mar gheall ar líomhaintí go raibh baint aige le breabanna. Shocraigh FIFA gan fiosrúchán a chur ar bun mar gheall ar na líomhaintí sin mar go raibh Warner tar éis a phost a fhágáil. Ach mhol FIFA go dtosnódh siad ar fhiosrúcháin dá ndéanfadh Warner cinneadh teacht ar ais ag obair i saol na peile arís. Luaigh Jack Warner leis an Trinidad Guardian "nach mbíonn tú in ann a rá go deo cad a tharlódh sa todhchaí".

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 15 Iúil, 2011

Ar an gclaí

John Allen

Iniúchtaí iomána fós ar bun

Eoin Cadogan, Corcaigh, in aicsean i gcoinne Joe Gantley, Gaillimh, i gCraobh na Iomána an deireadh seachtaine seo caite. GRIANGHRAF LE STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE

Ní fhacamar le fada an lá taispeántas foirne iomána chomh hiontach leis an gceann a chonaiceamar i bPáirc Uí Chaoimh Dé Domhnaigh seo caite. Bhí Tiobraid Árann dochreidte maith. Bhí gach rud a rinneadar thar na bearta.

Bhí an cluiche féin thart mar chomórtas taobh istigh de leathuair. Agus cad é mar cheacht a mhúineadar faoin modh díreach a úsáid. Is de thoradh liathróidí fada tapa, síorghluaiseacht na dtosaithe agus chéad smachtú iontach a scóráladar an seacht gcúl sin.

Bhí na saineolaithe ag caitheamh anuas ar chúlaithe an Chláir faoi chomh saonta a bhí siad gan, ar a laghad, cúlaí amháin a choimeád siar os comhair an chúl báire an t-am ar fad ach bhí cúlaithe na nDéise mar an gcéanna.

Tá a fhios agam gur sórt géilleadh atá ann imreoir a thógaint ar ais mar sweeper ach bhí an ceart ag Port Láirge é a dhéanamh (ar a laghad i ndiaidh an tríú cúl).

Thosnaigh an t-iniúchadh ag leatham Dé Domhnaigh seo caite agus tá sé fós ar siúl. Tá an milleán á chur ar lucht bainistíochta na nDéise ach chun bheith fírinneach, leis an bhfoirm sin, ní stopfadh Cill Chainnigh féin ar bharr a réime a leithéid de shlad.

Dé Sathairn seo caite, chuir an Ghaillimh deireadh le séasúr Chorcaí. Cé gur thosnaigh an fhoireann cois Laoi ar luas lasrach theip orthu cur leis agus diaidh ar ndiaidh chuir Gaillimh suas na scóranna agus chuadar go dtí an seomra feistis ag leatham cúig chúilín chun tosaigh.

Is ionann sin agus aon chúilín déag sa chéad tréimhse. Sa dara leath, taobh amuigh den chéad deich nóiméad, ní raibh ach foireann amháin sa chluiche.

Ach tá a lán fós le déanamh ag John McIntyre agus a fhoireann bainístíochta. Ní dóigh liom go bhfuil leagan amach na dtosaithe i gceart fós. Caithfidh Gantly, Kerins agus Tannian a bheith faoi bhrú nuair a bheidh an chéad fhoireann á piocadh. Tuilleadh faoi seo an tseachtain seo chugainn.

Ach cá dtéann Corcaigh anois? Níl corn sinsir buaite acu le cúig bliana anois. Níl craobh Éireann mionúr buaite acu le deich mbliana agus tá trí bliana déag caite ó bhuadar ceann faoi 21. Bunaithe ar thaispeántas an deireadh seachtaine beidh tamall ann sara mbuafaidh siad aon chraobh eile.

Tá daoine áirithe ag caint faoi dheireadh ré ag na leaids is sine ar an bhfoireann ach taobh amuigh de Ben O'Connor agus Dónal Óg Cusack, atá ar an bhfoireann ó bhí 1999 ann, agus, ar ndóigh, leathchúpla Ben, Jerry atá ag imirt le deich mbliana, níl aon imreoir eile fada isteach sna tríochaidí.

I mo thuairimse, tógfaidh sé cúpla bliain ar Chorcaigh teacht aníos chuig caighdeán Tipp agus Chill Chainnigh, sin má thugann siad faoi i gceart. Caithfidh siad bainisteoirí nua a phiocadh go hoscailte do na foirne contae ar fad. I gcás na bhfoirne mionúr agus faoi 21 piocann an bord (nó ba cheart dom a rá piocann coiste rúnda éigin) na bainisteoirí agus na roghnóirí. Caithfear cead a thabhairt do na bainisteoirí a roghnóirí féin a phiocadh. Ní dhéanann sé aon chiall domsa daoine a chaitheamh le chéile, agus uaireanta cuid díobh gan a bheith róchairdúil lena chéile. Conas a phiocfaidís painéal ceart agus teannas eatarthu?

Tá painéal forbartha faoi aois sa chontae anois. De réir mar a chloisim tá fíorbheagán airgid á chur isteach sna painéil.

Tá carn ollmhór airgid sa bhanc ag an mbord contae agus é ag feitheamh le cead pleanála chun staid seasca míle duine a fhorbairt i bPáirc Uí Chaoimh. I mo thuairim, níl staid chomh mór leis sin ag teastáil. Cinnte, caithfear a lán oibre a dhéanamh ar na suíocháin agus ar na seomraí feistis ach tá sé fíorthábhachtach go rachadh slám mór airgid isteach i ndul chun cinn na hiomána sna scoileanna agus sna clubanna.

Ach cá dtéann Corcaigh anois? Níl corn sinsir buaite acu le cúig bliana anois. Níl craobh Éireann mionúr buaite acu le deich mbliana agus tá trí bliana déag caite ó bhuadar ceann faoi 21. Bunaithe ar thaispeántas an deireadh seachtaine beidh tamall ann sara mbuafaidh siad aon chraobh eile.

Tógfaidh sé tamall ach má bhíonn deathoil ann ar gach taobh agus má bhíonn an bord contae mar cheannródaithe oscailte cuimsitheacha tá seans ann go mbeidh Corcaigh i bhfáinne na mbuaiteoirí arís roimh i bhfad.

Ag fanacht ag an iomáint, ba cheart go mbeadh an-choimhlint i nDúrlas Éile tráthnóna nuair a thiocfaidh iománaithe faoi 21 Chorcaí ar cuairt. Ar ndóigh, is iad an fhoireann bhaile curaí na hÉireann agus i ndiaidh bua iontach na foirne sinsir Dé Domhnaigh seo caite ní bheidh aon easpa muiníne orthu agus iad ag imirt sa bhaile.

Caithfidh go bhfuil Corcaigh in ísle brí i ndiaidh drochthaispéantas na foirne sinsir agus seo an seans deireanach ag aon fhoireann ón gcontae aon dul chun cinn a dhéanamh i mbliana.

Tá sé deacair a chreidiúint go bhfuil dhá chraobh cúige peile fós le n-imirt. Tá an méid sin béime ar bhabhtaí cáilithe le coicís anuas go ndéanfá dearmad go bhfuil dhá chraobh fós le réiteach.

I gConnachta tá na seaimpíní, Ros Comáin, sa bhaile i gcoinne Mhaigh Eo agus cé go gceapann na geallghlacadóirí go mbeidh an bua ag na cuairteoirí, ní bheidh mórán eatarthu. Tháinig Ros Comáin aniar aduaidh ar Shligeach anuraidh chun an chraobh cúige a bhuachaint.

I mbliana tá a fhios againn cén sórt peile a imríonn siad agus is dócha go mbeidh Maigh Eo ullamh dóibh.

In Ulaidh ní bheidh mórán eatarthu agus b'fhéidir go ndéanfadh Dún na nGall an beart an Domhnach seo.

Beir bua!

Deireadh seachtaine cinniúnach i gcraobh na peile


Ger Collins, Luimneach. PIC: Brian Lawless / SPORTSFILE

Gráinne McElwain

Dé Sathairn

Babhta 3 - Babhtaí Cáilithe Chraobh Peile na hÉireann

Luimneach v Port Láirge

Páirc na nGael @ 7.00i.n

Níor thug mórán daoine seans do Phort Láirge agus iad ag dul go Londain chun an lámh in uachtar a fháil orthu, ach b'shin a tharla le seacht gcúilín (1-17 in aghaidh 0-13). Mar sin beidh Port Láirge ag dul go Páirc na nGael lán le muinín mar gheall ar an taispeántas sin agus, ar ndóigh, an clúdach a fuair siad ar Sky Sports. Fuair Port Láirge an lámh in uachtar ar Luimneach i roinn 3 den tSraith níos luaithe i mbliana (2-8 in aghaidh 0-8) ach bhí bua compordach ag Luimneach ar Phort Láirge cúpla seachtain ó shin nuair a chas siad ar a chéile i gcluiche dúshláin. Bhí iontas ar go leor go bhfuair Luimneach an ceann is fearr ar Uíbh Fhailí an deireadh seachtaine seo caite (3-13 in aghaidh 0-15) ach beidh ar Phort Láirge a bheith cúramach faoi líne lántosach Luimní go háirithe a fuair 3-9 an lá sin. Ní féidir le Port Láirge ligint do Luimneach tús maith a bheith acu mar in aghaidh Uíbh Fhailí bhí siad taobh thiar tar éis 20 nóiméad, 2-4 in aghaidh 0-2. Tá imní faoin chúl báire Brian Scanlon (glúin) agus faoin chosantóir Mark O'Riordan (ruitín) agus ní bheidh na hiománaithe Stephen Lucey agus Mark O'Riordain ag imirt. Sílim go mbeidh go leor ag Luimneach chun buachaint ach ar éigean.

Bua: Luimneach

Aontroim v An Dún

Páirc Mhic Easmuinn @ 7.00i.n

BHÍ an t-ádh dearg ar Aontroim críochnú chun cinn ar chúilín amháin in aghaidh Cheatharlach an deireadh seachtaine seo caite ach deascéal do Aontroim ná go mbeidh cosantóir agus captaen na foirne Kevin O'Boyle ábalta imirt san oíche amárach. Ceapadh go raibh an ballnasc croiseach gortaithe aige ach ní raibh mar a tharlaíonn sé. Seans maith go bhfeicfidh muid Michael McCann ag imirt den chéad uair ó bhí deireadh mí an Mheithimh ann agus é ag teacht ar ais chuige féin ó ghortú do theannán na hioscaide. Cé go bhfuair an Dún an toradh ceart in aghaidh Liatroma ní raibh siad iontach. Bhí an-taispeántas ag Benny Coulter agus bheifeá ag súil go mbeadh an Dún ábalta é a ardú go leibhéal eile san oíche amárach.

Bua: An Dún

An Mhí v Cill Dara

Páirc Tailteann @ 7.00i.n
Beo ar RTÉ 2

Las Páirc Tailteann suas an deireadh seachtaine seo caite nuair a d'éirigh le Stephen Bray cúilín deireanach a aimsiú chun an bua a thabhairt don Mhí in aghaidh na Gaillimhe i mbabhta a dó de na babhtaí cáilithe ach ní bheadh an taispeántas sin maith go leor chun Cill Dara a bhualadh amárach. Chas an dá fhoireann seo ar a chéile i gCraobh Laighean agus chaill an Mhí an cluiche sin (0-16 in aghaidh 0-10) ach cuireadh cúl le Graham Geraghty ar ceal an lá sin agus fuair Brian Farrell cárta dearg. Bí cinnte mar sin go mbeidh fonn díoltais ar an Mhí agus go mbeidh cluiche crua fisiciúil againn. Is iad Cill Dara rogha na n-údar don chluiche seo, go háirithe tar éis an taispeántais a bhí acu in aghaidh Laoise Dé Sathairn seo caite nuair a bhuaigh siad iad 3-16 in aghaidh 0-10. D'aimsigh siad 1-13 sa dara leath. Is féidir leis an dá fhoireann seo go leor seansanna a chur amú: chuir an Mhí 14 dheis ar foraíol in aghaidh na Gaillimhe agus chuir Cill Dara 15 sheans amú in aghaidh Laoise. Ach tá móiminteam á chruthú ag Cill Dara faoi láthair agus déarfainn go mbeidh an lá leo.

Bua: Cill Dara


Stephen Bray, An Mhí. PIC: PAUL MOHAN / SPORTSFILE

Michael Murphy, Dún na nGall. PIC: OLIVER MCVEIGH / SPORTSFILE

Babhta 2- Babhta Cáilithe

Cill Mhantáin v Ard Mhacha

Eachroim @ 7.00i.n

Ní raibh Paddy O'Rourke sásta labhairt leis na meáin tar éis an chluiche a bhí in Morgan Athletic Grounds a chríochnaigh ar comhscór an tseachtain seo caite agus déarfainn go bhfuil sé féin agus imreoirí Ard Mhacha faoi bhrú. 0-19 in aghaidh 2-13 an scór deiridh sa chluiche seo tar éis am breise agus beidh slua damanta in Eachroim chun breathnú ar an chluiche seo. De réir na dtuairiscí beidh Mick O'Dwyer ag éirí as a phost mar bhainisteoir ar Chill Mhantáin cibé uair a chríochnóidh siad sa chraobh ach beidh ar Ard Mhacha a gcluiche a fheabhsú chun teacht amach as Eachroim le bua.

Bua: Ard Mhacha

De Domhnaigh

Cluiche Ceannais Peile Chonnacht

Ros Comáin v Maigh Eo

Páirc de hÍde @ 2.00i.n
Beo ar TV3

Níl aon athrú ar fhoireann Ros Comáin a bhuaigh an cluiche leathcheannais in aghaidh Liatroma cúpla seachtain ó shin. Ní sheasann ceachtar de na foirne seo amach i mbliana go dtí seo. Fuair Ros Comáin an lámh in uachtar ar Nua-Eabhrac agus Liatroim ach bhí an t-ádh ar Mhaigh Eo gur bhuaigh siad in aghaidh Londan agus bhuail siad foireann as Gaillimh nach raibh go maith i mbliana. Chas an dá fhoireann seo ar a chéile i gcluiche ceannais Chonnacht dhá bhliain ó shin nuair a bhuaigh Maigh Eo 3-18 in aghaidh 0-7 ach ní dóigh le haon duine go mbeidh sé chomh haontaobhach céanna an uair seo. Deacair a rá cé a thiocfas amach chun cinn ach is iad Maigh Eo rogha na n-údár (ar éigean) mar gur foireann as roinn a haon iad.

Bua: Maigh Eo

Cluiche Ceannais Peile Uladh

Doire v Dún na nGall

Cluain Eois @ 4.00i.n
Beo ar TV3

Seo an chéad uair ó bhí 1998 ann nach bhfuil Tír Eoghain nó Ard Mhacha i gCluiche Ceannais Uladh. Bhuaigh Doire Craobh Uladh an uair sin in aghaidh Dhún na nGall ach caithfidh Dún na nGall dul siar go 1992 nuair a chroch siad an corn Anglo Celt leo. Buille thar a bheith mór do Dhoire é nach bhfuil Eoin Bradley ag imirt anois mar gheall ar bhallnasc croiseach. Tá imní faoi Gerard O'Kane do Dhoire agus Rory Kavanagh agus Kevin Rafferty i lár na páirce do Dhún na nGall. Má tá Dún na nGall chun an cluiche seo a bhaint, ní leor dóibh feabhsú ó na cluichí eile atá imeartha acu, ach cuimhnigh gur bhuaigh siad na cluichí sin. Beidh sé deacair ag Doire an cluiche seo a bhuachan gan deartháireacha Bradley agus sílim gurb é sin an rud is mó a mbeidh tionchar aige ar an chluiche.

Bua: Dún na nGall

"Níl ann ach cluiche peile"

Gráinne McElwain

Peil: Doire v Dún na nGall, Cluiche Ceannais Uladh, Cluain Eois, Dé Domhnaigh, 16.00

"SA bhliain 1991, chaill muid in aghaidh an Dúin 1-15 in aghaidh 0-10 i gCluiche Ceannais Uladh. Is cuimhin liom go maith agus mé ag fágáil Cluain Eois ag smaoineamh gurbh é sin é, go raibh ár seans caillte againn. Ní bheidh deis againn Craobh na hÉireann a bhuachan anois," a deir Martin McHugh, duine de laochra móra peile Dhún na nGall.

B'é 1992 an bhliain dheireanach a bhuaigh Dún na nGall Craobh Uladh agus cé gur ghlac siad páirt sna cluichí ceannais in 1993, 1998, 2002, 2004 agus 2006 ní raibh an lá leo. "Bhí foirne maithe againn ach bhí mí-ádh orainn go háirithe le deich mbliana anuas go raibh muid in aghaidh foirne iontacha ó Ard Mhacha."

Sna nóchaidí b'iad an Dún, Doire agus Dún na nGall na foirne móra i gCúige Uladh. "Bhí muid tar éis a bheith i dtrí Chluiche Ceannais Uladh roimh 1992. Chaill muid in aghaidh Thír Eoghain tar éis athimeartha i 1989; bhuaigh muid in aghaidh Ard Mhacha i 1990 agus chaill muid an bhliain dar gcionn in aghaidh an Dúin. Ach i 1992 bhí neart taithí againn agus bhí muid níos sine agus mar sin níor chuir an ócáid isteach orainn.

"Ar nós gach lá roimh chluiche mór, d'éirigh mé ag a sé ar maidin agus chuaigh mé síos go dtí an pháirc áitiúil chun mo chuid ciceanna saora a chleachtadh ar feadh uair go leith. Ar ais liom ansin chun cith a thógáil, aifreann agus ansin thaistil mé go baile Dhún na nGall chun an bus a fháil go Cluain Eois. B'fhéidir go raibh greim bia againn in Óstán an Abbey: cupán tae, ceapairí agus milseog. Uaireanta d'ith muid i Muineachán ach ag féachaint siar air, ní dóigh liom go raibh muid ag ithe an bhia is fearr roimh chluichí ach ní raibh aon ní eile ar eolas againn ag an am."

"Bhí an bus ciúin agus bhí roinnt leaids ag imirt cartaí; daoine eile, bhí siad ina suí leo féin ach bhí Dónal Reid iontach chun a bheith ina chomhluadar mar bhíodh sé ag insint scéalta agus bhíodh an-chraic leis agus thaitin sé liom a bheith ag éisteacht leis. Bhí gach rud ciúin arís agus muid ag teacht gar do Chluain Eois. Bhí an trácht go dona ach ní raibh sé chomh gairmiúil sin ag an am sin agus bhí muid ar ár sáimhín só."

"Is cuimhin liom tús an chluiche sin in aghaidh Dhoire go bhfuair mé buille sa tsúil agus bhí súil dhubh agam ina dhiaidh. Chuir mé an cic saor thar an trasnán ach níor imir muid go maith sa chéad leath. Fuair John Cunningham cárta dearg roimh leatham agus bhí muid i bponc, 14 imreoir agus gan a bheith ag imirt go maith ach shocraigh muid teacht amach sa dara leath agus tabhairt faoi i gceart, céad faoin gcéad. D'imir muid an pheil is fearr sa 15 bhomaite dheireanacha agus muid ag coinneáil seilbh na liathróide agus ag rith i dtreo chosantóirí Dhoire.

"Nuair a shéid an réiteoir an fheadóg, faoiseamh an mothúchán is mó a bhí agam agus mé tuirseach traochta. Chaill mé amach ar cheiliúradh Chraobh Uladh i 1983 mar chlis ar mo scámhóg mar bhí sí pollta ach bhí mé ag dúil go mór leis an cheiliúradh an oíche sin in '92. Bhí iomaíocht mhaith agus coimhlintí maithe i gcónaí idir Dún na nGall agus Doire agus thaispeáin muid cé chomh maith a bhí muid an lá sin".

Bog ar aghaidh fiche bliain agus tá mac Martin, Mark ag imirt sna tosaithe ar an Domhnach i gCluiche Ceannais Uladh in aghaidh Dhoire. Níl Craobh Uladh buaite ag Doire ó bhí 1998 ann nuair a fuair siad an lámh in uachtar ar Dhún na nGall ach cén sórt seans atá ag na Conallaigh Dé Domhnaigh?

"Tá seans ag Dún na nGall ach caithfidh siad imirt i bhfad níos fearr ná mar atá imeartha acu go dtí seo. In aghaidh Aontroma, an Chabháin agus Thír Eoghain, níor scóráil Dún na nGall ach cúilín amháin sa chéad fiche bomaite agus, ní bheidh sé sin maith go leor an uair seo in aghaidh Dhoire, fiú má bhíonn Doire gan Eoin Bradley."

Ach cén sórt comhairle ar mhaith leis a chur ar a mhac Mark? "Rinne mé iarracht comhairle a chur air cheana ach dúirt sé liom go dtugann Jim McGuinness agus Rory (Gallagher, roghnóir na foirne) neart comhairle dó. B'fhéidir nach mbeadh mo chomhairle féin ceart anois. Ach tá súil agam go n-éireoidh go breá leis agus nach bhfaighfidh sé drochghortú. Níl ann ach cluiche peile ag deireadh an lae." Tá mé cinnte nach ndúirt Martin McHugh é sin in 1992.



Mark McHugh, mac le Martin, a bheas ag imirt i gCluiche Ceannais Uladh Dé Domhnaigh. GRIANGHRAF LE BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE